

Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo.

- Seirbhís ATM ar fáil
- Seirbhís Malartú Airgid (FEXCO)
- Córas billí a íoc
- Ráta iomaíoch úis ar iasachtaí bíodh siad beag nó mór
- Gan costas ná táille á ghearradh ar na seirbhísí
- Rátaí tarraingteacha ar do choigilteas
- Clúdach árachais saoil saor in aisce ar d'iasachtaí
- Is leis na baill féin an Comhar Creidmheasa
- **Ráta speisialta 6.5% ar iasacht carranna**

Ag soláthar seirbhísí airgeadais don phobal

Tar isteach agus labhair linn ag aon am, beidh fáilte romhat.

Bíonn muid ar oscailt ar na laethanta seo a leanas

	Oifig an Chnoic	An Cheathrú Rua
Dé Luain	10.30 – 4.00	
Dé Máirt	10.30 – 4.00	
Déardaoin	10.30 – 5.00	*10.30 - 5.00
Dé hAoine	10.30 – 5.00	*10.30 - 5.00
Dé Sathairn	9.30 – 2.30	

Bíonn an oifig dúnta i gcomhair lóin óna 2.00 i.n. - 2.30 i.n. ó Luan go hAoine.

* Lón ón 2.00 i.n.-2.45 i.n. in oifig na Ceathrún Rua


Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine.



Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo., An Cnoc, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
Teil: (091) 593421. Faics: (091) 593089. Ríomhphost: ccccteo@eircom.net
Teil: (091) 869915 – oifig na Ceathrún Rua

Biseach 2008

Comóradh Céid



Iris Chumann Forbartha Chois Fharraige

€6.00

A black and white photograph of two men in a pub. The man on the left, wearing a flat cap and a dark jacket, is smoking a pipe and holding a glass of beer. The man on the right, also wearing a flat cap, is smiling and holding a glass of beer. In the background, there is a large clock and two beer taps on the bar.

TG4
Súil Eile
www.tg4.ie



Cultúr

Ag obair ar son phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge

Na Forbacha Co. na Gaillimhe Teil: (091) 503100 Facs: (091) 503101	Baile Mhic Ire, Maigh Chrommha, Co. Chorcaí Teil: (026) 45366 Facs: (026) 45423	Páirc Ghnó Ghaath Dobhair Doirl Roca Co. Dhún na nGall Teil: (074) 9560100 Facs: (074) 9560101	Páirc Ghnó an Daingin An Uamgan, Co. Chiarraí Teil: (066) 9150100 Facs: (066) 9150101
--	---	--	---

Aislann Bhéal an Mhuirthead,
Béal an Mhuirthead,
Co. Mhaigh Eo
Teil: (087) 81418
Facs: (087) 82179

eolas@udaras.ie www.udaras.ie



Údarás na Gaeltachta



CLPRINT
Clódóirí Lurgan

I gcóir tuilleadh eolais / For more information
or quotations call us at
091 593251 / 593157
or fax us at 091 593159.
email: clodoiri@eircom.net

Biseach

Cumann Forbartha Chois Fharraige

2008

Focal ón gCathaoirleach

Biseach 2008 – cé bheadh ag caint ar bhiseach agus na ciorraithe uilig atá geallta a deir tú? Bhuel tá mé sásta a rá nach bhfuil aon chiorrú déanta ar an bhfiúntas, ar an méid ná ar éagsúlacht an ábhair atá i mBiseach na bliana seo, seachas an méid atá le rá agam féin – níl aon athrú ar mo phort ó anuraidh: **“Ta fáilte roimh bhaill nua ar an gCumann Forbartha/Coiste Ghlór na nGael”.**

Beidh muid ag fógairt an chruinnithe cinnbhliana go luath, mar sin bígí ag faire amach dó nó téigh i teagmháil liom féin má tá suim agat in obair an choiste.


Níl dearmad déanta ar an gComórtas Seo Árdán Idir Bhailte ach an oiread. Mar sin, bíodh sibh ag cleachtadh corr-steip agus amhrán, agus sibhse a bhfuil feith na scríbhneoireachta ionaibh – is é téama an tseó ná **“Cois Fharraige 2050”**, ag glacadh leis go mbeidh an Ghaeilge fós i réim faoin am sin, agus ní bheadh ‘fhios agat cén staid ina mbeadh na stocmhargaí ag an am sin ach oiread.

Tá buíochas ag dul do chuile dhuine a thug ábhar nó cúnamh dúinn chun an t-eagrán seo a chur i

gcrích ach, leisce an dearmaid, níl mé ag ainmniú aon duine ar leith, ach míle buíochas do chuile dhuine agaibh agus go mba fada buan sibh.

Tá súil agam go mbainfidh tú taitneamh as an eagrán seo, agus guím Nollaig mhór mhaith agus bliain nua faoi mhaise ort féin agus ar mhuintir an cheantair ar fad, sa mbaile agus i gcéin.

Seán Ó Ráighne
(Cathaoirleach)



Clúdach tosaigh: Joe Shéamaís Sheáin, ar chlé, a rugadh i 1908 agus Mícheál Breathnach, ar dheis, a bhásaigh i 1908 – beirt a d’fhág rian a láimhe ar an gceantar. Suaimhneas síorraí dóibh.

AN CLÁR

ÁBHAR	LCH.
Maidhc Mhicil Teada	3
Céad Chomaoineach	15
Cóineartú	17
Nádúr agus Mí-Nádúir an Chultúir	19
An tOireachtas	23
Comhar Creidmheasa	24
Scoil Sailearna	25
Coláiste Cholm Cille	26
10 mBliana i Hortlova	29
Cuileáil Chois Fharraige	30
An Club Óige	31
An tIonad Tacaíochta Teaghlaigh	32
Tearmann Éanna	35
Filí Bhaile na mBroghach	37
Plean Forbartha	46
Scoil na Tulaí	47
Cumann Mhícheál Breathnach	49
Na Seanleaid	51
Camógaíocht	52
Iománaíocht	55
Coiste nÓg	57
Liathróid Láimhe	58
Sa mBunscoil	61
Cuimhní Oíche Shamhna	64
Breith, Pósadh agus Bás	64
Seanphictiúir	18, 63

Tráth dá raibh i Londain ...



Mícheál ar dheis agus comrádaí leis, iad gléasta go fíorghálanta agus iad ag léamh an *Chlaidhimh Solais* in éineacht le cara eile nach raibh mórán spéise aige i gcúrsaí nuachta de réir cosúlachta!

maídhc mhicil teada

Ruaidhri Ó Tuairisg

Siad muintir mo bhaile féin, baile fearainn an Locháin Bhig, a chuala mé ag trácht ar Mhaidhc Mhicil Teada, nó Mícheál Breathnach, an chéad uair. Go deimhin ní iontas an-mhór é sin mar rugadh Mícheál ar an Lochán Beag. Rud eile a bhí spéisiúil domsa gurbh é Pádhraig Ruadaí, mo shean-athair, an “Pádhraig” atá luaite ag Mícheál ina scéal “Seilg na Meán Oíche.”⁽¹⁾

Mar a dúirt mé, rugadh Mícheál Breathnach as an Lochán Beag, tuairim sé mhíle dhéag as Gaillimh, siar bóthar Chois Fharraige ar an 16ú lá de Mhéan Fómhair, 1881. Micil Teada a tugadh ar a athair agus Saile Ní Fhinneadha ar a mháthair. B’as an gceantar seo an bheirt acu. Chaith Micil Teada tamall i Meiriceá ach is sa mbaile a phós sé. Ag plé le cladach agus garraí a chaith sé a shaol, cosúil le chuile dhuine eile sa gceantar. Bhí ceathrar dearthár ag Mícheál – Peaits, Seán, Cóil, Joe agus ceathrar deirfiúr – Saile, Máire, Bríd agus Nóra.

Chuaigh Mícheál ag Scoil Náisiúnta an Chnoic, Scoil Sailearna, chaith sé cúig bhliana déag sa scoil seo, na cúig bhliana deireanacha mar “Monitor” nó múinteoir cúnta. I scrúdú a rinne sé le haghaidh na múinteoireachta fuair sé 98% de na marcanna.

Nuair a bhí sé ag obair mar “Monitor” chuir sé fios ar leabhra éigin go Bleá Cliath. Nuair a tháinig siad ar ais bhí páipéar timpeall orthu ar a raibh teanga aisteach mar a cheap Mícheál. Cuir sé ceist ar an múinteoir, Mícheál Ó Maicín, ar Gearmáinis, Gréigis nó Arabais í an teanga sin. Dúirt Ó Maicín gur Ghaeilge í. D’fhoghlaim Mícheál go díograiseach lena scríobh agus a léamh.

Trí bliana ina dhiaidh sin, ar an 29ú lá d’Iúil, 1901⁽²⁾ chuir sé isteach ar phost mar Rúnaí i gConradh na Gaeilge i Londain. Ar an 29ú lá de Mhéan Fómhair 1901 d’imigh sé, mar a thug sé féin níos deireanaí air, go “Cathair an Cheo”. I Londain bhí sé ag obair ag an gConradh ar feadh an lae. Bhíodh sé ag múineadh Gaeilge san oíche. Chomh maith leis sin feicimid ó thuairiscí as Londain ar an gClaidheamh Solais go mbíodh sé ag glacadh páirt i ndrámaí, i gcoirmeacha ceoil, agus ag tabhairt léachtanna ar fud na cathrach. Deir Liam P O’Riain⁽³⁾ linn gur múinteoir, seanchaí, drámadóir, amhránaí, scéalaí, aithriseoir agus óráidí ab ea Mícheál Breathnach.

Tar éis an méid sin ar fad a bheith déanta aige bhíodh sé ina shuí go dtí an trí agus an ceathair ar maidin ag scríobh “Stair na hÉireann”.⁽⁴⁾ Sa mbliain 1905 fuair sé drochbhabhta fliú. Ceapadh nach mairfeadh sé. Mhol na dochtúirí dó é a thógáil go réidh agus seal a chaitheamh ag Bournemouth – “Cois Fharraige Shasana” mar a thug sé féin air.

An samhradh sin, bunaíodh Coláiste Chonnacht i dTuar Mhic Éadaigh agus toghadh Mícheál ina Ard-

ollamh. Bhí Fraincis, Gearmáinis, Laidin agus beagán Rúisise ar eolas aige faoi seo. Chaith sé trí mhí sa mBeilg, sa bhFrainc agus sa nGearmáin ag déanamh staidéir ar mhodh múinte dhátheangachas.

Chaith sé tamall san Eilbhéis i rith an Gheimhridh 1905/06 mar gheall ar a shláinte.⁽⁵⁾ Ansin a chríochnaigh sé an t-aistriúchán ar *Cnoc na nGabha*.⁽⁶⁾ Sa mbliain 1906 fuair Mícheál post mar mhúinteoir Gaeilge í gColáiste Iarfhiltha i dTuaim ach chlis a shláinte arís air agus thug sé an Eilbhéis air féin in athuair. Tar éis sé mhí a chaitheamh ansin tháinig sé ar ais go Coláiste Chonnacht. Is cosúil go raibh ‘fhios aige nach mairfeadh sé i bhfad eile. Lá amháin ag bádóireacht lena chara Tomás Mac Domhnaill ar Loch Measc bhí Tomás ag caint faoi lá bainise an Bhreathnaigh. Dúirt Mícheál “Ní sheinnfear aon cheol pósta dhomsa go deo – ach ceol caointe mo bháis”.⁽⁷⁾ Chum agus chas Tomás ceol a bháis do Mhícheál ar an bpíob mhór ar Loch Measca an lá sin. Is mar seo a bhí sé:



An lá céanna dúirt Mícheál, “Thoghas féin m’uaigh tá dhá bhliain ó shin. Tá sí faoi thaitneamh na gréine ó dheas, ar ardán álainn sa gCnoc, ar taobh na farraige. Is aoiabhinn liom bheith sínte in aice na trá, an áit a mbead ag éisteacht go Lá an Luain le olagón na dtonn agus caoincheol brónach na mara”.

I mí Deireadh Fómhair 1908, d'fhág sé slán ag a mhuintir agus chuaigh sé go ospidéal i gCros an Araldaigh i mBaile Átha Cliath agus ar an 28ú lá den mhí sin, fuair an eitinn an ceann is fearr air.

Ina uacht ag Seán Mac Einrí⁽⁸⁾ dúirt Mícheál, "Táim lán tsásta le toil Dé ag imeacht as an saol seo dom, agus mo sheirbhís a bheith tugtha ar son na nithe a ghrádhagh mo chroí. Fágaim mo bheannacht ag Conradh na Gaeilge agus ag Coláiste Chonnacht, agus guím gach séan agus gach sonas orthu. Sí mo ghuí dheireanach Dia ag cur sean-Éireann ar bhealach a leasa agus a saoirse".

Ba é Mícheál Breathnach an chéad duine a cuireadh i Reilig an Chnoic, "san gcoirnéal thoir-theas de," mar a deir an file áitiúil Joe Shéamais Sheáin⁽⁹⁾ Ba é Mícheál Soirtéal a rinne an chrois atá ar a uaigh.

Mar Dhuine

In alt ar *The Irish Peasant*⁽¹⁰⁾ tá an méid seo ráite: "..... *Passing through Lochán Beag, near Spiddal, he (Tomás Ó Coinceanainn) met a genial, bright-faced boy, Whom he saluted of course in Irish. The boy answered in a trill of Irish that charmed the heart of Tomás. There was a rare seanchus between the twain on the old roadside. No, the boy had not heard of the Gaelic League and it struck him as curious that there was any need for a society to preserve Irish.....*".

Is dóigh gurbh é seo an chéad uair a casadh aon duine de lucht na hathbheochana ar Mhícheál Breathnach. Chuile áit a bhfuil cur síos ar a phearsantacht baintear úsáid as focla mar "genial", "croíúil", "gealgháireach". Deir Tomás Mac Domhnaill faoi⁽¹¹⁾: "Ba léir dom a éadan uasal, éirimeach agus a shúile donna, gradhmhara faoi mheangadh gáire an bhun-charthannais.....". Deir Tomás freisin go raibh "tréithe míne uaisle ag baint leis i gcónaí thar bhuachaillí óga eile dhá leithéid".

Bhí tóir aige i gcónaí ar an léann. Dúirt seanbhean liom atá básaithe anois, Bid Bheartla Uí Chualáin, go bhfaca sí é ag léamh an pháipéir go minic do sheanóirí na háite. Is cosúil go mbíodh sé ag siúl cois na farraige go minic ag léamh. Molann sé an léitheoireacht go minic agus in áit eile – *An Connachtach*⁽¹²⁾ – deir sé linn muid féin a chosaint leis an gClaidheamh (*An Claidheamh Solais*).

Bhí an-tóir aige ar an seanchas agus ar an bhFiannaíocht. Tá go leor tagairtí dóibh seo ina chuid scríbhinní. San alt a lua mé cheana ar *The Irish Peasant*, tá an méid seo: "He described the nights and the gala gatherings with such glow and raciness that Tomas began to think that Fionn and Oisín and all the Fianna were still living in Cois Fharraige".

Níl mórán ar eolas againn anois faoi óige Mhíchíl Bhreathnaigh mura ndéarfadh tú liom gur óige ar fad a bhí aige. Insíonn Mícheál dúinn in alt in *Irisleabhar na Gaeilge*⁽¹³⁾ faoin gcéad lá ar mealladh é ón scoil. Fiú amháin an uair sin, shílfeá nach mórán fonn a bhí air fanacht ón scoil cé nach raibh sé ach seacht nó ocht de bhlianta ach chuir na buachaillí eile faoi ndeara dó imeacht leo.

I litir a scríobh sé chuig an gClaidheamh Solais ar an 21ú Meán Fómhair, 1901, deir sé go bhfuil sé ag léamh

Gaeilge anois le trí mhí agus go bhfuil beirt eile as an mbaile a léann *An Claidheamh* in éineacht leis chuile Shatharn. Bhain sé duais amach in Oireachtas na bliana 1903 le píosa *Cuan na Mara agus a Mhuintir*⁽¹⁴⁾. Labhraíonn sé anseo arís ar na hoícheanta taithneamhacha áirneáin a bhíodh acu i gCois Fharraige.

Bhí grá an-mhór aige d'Éirinn agus don Ghaeilge. Tá sé seo le feiceáil i chuile rud a dúirt sé agus a scríobh sé, fiú amháin ina uacht atá luaite cheana agam. Anois i laethanta na ciniciúlachta seo atá againn déarfadh tú go ndeachaigh sé rófhada ag caint ar *Oilean na Naomh agus na nOllamh*, "talamh ghlas ársa na hÉireann", "teanga Bhríde agus Naomh Pádraig", "an teanga bhinn mhilis" agus go leor rudaí eile mar seo. Ach i dtús an chéid seo, nuair a bhí Conradh na Gaeilge sa gliabhán fós ní dóigh liom go raibh an blas céanna ar na leaganacha cainte sin.

Agus é ag tabhairt óráide uaidh⁽¹⁵⁾ i dTuar Mhic Éadaigh sa mbliain 1905, dúirt Mícheál ".....Deirimise gurbh í teanga tíre an cosantóir is láidre, is éifeachtaigh agus is treise in aghaidh an námhad. Gan a teanga féin ní féidir le tír croí slán folláin a bheith aici, ná croí glan gléigeal ach an oiread. Agus an tír a bhfuil a croí fabhtach, tá an bás i ndán di de bhuíochas den tsaoil agus tá sí i ngar d'á bheith i ndeireadh na déithe. An tír atá gan a teanga ar leith féin - an tír 'na bhfuil teanga an chreachadóra agus an scriosadóra fá mheas agus a seanteanga féin fá dí-mheas agus fá chois - Dia go bhfóire Sé uirthi....."⁽¹⁶⁾

I litreacha a scríobh sé as Londain cosúil le ceann chuig an gClaidheamh Solais, tá a chroí ag pléascadh le ríméad faoin méid daoine atá ag foghlaim na Gaeilge. In altanna a scríobh sé ar *An Connachtach*, tá a ghrá tíre le feiceáil go soiléir. Tá sé le feiceáil sna haltanna a scríobh sé ag an gClaidheamh Solais as Londain, ag cur síos ar rudaí mar cheist na Talún.⁽¹⁷⁾ Tá sé le feiceáil i bpíosaí filíochta a scríobh sé, cosúil le:

Éire agus a Cuid Deoraithe⁽¹⁸⁾ agus *Dá mbeinn im' Fhile*⁽¹⁹⁾.

Ina chuid scríbhinní tá tagairt déanta do rudaí eile seachas tír agus teanga. Labhraíonn sé ar thionsclaíocht, ar fheilméireacht, ar oideachas, ar imirce, ar an óige, ar Chreideamh, ar mhúinteoireacht, ar pholaitíocht, ar litríocht, ar an ól agus ar ábhair eile.

Bhí an-mheas air mar mhúinteoir agus mar Ard-ollamh nuair a bhí sé i dTuar Mhic Éadaigh. Bhronn a chuid scoláirí uaireadóir óir mar bhronntanas air. Ba é an chéad mhúinteoir é in Éirinn a bhain úsáid as modh múinteoireachta "*Les formes Articales*" as an mBeilg. Sraith pictiúir a bhí anseo.

Ag scríobh faoi Mhíchéal, dúirt Elizabeth Devine⁽²⁰⁾ in alt, *The Connacht Irish College*: "Their leader is a second Emmett with Emmett's fiery zeal and none of Emmett's rashness ... Mícheál with his old boyish enthusiasm and bright personality but with a strangely attenuated frame, hollow cheeks, and eyes unnaturally brilliant."

Bhí Tuar Mhic Éadaigh cosúil le "residential university": "Here we have Newman's idea of a University carried out on a broader and more natural basis than he ever dreamed of. Here we realise that books are merely an artificial and second hand object of study and that the proper study of mankind is man".

In alt ar *The Irish Peasant*⁽²¹⁾ deirtear, “Mícheál is full of the freshness, the romance, the dreams, and the blitheness of the Gael. He makes Irish teaching almost as interesting as poetry. He is master of as many tales and poems as an ancient seanchaí. He writes as easily as a river runs to the sea. And he has all the charm of the unspoiled Gael”.

Timpeall an ama seo (1905), scríobhadh altanna faoi Mhícheál sna páipéir nuachta mar an *Western People*, “Ní fhéadfaí a shárú de ollamh a fháil ... Sé Goldsmith na Gaeilge é.” Dúirt an *Sligo Champion* nach é amháin go raibh a chuid múinteoireacht go hálainn, ach go raibh a bhéasa agus a phearsantacht thar aon áireamh agus go raibh draíocht faoi leith ann”.

Dúirt Liam Gaelach Ó Domhnaill sa *gClaidheamh Solais* gur dhúirt scoláire de chuid Mhíchil go raibh grá acu go léir dó, go raibh bealach dá chuid féin aige agus go raibh draíocht ins an gcaoi a múineann sé Gaeilge.

Agus dúirt scoláire eile leis san *Western People*: “Tá Mícheál Breathnach dár dteagasc, agus mo chreach, sé an múinteoir é. Tá sé lách geanúil agus é lán toiltineach ar a dhícheall a dhéanamh sa gcúis. Deirim nach féidir múinteoir níos deise ná é d’fháil, agus is ábhar só agus misní do fhear ar bith atá ag foghlaim na Gaeilge a bheith faoi na stiúradh”.

Nuair a thagadh sé abhaile ar saoire bhíodh Mícheál ag caint leis na páistí ag geata na scoile. Bhíodh a shuíl dírithe ar rudáí a bhíodh ag tarlú sa mbaile (nó nach raibh ag tarlú) mar atá léirithe sna línte seo faoi chomharsa béal dorais leis nach raibh aon mhuirín air:

“Mac an Rí, a chlis san oíche
‘S an Caolach, fear na paghe”

agus arís ag scríobh píosa faoi chnap mór feamainne
“An Buimiléad” a bhí ag imeacht ar bharr na farraige
“Sé Séamus Beag, an fireannach is fearr atá san áit seo,

Chaith sé Ard na Fearsaide mar chaithfeadh capall rása”

Bhí Mícheál an-nádúrtha í gcónaí agus bhí an-ghean ag muintir na háite air cé nach mba “gnáthdhuine” anois é cosúil leo féin. Dúirt an scoláire cáiliúil Julius Pokorny⁽²²⁾ i litir chuig an Dr. Mac Einrí tamall gearr tar éis bháis Mhíchil: “He was the true prototype of an Irish Gael, with his winning personality, his great hospitable mind, and his ardent most unselfish love for his native land and native tongue.”

Agus níos faide síos “... because it was his lips that taught me the first words of the modern language, because to him I owe what I know of Irish sounds and idioms and as I have made the study of Celtic the aim of my life, I can never forget him.”

Cuireadh ocht gcaoineadh ar a laghad i gcló tar éis a bháis. Tá cuid acu le fáil sa *gClaidheamh Solais* – *A Rí na nGrásta nach cráite an scéal dúinn*,⁽²³⁾ le Pilib Ua Ualdrain. Is dubhach an saoghal ‘gainn⁽²⁴⁾ le Brian na Banban. Scríobh Joe Shéamais Sheáin Mac Donnchadha as Cois Fharraige, Nuair a shiúilimse isteach i reilig Chois Fharraige.⁽²⁵⁾

Scríobh an tAth. Padhraig Ó Duinnín dán *Caoineadh do Mhícheál Breathnach*⁽²⁶⁾ agus is é seo an dán is suimiúla mar tá foirm *Chaoineadh Airt Uí Laoghaire* air.


“Mo ghrá is mo chara thú,
Is ba mór an mhaire thú
Ag teacht abhaile chugainn,
Anall thar farraige.
Is do Ghaeilge bhlasta agat,
Gan cáim gan camachlis,
Ar bharr do theangan tiugh,
Cé gur luaith do leagadh thú,
Is do buaineadh tathac neirt
Is siúl is seasamh díot
A mhuirín m’anma.....”

Tá céad dó dhéag líne sa bpíosa.

Ag tús an chéid seo bhí tuairim fiche cúig teach idir Bóithrín Bharr an Chlaí agus Bóithrín na mBeairics. Níl aon duine ina chónaí i dteach ansin inniu. Tá leacht tógtha ar láthair an tí anois. (*Féach léaráid ag deireadh an tráchtais, lch. 12.*)

A Shaothar

Bhí galar uafásach ar Ghaeil ag tús an chéid seo, a bheith ag scríobh faoi ainmneacha cleite agus faraor géar bhí an galar seo ag baint le Mícheál freisin. Tá sé an-deacair a dhéanamh amach céard a scríobh daoine áirithe go háithrid nuair a bhí cúpla ainm cleite acu mar a bhí ag Mícheál. Is é “Cois Fharraige” an ceann is coitianta a d’úsáid sé ach bhain sé úsáid as ainmneacha cosúil le “An Matal”, “An Sruthán Buí”, “Tulach a’ Leathair”, “Bun an tSrutha”, “Inistíomáineach”, agus b’fhéidir níos mó. Cuid acu seo cosúil le “Tulach a’ Leathair”, “An Sruthán Buí”, “Bun an tSrutha” ní dóigh go mbeadh



‘fhios anois ag mórán cé a bhain úsáid astu ach amháin ag duine a mbeadh an-eolas ar cheantar an Locháin Bhig aige.

Deir daoine nár scríobh Mícheál Breathnach an oiread sin agus is fíor sin ar bhealach amháin, ach nuair a smaoiníonn tú nár thosaigh sé ag scríobh go dtí go raibh sé tuairim bliain is fiche d’aois agus go bhfuair sé bás agus gan é ach seacht mbliana fichead is mór an méid a rinne sé.

Stair na hÉireann⁽²⁷⁾

Scríobh Mícheál an leabhar seo nuair a bhí sé i Londain. Deir go leor daoine gurbh é a chriog é ar dtús. Bhíodh lá agus oíche oibre déanta aige agus é dá scríobh. Tá trí chuid sa leabhar agus tá foclóir leis. Tá cur síos i gcuid 1 ó thús aimsire go teacht na Normannach. Tá leaganacha mar “deir an tseanchais”, agus “deirtear linn” go minic aige. Níl aon trácht ar na foinsí staire a bhí aige cé is móide de “Foras Feasa ar Éirinn”. Ní dócha go mbeadh staraithe an-sásta leis an modh seo inniu. Ach séard a bhí faoi Mícheál a dhéanamh, inseacht scéalaíochtúil a thabhairt ar scéal na hÉireann.

Ag caint faoi Chlanna Mílidh, deir sé “Ghluais leo ón Spáinn i ndeich gcinn fhichead de longaibh”. Faoi bhFiannaíocht, “Tá daoine ag rá gur scéalta iad ar fad ach ní dóigh sin. Molaim do gach Gaeilgeoir óg iad a léamh”. Faoi na Lochlannaigh deir sé gur easpa aontachta a chaill an lá go minic do na Gaeil “Faraor sin é a chreach iad go minic ó shin freisin”. Nó mar a deir Aodhagán Ó Rathaille ina dhán *Créachta Chrích Fódla*, “Gan ceangal le chéile ach réabadh rinn-scórnach do tharraing ar Éirinn fraoch an Rí chomhachtaigh”.

Tá suim Mhíchil san scéalaíocht le feiceáil nuair a chuireann sé síos ar eachtraí cosúil le Cath Chluain Tarbh. “Ach dá laige é (Murchadha) beireann leis an gciotóg ar an Lochlannach agus tugann chun talún é”. “Bhí Cath Chluain Tarbh ar cheann de na cathaibh ab uafásaigh a tugadh ariamh”. Agus an nóta beag gleoite seo faoi na Normannaigh: “Ní raibh an luasgán lathaigh le fáil sa tír go dtí tuairim na haimsire ar thosaigh an Normannach ag iarraidh Éire a bhaint amach”.

I gcuid 11, amach go Teitheadh na nIarlaí tá mórán den leagan amach céanna: “An gleacaí Mac Murchadha”, “an brathadóir Mac Murchadha, agus deirtear gur uafásach an bás a fuair sé”. Tá leaganacha tíorúla Chois Fharraige aige mar atá nuair a labhraíonn sé ar “De Mapas”, an fear a mharaigh Edward Bruce: “Níor fágadh deor ann féin”. Arís tá láithreach na scéalaíochta aige go minic “beireann sé (Tomás an tSíoda) ar a chlaideamh agus caitheann ar an mbord é”. Bhí an-mheas ag Mícheál ar Sheán an Díomais ach ní raibh sé gan locht: “Ba bheag a shuim i gcuing an phósta agus ba bheag aige a briseadh. D’fhág sin smál ar a ainm nach scarfaidh leis”.

I gcuid 111, anuas go Conradh na Gaeilge, tá na lochtanna is mó ó thaobh scríobh na staire de. Tá tréimhsí fada sh. 1615 - 1649 agus ó 1652 - 1685 gan tada ráite fúthu. Ach ina leaba sin tá píosaí móra ag cur síos ar chathanna - An Bhóinn, Luimneach, Baile an Fhaoitigh. Ní raibh i gCromail ach “dearg bhithiúnach”. Bhí drochmheas aige ar Pharlaimint Ghrattan. “Bhí go leor Sasanach ann, níos measa b’fhéidir ná na Seoiníní

atá ar an saol anois”. Ní raibh sé an-sásta le Ó Conaill ach an oiread mar gheall ar an nGaeilge. Ag críochnú suas dó, tugann sé an-mholadh ar fad do Chonradh na Gaeilge.

Is dóigh gurbh é seo an chéad leabhar staire a scríobhadh i nGaeilge go bhféadfadh páistí scoile é a úsáid agus is dóigh liom go mbeadh sé suimiúil soléite dóibh. Ní féidir a rá anois ar ndóigh gur obair oibiachtúil í. Tá dearcadh Mhíchil ar fad le feiceáil sa leabhar. Tá an leabhar suimiúil freisin mar go bhfuil Gaeilge Chois Fharraige le fáil inti.

Cnoc na nGabha⁽²⁸⁾

Bhí an-mheas ag Mícheál Breathnach ar Charles Kickham. Ina réamhrá ag Mícheál sa leabhar *Cnoc na nGabha* ar aistriú é ar *Knocknagow or The Homes of Tipperary* le Charles Kickham⁽²⁹⁾ deir sé: “Go ndéana Dia trócaire ar d’anam, a Chathail Cicham. Ghradhaigh tú do thír dhúchais ó dhoimhneacht do chroí.” In áit eile sa réamhrá, deir sé go raibh “an-eolas agat ar do mhuintir agus grá...” agus ba “fear deamhóideach agus togha Caitlicigh” é Charles.

Ach ina dhiaidh sin agus uile ní spóirt ar bith tabhairt faoi leabhar ina bhfuil 602 leathanach agus gan aon leabhar eile aistrithe agat roimhe sin. Ach mar a deir Mícheál, “ba mhaith liom é a dhéanamh mar thaithnigh an scéal liom. Níl aon scéal eile is feiliúnaigh ann le Gaeilge a chur air. Bhí fonn orm freisin mar gheall ar an té a scríobh é”.

Cén saghas aistriú a bhí i gceist ag Mícheál. Deir sé san réamhrá, “Ba mhaith liom é a bheith cosúil le scéal Gaeilge as an nua, agus craiceann agus snas na Gaeilge a bheith air”. Deir sé freisin, “Níor leanas ródhlúth an Béarla”.

Maidir leis an méid seo thuas luaite is fíor gur éirigh leis go han-mhaith sa méid a chur sé roimhe. Ach leanann sé an scéal go han-dhlúth ar feadh tamaill suas go dtí tuairim Caibidil XIV. Fiú amháin is mar a chéile na haltanna i mBéarla agus i nGaeilge. Fanann sé an-ghar ar fad don leagan Béarla i dtús an leabhair ach ina dhiaidh sin féin níl Béarlachas ar bith le feiceáil.

“I’ll bring you to hunt the wren”

“Siúil uait in éindigh liom ag fiach an dreoilín”.

“The peasant’s name was Donovan”

“-Ó Donnabháin ba sloinne dó”

“The kettle was just beginning to join its song to the song of the old linnet”

“Bhí an túlán ag cur a chraicinn de ar an tine”.

Anseo agus ansiúd cuireann sé isteach línte filíochta nach bhfuil sa mbuntéacs. Mar shampla ag cur síos ar Ghráinne Ní Chadhla

“ Bhí luisne ‘na leaca mar rós

“S éadtrom aerach bhí a croí”.

In áiteacha eile fágann sé píosa filíochta ar lár agus in áiteacha eile fós is breá a éiríonn leis filíocht a chumadh mar aistriú ar phíosa i mBéarla.

" Now, if I am indeed a bard
Immortal song, uncrowned, untarred
Though gold and friends, and rivals guard
Shall win thee, spite of Fate, Jessie".

Deir Mícheál:

" Más bard go fíor tá ionam féin
Dánta áilne cumfaidh mé,
A thuillfeas dom grá mo chléibh
'S a gheobhas dom féin mo mhúirnín".

Rud an-bhreá faoin leabhar, go háithrid nuair a chuimhníonn tú go raibh argóint mhór "caint na ndaoine versus stíl chlasaiceach" ar siúl an uair sin, go bhfuil Gaeilge Chonamara ag réabadh amach as. Ag féachaint siar arís ar réamhrá Mhíchl deir sé: "Tá foclaí ann atá le fáil i gCois Fharraige agus Conamara agus nach bhfuil in aon fhoclóir atá le fáil". Agus arís, "tá corr-leagan ann nach bhfuil in úsáid ag go leor".

Ar ndóigh tá foclóir ag deireadh gach coda agus cora cainte. " Baineann sé as 'sna fásgaí," "de mhaol a mainge", "dheamhan steár aige", "ceróch bean atáir a fháil", " bhíodar chomh mór le chéile de réir cosúlachta 's bheadh gearán bán agus coca féir", agus focla mar: "Spallaíocht", "Splíontaíocht", "Spreangaide", "Ciomach", "Seaneire", "Geampa", srl.

Bhí nós ag Mícheál aistriú a dhéanamh ar ainmneacha cosúil le "Westminster", "Longfellow, srl. – nós a bhí coitianta ag an am. Thug sé "sithmhaoir" ar phóilíní an R.I.C., rud atá ag Pádhraig Ó Conaire in *Deoraíocht* agus áiteacha eile. Tá cúpla áit, agus ní dóigh liom go n-éiríonn le Mícheál an t-atmasféar céanna a thabhairt leis agus atá ag Kickham. Mar shampla, ag cur síos ar an áit ar thit an chruach fhéir ar Mhatt. Faoin gcruach fhéir féin deir sé: "Bhí sí leathan sa gconabhlach acht caol iosgadach agus thug sí uaithi as a híocht sa deire".

Pointe beag eile atá suimiúil, go gcuireann Mícheál Matt ag bun an choca ag tarraingt an fhéir, áit a gcuireann Kickham Matt ar bharr an choca ag gearradh an fhéir le scian. Ní dóigh go bhfacá Mícheál féar dá ghearradh a riamh le scian agus mar sin cloíonn sé leis an rud a rinne sé féin go minic. Níl an tragóid agus an t-áthas atá ag Kickham le fáil ag Mícheál Breathnach anseo.

Ag tarraingt ag dheireadh an leabhair, fágann Mícheál amach roinnt mhaith línte anseo agus ansiúd cé nach mbaineann siad ón scéal, go háithrid sa gcaibidil deiridh. Tá Mícheál i bhfad níos nimhní anseo i gcoinne "cam-dhlíthe Shasana agus na tiarnaí talún gallda" ná mar atá Kickham. Deir sé freisin: "Tá go leor den talamh a bhí i seilbh muintir an bhaile lá den tsaol ag cothú bullán le haghaidh an scriosadóra anois".

Tá an tuairim agam go raibh Mícheál ag eirí tuirseach den leabhar mar ghiorraigh sé go mor é as a dheireadh i gcomparáid le leagan Kickham. Deir eagarthóir an *Chlaidhimh Solais*⁽³⁰⁾ faoi *Chnoc na nGabha* gurbh é, "...the vastest storehouse of untarnished Irish idiom that has been gathered together in our time". B'fhéidir go bhfuil beagán den áibhéil anseo, ach cinnte

is fiú breathnú ar an leabhar arís mar gheall ar an stór breá focal agus an chaint bheo nádúrtha atá le fáil ann.

Dúirt Pádraig Mac Piarais faoin aistriúchán seo gur thug Mícheál leis nádúir an bhunleabhair ach ní raibh Torna chomh sásta sin leis.⁽³¹⁾ Dúirt sé go raibh Mícheál beagán ró-Chois-Fharraigeach agus nach raibh a dhóthain difríochta idir an comhrá agus an cur síos. Ach b'fhéidir nach raibh sé sách Muimhneach do Thorna.

Seilg i Measc na nAlp⁽³²⁾

Tháinig an leabhrán seo amach ar dtús i *Scríbhinní Mhíchil Bhreathnaigh*⁽³³⁾ agus arís mar leabhrán ann féin sa mbliain 1917. B'éigin do Mhícheál dul go dtí an Eilbhéis mar gheall ar a shláinte sa mbliain 1905. Nuair a bhí sé anseo bhí sé ag aistriú *Cnoc na nGabha*. Is anseo freisin a scríobh sé *Seilg i Measc na nAlp*. Sular tháinig sé amach i bhfoirm leabhráin foilsíodh é ar an *gClaidheamh Solais*.⁽³⁴⁾

Níl ann ach 31 leathanach agus is cur síos é ar aon lá amháin a chaith sé i measc na nAlp. Tosaíonn sé ar dtús ag dul siar ar "bhóithrín na smaointe" – laethanta a óige in Éirinn agus "i gCathair an Cheo". Ach níl anseo ach "leathbhord as an tslí". Ansin casann sé arais ar na hAlpa. Baineann sé úsáid go minic as téarmaí bádóireachta – "casfaimid stiúir na cuimhne", "ceanglóimid an scód mór a bhí ligthe le gaoth". Tugann sé isteach leaganacha as an bhFiannaíocht, "seolta móra bocóideacha, bacóideacha".

Feicimid go bhfuil an-bhród air de bhrí go bhfuil Gaeilge aige, mar nuair atá deichniúr acu ag dul ar an turas ó Leysin (nó Léisín mar a deir sé féin) go *Les Diablerets* agus chuile dhuine agus a theanga féin aige, deir seisean, "An modh díreach go deo", - leathfhocal atá coitianta go maith i gceantar an Locháin Bhig fós. Insíonn sé dúinn faoin turas seo ins na "traineau" agus "les luges" ar bharr an tsneachta".

Is breá go deo an cur síos atá aige i gcaibidil 3 ar an sneachta;⁽³⁵⁾ "Sneachta! Sneachta ar gach taobh! Sneachta ar na cnocaibh ó bhun go barr. Fiacla sneachta i stramhasaibh na nAlp. Mullaigh caola géara sneachta ar na beanna. Sneachta 'sna gleannta doimhne. Sneachta ar na hailltreacha arda. Coillte móra fá bhratachaí sneachta. Crainnte ag lúbadh fá ualaigh ghléigeala. A ngéaga fá chultachaí fuara geala. A mbuin 's is a mbarra dhá bpréachaidh i dtaobh na gcnoc. Puill 's scailpreacha ag cur thar maoil. Uachaiseacha móra líonta go béal. Airde sneachta ar dhíon gach dorais. Sconnsaí sneachta i leathtaobh gach casáin. Agus an talamh cothrom ar nós trá móire sneachta gan cloch gan crann – chomh mín le scáthán!"⁽³⁶⁾

Tá an-chur síos aige freisin ar na sléibhte agus na radharcanna eile. Insíonn sé dúinn faoi na cineálacha daoine a bhí bailithe le chéile ag ceann cúrsa san áit a raibh rásaí na mbob-sleigh le tosaí. "Bhí daoine móra agus daoine beaga ann; daoine ramhra agus daoine caite; daigéid theanna agus séaclaí claoite; béinneacha sé troithe go leith agus feithidí beaga bídeacha. Bhí fir ann a bhí hocht gclocha déag meáchain nó os a chionn; agus daoine a raibh a gcnámha trí na gcaicne ar easba feola. Bhí daoine giorr-análacha go fairsing ann; daoine gan mórán croí ná misnigh; daoine ar bheagán nirt; daoine

gan go leor lúthaid; daoine duairceacha crosta agus daoine suaireacha aeracha. Bhí filí ann agus a gcuid gruaige go guailne leo agus an fhilíocht ar lasadh 'na súile – ach deir na daoine aeracha gur comhartha eadtroimeachta é!"⁽³⁷⁾

Cuireann sé síos ar na rásaí seo agus cuireann an *bob-sleigh* an churach i gCois Fharraige i gcuimhne dó. Tugann sé an-dearcadh dúinn ar na *glaciers* – "Tá spiacáin mhóra leice oighre, agus goib fhada ghéara 'na chonabhlach agus snáthadaí móra fiche troigh ar fad, b'fhéidir ag sileadh as."⁽³⁸⁾ Arís ag féachaint síos sa ngleann dó feiceann sé "*le mer de brouillard*." Tá an gleann ag líonadh le ceo mar bheadh taoile tuile ann.

I bpíosa a scríobh an Dr. Pádhraig Ó Finneadha⁽³⁹⁾ faoi Mícheál Breathnach, deir sé gur fhág uaigneas na farraige agus na sléibhte rian ar an méid a scríobh Mícheál agus go bhfuil sé seo soiléir nuair a léann tú *Seilg i Measc na nAlp*." Deir sé gur fealsamh Críostaí é Mícheál cosúil le Francis Thompson. "Míle altú leatsa, a Rí na Glóire, a chruthaigh an ghrian, an ghealach agus na réalta agus a thug dúinn ailneacht iontach an domhain agus na cruinne. Nach Tusa féin gach Lóchrann? Nach tú a lasas soilse nach múchfaidh gaoth dá áirde i gcroí an dea-dhuine? Nach Tú a shoillsíos don tSaibhir agus don Daibhir ó cruthaíodh Adhamh?"⁽⁴⁰⁾

Tá an dearcadh seo le feiceáil arís nuair atá Mícheál ag féachaint ar na hAlpa agus ar na réalta, "Nár bheag bídeach suarach eidgeorach mise ar aghaidh na móriontas úd..... Smaoiníos nach bhfuil i saol an duine ach ceo – i gcomórtas leis an tsíorraíocht atá romhainn agus gur beag suarach í obair an duine i gcomórtas le oibreacha móra Dé."⁽⁴¹⁾

Níl mórán againn i litríocht na Gaeilge ó dhaoine a chuaigh go háit ar nós na hEilbhéise ag cuartú na sláinte agus is mór an trua nár scríobh Mícheál níos mó faoin áit. Is cosúil go raibh sé ar intinn aige é sin a dhéanamh mar san alt deireadh i *Seilg i Measc na nAlp* deir sé, "B'fhéidir amach anseo, go n-éireoidh linn geábh eile a thabhairt thríd an tír, agus go mbeadh cur síos againn san *gClaidheamh* ar ghnáth saol na ndaoine agus ar go leor nithe eile - le do cheadsa, a Eagarthóir chroí."

Ceapann Risteard Ó Glaisne⁽⁴²⁾ go bhfuil an iomarca athrá ag Mícheál, locht a bhí ar an Athair Peadar freisin dár leis. Deir Risteard go bhfuil Mícheál ag aithris ar an Athair Peadar ina leabhar Séadna le sliochtanna cosúil leis an bpíosa faoi na heachtrannaigh "Bhí daoine móra ann agus daoine beaga....."

An Connachtach agus Irisí Eile

Taobh amuigh den *Chlaidheamh Solais*, is mó a scríobh Mícheál Breathnach ar an *gConnachtach*⁽⁴³⁾ ná in aon iris eile. B'iris dátheangach í seo a bhí ag plé le hábhair mar fhilíocht, oideachas, imirce, tionsclaíocht, litríocht, eacnamaíocht, stair, cúrsaí reatha, srl.

Tar éis go leor fiosraithe a dhéanamh, ní féidir liom a rá go cinnte cé hé eagarthóir na hirise seo ach tá an-chosúlacht ar an scéal go raibh Mícheál Breathnach ag gníomhú mar eagarthóir nó ar bhord eagarthóireachta.

Tá alt leis an teideal *Lean Lorg na Laochra* ag tús gach eagraín agus sé Mícheál a scríobh iad seo. Tá a ainm

sínithe sa gcéad eagrán faoin alt seo i gcóip a chonaic mé. Ins an gcéad eagrán leagann sé síos an polasaí a bheidh ag an iris, "Seasfaidh sé le teanga na nGael agus le fíor-náisiúntacht".⁽⁴⁴⁾ Déanfaidh mé iarracht deireadh a chur le "scamaill dhubha ghránna" an Ghalldachais agus an tseoiníneachais. Deir sé freisin "Gabhaimid ár mór-bhuíochas le gach scríbhneoir dar chuidigh linn san iarracht."⁽⁴⁵⁾

Deir sé freisin gur chuir roinnt acu suim airgead le chéile leis an iris a chur le chéile. I mí Lúnasa freisin deir sé - "Táimid féin lán-tsásta le mar d'éirigh le nár gcéad uimhir." Rud eile is cosúil go raibh an-ghráin ag Mícheál ar an ólachán. Chuir sé píosa filíochta faoin ól, a chum Mícheál Mac Suibhne, isteach ag an *gClaidheamh Solais*⁽⁴⁶⁾—"Is ait é an t-ól ar amannaibh". Scríobh Mícheál féin dán ag cáineadh an óil, *Cumann Cosgtha an Óil*.⁽⁴⁷⁾

An chéad alt i mBéarla i ngach eagrán den Chonnachtach tosaíonn sé leis an dá líne seo: "*On Reason build resolve, That column of true majesty in Man*." Níl aon ainm faoi na haltanna seo. Tá tagairt déanta i gceithre cinn de na haltanna seo don ól. Chomh maith leis sin tá go leor den ábhar céanna iontu agus atá ag Mícheál in áiteacha eile i nGaeilge ar an *gConnachtach* múinteoirí taistil, tábhacht na Gaeilge, srl.

Ach le dhul siar go dtí *Lean Lorg na Laochra*, tá cuid den scríbhneoireacht is fearr a rinne Mícheál le fáil anseo. Tugann sé comhairle do mhúinteoirí.⁽⁴⁸⁾ Tá an-chur síos aige ar phrionsabail na múinteoireachta – a bheith muiníneach, misniúil, croíúil. Do chuid oibre a bheith réitithe go maith, gan a bheith feargach, meas a bheith agat ar na scoláirí, suim a chur ina gcuid oibre, misneach a thabhairt dóibh. "Bí chomh socair sásta le uan-chaorach ach chomh haireach airdeallach le seabhac ar bharr aille."⁽⁴⁹⁾ Arís deir sé le múinteoirí suim a chur sa nádúr agus sa stair.⁽⁵⁰⁾

Ní féidir Gaeilge mhaith a mhúineadh mura bhfuil sí go maith ag an múinteoir. Labhraíonn sé le scríbhneoirí.⁽⁵¹⁾ Tugann sé an moladh céanna dóibh agus a thug an Píarsach⁽⁵²⁾ agus Pádhraig Ó Conaire.⁽⁵³⁾ Deir Mícheál go gceapann cuid de na scríbhneoirí mura bhfuil siad ach ag rá "go rabhadar ag tiomáint an asail" nó "ag beathú na muc" gur litríocht í. Ní ionann caint agus scéalta agus litríocht i gcónaí.

Caithfidh an scríbhneoir a bheith éirimiúil meabhrach, tuisceanach, eolasach, grinn, cruinn-aigheach. Caithfidh bua na filíochta a bheith in áit eicint ann. Seo é dearcadh Sheosaimh Mhic Grianna níos deireanaí. Caithfidh fuinneamh, spreacadh, gearradh, neart, spiorad, agus cumhacht a bheith sa gcaint. Bhíodh grá agus gráin, searc agus fuath le feiceáil más gá. Is cóir a bheith simplí. Ní ar na mic léinn is cóir don scríbhneoir díriú ach ar na Gaeilgeoirí. Is dóigh liom go bhfuil Máirtín Ó Cadhain ag rá an rud céanna in *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca*.

Deir Mícheál leis na scríbhneoirí⁽⁵⁴⁾ gur chóir dóibh bheith i gcónaí ag foghlaim agus ag léamh. Ba chóir staidéar a dhéanamh ar na scríbhneoirí is fearr ó thíortha eile. Ba cheart eolas a chur ar shean-litríocht na Gaeilge mar fhoinsé tábhachtach. Scríobhadh é, mar a deir Seosamh Mac Grianna "nuair a bhfhiú Éire a thabhairt ar Éirinn".

Cé go raibh ardmheas ag Mícheál ar an bhFiannaíocht, deir sé go bhfuil an modh sin caite agus go bhfuil saol nua eile ann anois. Ní saol aithrise agus inste é ach saol léite agus foghlamtha. Pléann sé an cheist, céard í an dea-litríocht.⁽⁵⁵⁾ Bhí an cheist seo dá plé ag Henebry, ag Mac Piarais, ag ó Conaire, ag an Athair Peadar agus ag daoine eile thart ar an am seo.

Deir Mícheál gur chóir go nglacfadh an dea-litríocht seilbh iomlán ar an intinn. Sé dualgas an scríbhneora smaointe agus tréithe an duine a nochtadh don léitheoir mar a nochtann an léiritheoir an dráma ar ardán. Tá sólás, dólás, brón, grá, crá, fuath, buile, fearg le feiceáil ann. Go ginearálta tá gach saghas ábhar le plé fiú amháin smaointe atá taobh amuigh de theorann na tuigse. Sé dualgas an scríbhneora eolas sláintiúil, folláin, Críostúil a thabhairt uaidh.

Níl aon mhaith le stíl foclach na Fiannaíochta anois. Modh simplí atá ag teastáil ach “tá simplíocht agus simplíocht ann”. Caithfear móriarracht a dhéanamh le bheith maiseach, slachtmhar agus liteartha. Ní cóir Gaeilge a scríobh ar son na Gaeilge. Bíodh do stíl féin agat taréis staidéar a dhéanamh ar go leor scríbhneoirí eile.

Molann sé stíl ghonta na Fraince don scríbhneoir.⁽⁵⁶⁾ Is ceird í an scríbhneoireacht agus cosúil le chuile cheird eile caithfear í a fhoghlaim. Deir Máirtín Ó Cadhain⁽⁵⁷⁾ “D’fhéach mé le mo chuid féin a spíona, a shlánú agus a chíora, biseach beag a bheith i mo dhiaidh uirthi seachas mar fuair mé í”. Dúirt scoláire éigin nach raibh éinne in ann Gaeilge shnasta a scríobh ach an tAthair Peadar. Dúirt Mícheál nach raibh anseo ach seafóid. Bhí an tAthair Peadar sách tur amanta, dar leis.

Ins an eagrán deireadh den *Chonnachtach* a tháinig amach⁽⁵⁸⁾ tá Mícheál ag rá gur chuir Sasana Protastúnaigh an Tuaiscirt in aghaidh an chuid eile de mhuintir na tíre seo. “Ní athróidh muid na hUltaigh seo go dtí ár dtaobh go mbeidh caidreamh, agus cairdeas agus dlúthmhuintearas eadrainn go léir”. (Táthar á rá fós, a dhuine.) Deir Mícheál freisin, “Bhí sé chomh maith do dhuine féachaint le gaineamh a chur i ngad le na thabhairt ar Shéan (Buí) cúis na hÉireann a thuiscint..... Ní bhainfear uaidh ach an rud nach féidir leis a dhiúltú”.

Sílím féin go raibh sé ag éirí níos nimhní i gcoinne Shasana. Thuig sé go gcaithfí troid a dhéanamh. Dúirt sé le Tomás Mac Domhnaill lá agus iad ag bádóireacht ar Loch Measca agus iad ag plé ceist na tíre. “Ní fhulaingeoidh na Gaeil an sclábhaíocht seo i gcónaí Beidh ár agus cogadh in Éirinn arís. Níl aon aimhreas ansin, agus níl dul uaidh ag aon duine. Má bhíonn muid réidh le haghaidh an lae sin beidh linn, ach mara mbeidh, go ndearca Dia orainne agus ar na suaráchánaigh a thiocfas inár ndiaidh.”⁽⁵⁹⁾

In alt a foilsíodh in *Irisleabhar na Gaeilge*⁽⁶⁰⁾ ach a bhuaigh duais Oireachtais sa mbliain 1903, cuireann Mícheál síos ar a cheantar féin, *Cuan na Mara agus a Mhuintir*. Dá léamh anois déarfadh tú go bhfuil an-mhaothnachas ag baint leis ach tá cur síos an-mhaith ann ar an ngnáthdhuine - a chuid oibre, a chaitheamh aimsir agus a áit. Tugann sé “Gadaí na nGael” ar bhád na himirce. Deir sé nach scrúdaíonn a mhuintir ceisteanna na tíre le haon ghrinneas. Ní mhachnaíonn

siad iad féin a leasú. Cuireann Mícheál milleán ar easpa léinn. Molann sé bealaigh chun obair a chur ar fáil – ceilp, iascach agus saothrú na talún. Rinne Mícheál píosa cainte ar an ábhar céanna do chumann liteartha i Londain sa mbliain 1901⁽⁶¹⁾

Scríobh Mícheál tuairiscí faoi imeachtaí Pharlaimint Westminster sa *gClaidheamh Solais*. Tá siad scríofa faoin teideal *Scéala Ón Domhan Thoir*. Tá tagairtí ann do chogadh na mBoer agus is léir go raibh Mícheál ar thaobh na mBoer.

Bhí ceist na Talún á phlé an uair sin freisin. Tá cur síos aige faoi Mícheál Davitt i Westminster.⁽⁶²⁾ Tá an-mheas aige ar Davitt. Tá Mícheál Breathnach go mór in aghaidh aon chíos a íoc ar thalamh na hÉireann. Deir sé gur fhág 40,000 duine idir 15 – 25 bliana an tír seo sa mbliain 1902. Dar leis ba chóir na réimsí móra talún a roinnt amach ar na feilméirí beaga agus na daoine gan aon talamh. Níl sa gcaint seo ar fad b’fhéidir dar le Mícheál ach cur i gcéill, mar tá Rí Shasana le cuairt a thabhairt ar Éirinn.⁽⁶³⁾ Molann sé de mhuintir na hÉireann tabhairt le taispeáint don Rí go bhfuil spiorad na saoirse beo fós. Tá tagairtí aige do pholaitíocht san tSomáil freisin agus an troid atá ar siúl ansin ag arm Shasana.⁽⁶⁴⁾

Tá píosaí beaga eile – scéalta agus seanchas foilsithe aige sa *gClaidheamh Solais*, píosaí mar *Sceilg na Meán Oíche*,⁽⁶⁵⁾ *An Slua Sidh*,⁽⁶⁶⁾ *Scéalta faoin Táilliúr*.⁽⁶⁷⁾ Tá píosaí aithriseoireachta aige ar an *gConnachtach*,⁽⁶⁸⁾ *Ruaigeadh an tSeoinín* agus an t-ainm, *An Sruthan Buí*, faoi.

Filíocht

Más féidir file a thabhairt ar dhuine a scríobh filíocht, ba file é Mícheál Breathnach. Scríobh sé go leor píosaí bolscaireachta cosúil le *Conradh na Gaeilge*,⁽⁶⁹⁾ *Cúis na Gaeilge*,⁽⁷⁰⁾ *Éire agus a Cuid Deoraithe*.⁽⁷¹⁾ Tá iad seo scríofa ar mhodh an amhráin agus ní féidir a rá leis na daoine misneach a bheith acu. Mar shampla *Cúis na Gaeilge*,⁽⁷⁰⁾

“Sí an Ghaeilge an teanga is áilne
Is binne ‘gus is breátha
Is taitneamhaí le ráite
Le fuinneamh ‘gus le brí,
Tá diagacht inti is cairdeas
Deabhóid, dílseacht ‘s áilneacht
Binneas, uaisleacht ‘s cráibheacht
A thógfadh suas do chroí ”.

Mar a dúirt mé cheana, scríobh sé go minic in aghaidh an óil. Deir sé linn⁽⁷²⁾ go bhfuil £13,000,000 dá chaitheamh ar ól in aghaidh na bliana. In alt i mBéarla ar an *gConnachtach*⁽⁷³⁾ deirtear in aghaidh gach punt a caitear ar oideachas go gcaitear seacht bpunt ar an ól. Scríobh Mícheál píosa filíochta faoin ól, *Cumann Cosgtha an Óil*.⁽⁷⁴⁾

... Amach leatsa a óil, ‘s nár fhillidh tú go deo
‘S tú d’fhág Éire ciaptha bocht mar tá sí

An píosa is mó a bhfuil cáil air i gceantar Chois Fharraige, *An Deoraí*.⁽⁷⁵⁾ Deirtear gur scríobh Mícheál é agus é ag ligean air gurb é a dheartháir Seán é, a bhí tar éis imeacht go Meiriceá.

"Mo chrá go n-éagfad nach bhfuil mé in Éirinn
Ar bhánta féarach "Oileán na Saoi!"
Le blianta fada faoi bhrón gach tréimhse
'Sna Státaí Aontaithe tá mé, mo dhith!
Gan aoibhneas, sólás, ná suaimehneas ló ar bith,
Go síoraí smaoiním ar Inis Fáil,
'S mo chroí dhá réabadh i lár mo chléibhe,
Faoi dhuibhthean shaolta go síor dhá chrá."

Molann sé an tír agus na daoine sa dán:

"Na daoine fearúla bhí cumhachtach bríomhar
Na cairdí dílse bhíodh liom ag spóirt..."

Tá dán eile deoraíochta aige, *Tráth dTiocfaidh an Samhradh*.⁽⁷⁶⁾ Beidh áthas air, a deir sé nuair a thiocfaidh an samhradh mar beidh sé ag dul ar ais i measc a mhuintire féin.

"...Ansin béad sa mbaile in aice na ndalta,
a bhfuilim le fada leo scartha, mo chrá."



Leacht Mhíchíl Bhreathnaigh

Scríobh sé píosa, *Paidir na Máthar*⁽⁷⁷⁾ mar a bheadh máthair ag féachaint ar a leanbh óg agus í ag guidhe go mbeidh rath agus séan air.

"...Neartaigh a ghéaga, cuir brí 'na ghlór,
Cuir lúd ann, fuinneamh 's spreacamh mór..."
Is maith liom an píosa a scríobh sé nuair a ghortaigh Cormac Ó Cadhla a chos i Sráid na Cathrach⁽⁷⁸⁾:

"A Chormaic Óig! Sé mo bhrón tú sínte,
I Sráid na Cathrach, i bhfad ód' mhuintir
Gan brí id' chois ach í 'na smíste,
B'fhearr liom fé dhó i gCathair Chorcaigh thú ..."

Cuireann sé i gcuimhne dom an píosa a scríobh Pádraigín Haicéad nuair a bhris a chara, Éamonn Ó Cuirnín, a chos.⁽⁷⁹⁾ Seans go raibh an dán seo léite ag Mícheál. Is maith liom freisin an dán beag, *I mBóthar na Trá*⁽⁸⁰⁾, go háithrid an véarsa deiridh:

"Le ceol na mara cuirfead slán,
Le toinn, le trá 's le scread na n-éan.
Tá an geimhreadh ag teacht i mBóthar na Trá
'S mo thriallsa tá ar thíortha i gcéin."

Is cinnte gur scríobh Mícheál go leor píosaí faoi mhuintir an Locháin Bhig ach níor cuireadh i gcló riamh iad agus tá siad caillte anois. Rinne mé tagairt cheana do línte fánacha atá fanta san áit.

Ach an oiread lena chuid próis, tháinig feabhas an-mhór ar a chuid filíochta ó thosaigh sé. Is fearr go mór a d'éirigh leis, sílim, nuair a scríobh sé faoi nithe pearsanta ach níl mórán de sin ann. D'fhéadfá a rá go raibh na Gaeilgeoirí ag tús an chéid seo faoi gheasa bheith ag scríobh faoin nGaeilge agus faoi Éirinn agus níorbh aon éisceacht é Mícheál Breathnach.

Súil Siar

Mar a chonaiceamar, in imeacht cúig nó sé de bhlianta, ba scríbhneoir próis, staraí, bolscaire, múinteoir, áisitheoir, óráidí, aisteoir agus file é Mícheál Breathnach. Creidim nach raibh sé ach ag luí isteach ar cheird na scríbhneoireachta nuair a sciobadh chun siúil é i mbláth a óige. Fiú amháin ins na blianta gearra sin, tá forbairt tagtha ar a chuid oibre. Tá bua samhlaíochta agus íomhaíochta aige, go háithrid ag cur síos ar radharcanna. Baineann sé an-úsáid as abairtí beaga gearra: "Tá buachaillí dílse agus óg-mhná suairce i dteannta a chéile. Tá gáirí geala le cloisint. Tá aoibhneas croí le tabhairt faoi deara..."⁽⁸¹⁾

Mar a chonaiceamar ó na haltanna ag an gConnachtach, thuig sé go raibh rud nua ag teastáil sa litríocht. Deir Tomás Ó Domhnaill linn, sa méid a dúirt sé faoi Mícheál Breathnach⁽⁸²⁾ gur scríobh Mícheál "úrscéal iontach faoi dhaoine i gConnachta." Ceapann Tomás gur scrios Mícheál féin an leabhar seo. Is mór an trua. B'fhéidir go dtabharfadh sé léargas eile dúinn ar intinn an duine seo, mar níor chreid sé go raibh a mhuintir féin saor ó chuile locht.

Dúirt Pádraig Mac Piarais⁽⁸³⁾ faoi tar éis a bháis, "Such patience. Such gentleness, combined with such firmness. Such eloquent variety of intonation. Such skilful

mimicry. Such absolute mastery over all the teacher's art were his, that to be taught by him or to see him teach was in itself a training in all that is teaching 'ideal and method'."

Dar le Séamus Ó Searcaigh⁽⁸⁴⁾, bhí dúil ag Mícheál i gcaint ardnósach. "Ní hé an focal beag simplí ach an focal mór ard-ghlórach a thaitníodh leis-sean."

Deir Risteárd Ó Glaisne⁽⁸⁵⁾ go bhfuil maothbhoige áirithe i saothar Mhíchíl nach réitíonn le cúla Chonamarach Mhíchíl. Ach cuireann sé an milleán ar Bhéarla an 19ú céad. Ní réitíonn Risteárd ach oiread leis an tuairim a bhí ag Mícheál faoi ghnó an scríbhneora: "Tugadh scríbhneoirí na Gaeilge litríocht don Ghaeilgeoir a bhéas glan agus glé mar chroí agus mar anam na hÉireann agus seachnaidís fealsúnacht bhréagach choigríoch nach dual don Ghael – nach dual don Chríostaí."

Deir Risteárd go gcaithfidh an scríbhneoir chuile ghné a thaispeáint nó sin gur scríbhneoir mímhacánta é. Ar aon bhealach, níl croí agus anam na hÉireann chomh glan sin.

Bhí Mícheál ag obair leis an Athair Ó Duinnín ar an bhfoclóir. Sé mo bharúil go ndearna sé iarracht an iomarca a dhéanamh. B'fhéidir gur thuig sé nach raibh saol fada roimhe. Ceapann daoine nach rachadh sé thar Éirí Amach 1916 agus go deimhin, tá bunús maith leis an tuairimíocht sin, mar is léir ón méid a scríobh sé.

Deir Seosamh Mac Grianna ina aiste ar Phádraig Ó Conaire⁽⁸⁶⁾, go mba mhó d'fhear Gaeltachta é Pádraig Ó Conaire ná Mícheál Breathnach. Is fíor nár scríobh Mícheál chomh maith le Pádraig. Tá scríbhneoireacht Mhíchíl an-bhinn, an-deas, an-éadrom. Tá leaganacha cainte an-bhreá, an-nádúrtha aige. Tá an-tabhairt faoi deara agus grinneas ann. Tá a chuid Gaeilge míle uair níos saibhre ná Gaeilge Phádraig Uí Chonaire ach níl an gearradh céanna ann, níl an scrúdú céanna ar intinn an duine, níl an leithneacht céanna téamaí aige agus atá ag Pádraig, ach fuair Pádraig seans chun forbairt a dhéanamh. Ní bhfuair Mícheál.

Na Fonótaí

- 1 Scríbhinní Mhíchíl Bhreathnaigh –Tomás Mac Domhnaill. M. H. Mac Guill agus a Mhac, Baile Átha Cliath, 1913
- 2 *Ar Aghaidh*, Meán Fómhair 1933
- 3 *The Irish Peasant*, 7ú Aibreán, 1906 (An Uaimh)
- 4 Clodhanna Teo., a chur amach do Chonradh na Gaeilge 1912. Seosamh Laoide a chur in eagar.
- 5 Foilsithe sa gClaidheamh Solais agus ag Muintir Dhubhaigh (1906, 1910, 1924, 1926,).
- 6 Alt ar Mhícheál Breathnach in *Cois Fharraige le mo Linnse*; Seán Ó Conghaile, Clodhanna Tta. 1974.
- 7 Scríbhinní Mhíchíl Bhreathnaigh.
- 8 *An Claidheamh Solais*, 7ú Aibreán, 1908
- 9 *Mícheál Breathnach* le Seosamh Mac Donnchadha. *An t-Irleabhar*, Ollscoil na Gaillimhe, 1931-32
- 10 *The Irish Peasant*, 7ú Aibreán, 1906 (An Uaimh)
- 11 Scríbhinní Mhíchíl Bhreathnaigh.
- 12 *An Connachtach*. Iris mhíósúil foilsithe ag an *Westmeath Herald* in Áth Luain (Iúil 1907 Bealtaine 1908).
- 13 *Irleabhar na Gaeilge*, Aibreán/Bealtaine 1904.
- 14 *Irleabhar na Gaeilge*, Márta 1907.
- 15 Scríbhinní Mhíchíl Breathnaigh.
- 16 *An Claidheamh Solais*, 4ú Deireadh Fómhair, 1901
- 17 *An Claidheamh Solais*, 28 Márta, 1903
- 18 *An Claidheamh Solais*, 31ú Bealtaine, 1902
- 19 *An Claidheamh Solais*, 13ú Nollaig, 1902
- 20 *Catholic Bulletin*, Eanáir 1912

- 21 *The Irish Peasant*, 7ú Aibreán, 1906.
- 22 *An Claidheamh Solais*, 21ú Samhain, 1908.
- 23 *An Claidheamh Solais*, 16ú Eanáir, 1909.
- 24 *An Claidheamh Solais*, 7ú Samhain, 1908.
- 25 *An t-Irleabhar*, Ollscoil na Gaillimhe, 1931 - '32.
- 26 *Leader*, 14ú Samhain, 1908.
- 27 Clodhanna Tta. a chur amach do Chonradh na Gaeilge, 1912. Seosamh Laoide a chur in eagar.
- 28 Foilsithe sa gClaidheamh Solais idir 15ú Deireadh Fómhair 1904 - 17ú Aibreán 1909.
- 29 Eagrán is deireannaí curtha amach ag M.H Gill & Son
- 30 *An Claidheamh Solais*, 7ú Samhain, 1908
- 31 *Ceannródaithe* – Risteard Ó Glaisne. (Foilseachán Náisiúnta Tta. B.Á.C. 1974)
- 32 Cumann Oideachais na hÉireann – B.Á.C. 1917
- 33 M. H. Mac Guill, & a Mhac – B.Á.C. 1913
- 34 *An Claidheamh Solais* – 16ú Feabhra 1907 – 13ú Aibreán, 1907
- 35 Lch. 6
- 36 Lch. 6
- 37 Lch. 11
- 38 Lch. 25
- 39 *Ar Aghaidh*, Samhain 1934
- 40 *Seilg i Measc na nAlp*, lch. 28.
- 41 Lch. 31.
- 42 *Ceannródaithe* – Risteard Ó Glaisne.
- 43 Iris mhíósúil a foilsíodh in Áth Luain, Iúil 1907 go Bealtaine 1908.
- 44 Iúil 1907
- 45 Lúnasa 1907
- 46 24ú Meán Fómhair 1904
- 47 *An Connachtach*, Lúnasa 1907.
- 48 Iúil 1907
- 49 Iúil 1907
- 50 Deireadh Fómhair 1907
- 51 Nollaig 1907
- 52 *An Claidheamh Solais* -26ú Bealtaine 1906
- 53 *An Claidheamh Solais* -12ú Feabhra, 1908 Old Ireland - 21ú Feabhra 1920
- 54 Eanáir 1908
- 55 Feabhra 1908
- 56 Márta 1908
- 57 *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca*, lch. 15.
- 58 Bealtaine 1908
- 59 *Cois Fharraige le Mo Linnse* le Seán Ó Conghaile. Alt ar Mhícheál Breathnach lch. 105.
- 60 Márta 1907.
- 61 *An Claidheamh Solais*, 30ú Samhain 1901
- 62 *An Claidheamh Solais*, 4ú Aibreán 1903
- 63 *An Claidheamh Solais*, 13ú Meitheamh 1903
- 64 *An Claidheamh Solais*, 9ú Bealtaine 1903
- 65 *An Claidheamh Solais*, 27ú Meitheamh 1903
- 66 *An Claidheamh Solais*, 22, 29ú Márta 1902
- 67 *An Claidheamh Solais*, 6ú Nollaig 1902
- 68 *An Connachtach*, Meán Fómhair 1907
- 69 *An Claidheamh Solais*, 30ú Lúnasa 1902
- 70 *An Claidheamh Solais*, 25ú Deireadh Fómhair 1902
- 71 *An Claidheamh Solais*, 31ú Bealtaine 1902
- 72 *An Connachtach*, Lúnasa 1907
- 73 *An Connachtach*, Deireadh Fómhair 1907
- 74 *An Connachtach*, Lúnasa 1907
- 75 *An Claidheamh Solais*, 19ú Iúil 1902
- 76 *An Claidheamh Solais*, 17ú Eanáir 1903
- 77 *The Gael*, Feabhra 1904
- 78 *An Lóchrann*, Iúil 1909
- 79 *Filíocht Phádraigín Haicéad*, Máire Ní Cheallacháin (An Clóchomhar)
- 80 *An Connachtach*, Samhain 1907
- 81 *Seilg i Measc na nAlp*, lch 1
- 82 Scríbhinní Mhíchíl Bhreathnaigh
- 83 *Cois Fharraige le mo Linnse*, Seán Ó Conghaile
- 84 *Nua Sgríobhnóirí na Gaeilge*, Séamus Ó Searcaigh (Brún & Ó Nualláin 1933)
- 85 *Ceannródaithe*, Risteárd Ó Glaisne
- 86 *Pádraig Ó Conaire agus Aistí Eile*, Seosamh Mac Grianna (Oifig an tSoláthair).

Scríbhinní Mhíchil Bhreathnaigh

Prós

Stair na hÉireann Cuid 1, 2 agus 3. Seosamh Laoide a chur in eagar. Conradh na Gaeilge 1912

Cnoc na nGabha - An Claidheamh Solais – 15ú Deireadh Fómhair 1904 – 17ú Aibreán 1909. Muintir Dhubhaigh Baile Átha Cliath 1906 – 1910

Seilg i Measc na nAlp. An Claidheamh Solais – 16ú Feabhra 1907 – 13ú Aibreán 1907;

Scríbhinní Mhíchil Breathnaigh. M.H. Mac Guill agus a Mhac. Baile Átha Cliath 1913

Cumann Oideachais na hÉireann – Baile Átha Cliath 1917

Altanna, Litreacha, Scéalta, Seanchas, srl. An Claidheamh Solais (Baile Átha Cliath 1899 – 1932)

Altanna, Seanchas; An Connachtach (Áth Luain: Iúil 1907 – Bealtaine 1908)

Altanna. Inis Fáil (Londain 1904 - 1908)

Altanna. Irisleabhar na Gaeilge (Baile Átha Cliath 1882 – 1919)

Filíocht

Conradh na Gaeilge. An Claidheamh Solais – 30ú Lúnasa 1902

Cúis na Gaeilge. An Claidheamh Solais - 25ú Deireadh Fómhair 1902

Dá mBeinn im' Fhile. An Claidheamh Solais – 31ú Bealtaine 1902

Smaointe ar Thuras na nGael go Cathair na dTreabh. An Claidheamh Solais – 16ú Lúnasa 1902

Éire agus a Cuid Deoraithe. An Claidheamh Solais – 31ú Bealtaine 1902

Smaointe an Deoraí Ó Éire. An Claidheamh Solais – 19ú Iúil 1902

Tráth dTiocfaidh an Samhradh. An Claidheamh Solais – 17ú Eanáir 1903

Paidir na Máthar. The Gael – Feabhra 1904 (Brooklyn, New York 1881 – 1904)

An tÓl. An Claidheamh Solais – 24ú Meán Fómhair – 1904

Cumann Cosgtha an Óil. An Connachtach – Lúnasa 1907

Marbhna ar Liam Ó Maolruanaidh. An Connachtach – Deireadh Fómhair 1907

I mBóthar na Trá. An Connachtach – Samhain 1907

A Chormaic Óig – 'se mo bhrón tú sínte. An Lóchrann – Iúil 1909 (Trá Lí 1908 – 1913)

an baile thíos

Mar atá luaite ar lch. 5 thuas, bhí tuairim fiche cúig teach idir Bóithrín Bharr an Chlaí agus Bóithrín na mBeairics. Níl aon duine ina chónaí i dteach ansin inniu. Tá leacht tógtha ar láthair an tí anois ach b'fhéidir gur fiú féachaint ar an bpíosa sin den Lochán Beag, agus ar na tithe a bhí timpeall air ag an am.

Rugadh m'athair, Máirtín Mór Ó Tuairisg, sa mbliain 1897 agus dúirt sé gur mar atá léirithe thíos ba chuimhneach leis an áit nuair a bhí sé óg. Bhí an chuid is mó de mhuintir an bhaile ina gcónaí san áit seo an uair sin ach de réir a chéile d'athraigh siad suas in aice an phríomhbhóthair. Bhí 32 teach eile ar an Lochán Beag an uair sin, ag síneadh ón Sruthán Buí atá díreach taobh thiar de Choláiste Cholm Cille chomh fada leis an sruthán beag atá taobh thoir de bhóithrín an Tí Mhoir.

Fuair mise an t-eolas seo uaidh timpeall na bliana 1965. Ní raibh ach cónaí i dtrí theach sa seanbhaile nuair a bhí mise óg agus an Baile Thíos a thug muid ar an áit. B'iontach an lear tithe a bhí ann agus gan ann ach tuairim dhá chéad méadar bóthair.

Na Tithe a bhí ar an mBaile Thíos

- 1 Tigh Shéamais Mhoir Phroinsiais (Cúláin)
- 2 Tigh Shéamais Bhig Phroinsiais (Cúláin)
- 3 Tigh Choilm Phroinsiais (Cúláin)
- 4 Tigh Tom Phroinsiais (Cúláin)
- 5 Tigh an Toirdhealaigh (Teach tite)
- 6 Tigh Choilm Stiofáin (Breathnach)
- 7 Tigh Bhriain Mhaitias (Oibicín)

- 8 Tigh Sheáinín Uí Thuairisg
- 9 Tigh sheanSheáin Uí Thuairisg
- 10 Tigh Shiobháinín Thomáis (Cadhain?)
- 11 Tigh Frainc Sheáin Shéamais
- 12 Tigh Pháidín Uí Chadhain
- 13 Tigh Sheáin Uí Chadhain
- 14 Tigh Mháire Rua (Breathnach) (Bhí siopa ocastóra anseo)
- 15 Tigh Pheadairín Pháidín (Breathnach)
- 16 Tigh Phaddy Mhic Dhiarmada
- 17 Tigh Pheadair Bhig (Droighneán)
- 18 Tigh Phóil Uí Cheallaigh
- 19 Tigh Dheirfiúr Anna (tite)
- 20 Tigh Mhicilín Pháidín (Breathnach)
- 21 Tigh Liam Phádraig (Finneadha)
- 22 Tigh Mhicil Taeda (Breathnach) (Mícheál Breathnach)
- 23 Tigh Bhaba Wallace (Caola nó Cadhla)
- 24 Tigh Learaí Ó Finneadha
- 25 Tigh Johnny Bheartla (Cadhain)
- 26 Tigh Bheartla Beag Ó Cadhain
- 27 Tigh Frainc Cháit (Cadhain)
- 28 Tigh Chadhain sna Maoilíní (Teach tite)

Léaráid den bhaile Thíos

Tigh Pheadair a'Ghabha
An Poitín Stil

Príomhbhóthar

Gaillimh

An Lochán Beag c. 1900
(an Baile Thíos)

Bóthrin an Locháin

Bóithrín Bharr an Chlaí

28
27
25 26
24

Farráige

1 2
3 4
5
6
7
8 9
10 11
12 13
14 15
16
17
18
19 20
21 22
23

Bóithrín Nóra Ní Oireachtaigh

(Bóithrín Mhicil)



Sailearna – Bealtaine 2008

Céad Chomaoineach 2008



An Tulaigh

Ó chlé ar chúil: An Canónach Colm Ó Ceannabháin, Múinteoir Sarah Ní Choistealbha, Mark Mac Giolla Choinnigh, Cathal Mac an Iomaire, Hannah Breathnach, Ciara Nic an Ultaigh, Liam Hamel, Anthony Ó Gallachóir, Príomhoide, Fil Uí Dhubhghaill.

An dara líne ó chlé: Conall Ó Cuirrín, Ísha Ní Shúilleabháin, Breandán Mac Donnchadha, Caoimhe Ní Churraoin Breathnach, Oisín Ó Neachtain, Shannen Ní Fhlaithearta, David Ó Conghaile.

Chun tosaigh ó chlé: Tristan Ó Gallachóir, Emma Brock, Mícheál de Búrca, Sinéad Ní Chonchubhair, Jordan Ó Conghaile, Shane Ó Márta, Dónal Bolustrom, Sarah Ní Ainnín, Fiona Nic Dhonncha.

Sailearna (thall)

Ar chúil, ó chlé: An tAth. Máirtín Ó Conaire, an tAth. Mícheál Ó Flannabhra, S.P., Fearghas Mac Lochlainn.

An dara líne:

Traolach Ó Conghaile, Sadhbh Ní Chonghaile, Eileanóir Ní Fhéinneadh, Majella Nic Dhonncha, Róisín Ní Cheallacháin, Elle Ní Ghríofa, Diane Starkute, Ailbhe Ní Chualáin, Becky Ní hÉallaithe, Shauna Spratt, Alanna Cameron, Sadhbh Lily Howlin, Fionn Mac Gabhann, Oisín Ó Fátharta..

An líne tosaigh: Oisín Ó Cualáin, Steven Ó Conaire, Cathal Ó Coisdealbha, Tomás Mac Diarmada, Joe Ó Conghaile, Vitor Cruz Ó Fátharta, Regan Ó Coisdealbha, Marcus Ó Céidigh, Eoin Ó Cualáin, Diarmaid Ó Dúgáin, Piaras Ó Ceannabháin, Joe Ó Conaire, Pádraig Ó Conghaile, Éanna Ó Cualáin.



Cóineartú 2008 Sailearna – Ar chúil, ó chlér: An Canónach Colm Ó Ceannabháin, Fearghas Mac Lochlainn, an tAth. Mícheál Ó Flannabhra, S.P.

An dara líne aniar: Corey Ó Loideáin, Lisa Ní Chadhain, Camilla dá Cruz Ní Fhátarta, Sorcha Ní Cheallaigh, Doireann Ní Choisdealbha, Leone Bhairéad, Tara Nic Craith, Michelle Jordan, Antaine Mac Donncha, Mícheál Antoine Ó Loideáin. **An tríú líne aniar:** Seána Ní Ghríofa, Brogan Ní Choisdealbha, Aoife Ní Mhalláin Ní Thuathail, An tArdeaspag Mícheál Ó Néaraigh, Síofra Ní Chlochartaigh, Éabha Nic Dhonnagáin, Ciana Ní Churraoin, Pádraig Ó Féinneadha, Dónall Mac Aodha Bhuí. **An líne tosaigh:** Seán Hill, Tomás Ó Maoláin, Dónal Mac Eoin, Dean Ó Curraoin, Frank Ó Brádaigh, Tadhg Ó Conghaile Ó Muirí, Aindí Ó Duibheannaigh, Damian Ó Coisdealbha.

Cóineartú 2008



An Tulaigh – Rang 5: ar chúl, ó chlé: An Canónach Colm Ó Ceannabháin, Christopher Mac Donncha, Breandán de Búrca, Caitlín Ní Choisdealbha, Ciara Ní Chonghaile, Oisín Bolustrom, Aaron Ó Conghaile, An tAthair Mícheál Ó Flannabhra, Ryan Breathnach, Múinteoir Cathal Ó Fríghil.

Chun tosaigh ó chlé: Aisling Ní Iarnáin, Siobhán Ní Thuairisg, Clíona Ní Fhlannchadha, An tArd Easpag Mícheál Ó Néaraigh, Earon Ní Ghallachóir, Sinéad Seoighe, Adhna Ní Bhraonáin.

An Tulaigh – Rang 6: ar chúl, ó chlé: Mícheál Ó Fátharta, An Canónach Colm Ó Ceannabháin, Marty Barrett, Eoghan Mac Donncha, An tAthair Mícheál Ó Flannabhra, Orla Bolustrom, Cristín Ní Ghiolla Choinnigh, Caitríona Ní Churraoin, Aisling Ní Chonchubhair, Laoise Bleasdale, Sinéad Ní Chadhain, Aodán Bolustrom, Múinteoir Cathal Ó Fríghil.

Chun tosaigh ó chlé: Fionnán Ó Neachtain, Daniel Ó Coistealbha, Samuel Casburn Trahan, An tArd Easpag Mícheál Ó Néaraigh, Marie Seoighe, Cathal Pádraig Ó Conghaile, Cathal Lorcán Ó Conghaile.





AN BHAINIS – Bríd Joe Uileac (2ú duine ó chlé) agus John Boland (2ú duine ó dheis) an lá ar phós siad i 1954. Ar chlé tá Peigín Eoin a sheas le Bríd agus ar dheis tá Cóil Uileac.

Ó chlé ar chúl tá Peig Mhánais, Bríd Uileac, Bidín Pheaitsín, Séirín a' Bhreathnaigh, Stiofán Reaney ina ghasúr agus Mary Joe Uileac atá gearrtha amach ag barr an phictiúir.

Sa lár, ó chlé tá Máirtín Pháidín, Mánus Uí Fhátharta, Joe Uileac, Peigín Eoin agus Ann Pheaitsín ina páiste??, agus Beairtín Reaney. Sa tosach ó chlé tá Tomás Ó Ráighne ina ghasúr, Pádraic Uileac agus Josie Eoin ina ghabhail, Uileac Eoin ina sheasamh agus Micheál Eoin ina shuí.



Nádúr agus Mí-nádúr an Chultúir

Joe Steve Ó Neachtain

Is iomaí sin cineál cultúir ar dhroim an domhain seo faoi láthair, ach is é an cultúr a bhfuil an teanga Ghaeilge mar chúlra is mar chuisle aige a bhí i ndán domsa ar an bhfód dúchais ón gcéad lá ar caitheadh ar a' sop mé. Téann rútaí an chultúir Ghaelaí seo i bhfad siar. Siar thrí dhúrabhán na nglúnta atá ag déanamh créafóige ach go maireann lorg a mbéil agus milseacht a gcuid ceoil i measc an athfhás ginealaigh atá os cionn talún faoi láthair. Mairfidh giúin a gcuid saibhris i mo chluasa go héag.

Bhí a bhlas ar an allas a thugadh feac na láí amach thrína gceirceann san Earrach. Bhí a bholadh ar an iasc saillte a bhíodh ag deatú ar rópaí faoi chaolach a' tí. Bhí a bhrí sna málaí gráin a bhíodh ag cruachan ar stuaic an lota tráth a ligtí lóchán le gaoth agus bhíodh a dhreach i screamóg a' tsleáin ar an bhfód cloch mhóna a bhain fad as a gcuid cainte i gcaitheamh an áirneáin.

Ach arnó d'imigh sin agus tháinig seo. Is minic le ciall roimh aois a bheith glórach i dtaobh todhchaí an chultúir ar na saolta seo, sliocht nach n-aithníonn an coirce shíl thar an lóchán, cé go luíonn sé le nádúr más lóchán a chuireann tú gur luifearnach a bhéas mar thoradh agat.

Is é nádúr na muintire a chothaíonn an cultúr Gaelach, agus is deacair a shéanadh nach ar gcúl a théann an nádúr de réir mar atá an saol ag dul chun cinn. Is é mo bharúil fhéin gur ar aghaidh ar gcúl ar nós na circe ag cartadh atá an cine daonna ag dul de ghlan bhuíochas na nua theicneolaíochta ar fad.

Ó ghlúin go glúin a d'eascair an fíorchultúr Gaelach agus cé go bhfuil cúpla céad bliain de mheanmnaí rachmais tar éis an cultúr sin a bhrú siar, chomh fada siar is atá bia sa bhfaocha, níl sé marbh go fóill ná baol air.



Joe Steve

Idir dhá cheann na meá a bhíonn mo bharúil dá bhuan seasmhacht de réir mar a chuireann gníomhartha dearfach nó diúltach cluaisíní croí nó pian chluaise orm. Chaith mé seal de mhí-nádúr an tsamhraidh seo caite ag feistiú báid ar bhruach an chalafoirt i Ros a' Mhíl. Bhínn ag éisteacht le triúr fear de bhunadh na háite a bhí ag cur éadan cloiche ar theach nua. Níor thugadar scíth dá dteanga ó mhaidin go faoithin ná ó Luan go Satharn ach ag síor spalaíocht chainte i nglan-Ghaeilge. Iad ag argóint is ag sáraíocht go minic nuair a thosaíodh cúrsaí peile

nó barr nuachta na huairé dá spadhhartha ach é de nádúr iontu freisin rachtaíl gháire a bhaint as a chéile agus asamsa le tráthúlacht a gcuid cainte. Thagadh a gclann ina gcuideachta corr gheábh. Putacháí in aois a deich nó aon déag de bhlianta ach iad chomh seanóra agus chomh paiteanta céanna is a bhí a gcomhaoisigh céad bliain ó shin.

Ní i gcré na cille amháin atá saibhreas na cainte," adeireimse liom fhéin, agus ar fhaitíos go gceapfaí go bhfuil Éire taobh leis an triúr atá luaite agam, is beag an baol. Níl lá sa tseachtain nach gcastar a macasamhail liom. Tá mé ag obair i dteannta cuid de mhuintir Rann na Feirste atá fós chomh deisbhéalach le clann Mhic Grianna tráth ar chuireadar peann le pár. Casadh go Corca Dhuibhne ar shochairde mé ach níor lig mo chroí dom a dhul thar an gcomhlúadar geanúil a bhí ag scaoileadh an Aifrinn thartu taobh amuigh ar chúl an tséipéil. Chuireadar pian i mo thaobh ag gáire; a n-acmhainn grinne chomh foirfe le aon abairt dá labhraíodh ar an mBlascaod ariamh. Castar liom ins chuile cheantar Gaeltachta iad.

Ní iondúil, ar ndóigh, gur iad an mianach seo daoine is gaire a théann don altóir ná gur iad is glóraí

nuair ba chóra dhóibh a bheith i lár an aonaigh. An dias is troime is ísle a chromann a ceann, a deirtear. Ní bheadh meas chac a' deabhail ag formhór na ndaoine seo ar an Acht Teanga ná ar an mórchuid eagraíochtaí Gaeilge, gur b'iad a gcuid barrchostais atá ag diúl an uachtair de chíoch an stáit.

Fainic a gceapfa gur dúramáin iad. Sin iad fhéin nach mbeadh i bhfad do chur i do thost dá measfaidís gur ag caitheadh an chaca nó ag séideadh na mboilg a bhí tú. Daoine meabhracha atá ardoilte sa gcineál léinn nach féidir leis an gcóras oideachais a mhúineadh. Ní mhothaíonn siad dual ná dámh le formhór na n-eagraíochtaí atá in ainm is a bheith ag saothrú ar son na teangan. Ní thuigfidís *Seachtain an Gaeilge*, mar shampla, mar gur Gaeilge gach seachtain dá saol.

Éagsúlacht

Bíonn fáth le gach ní a deirtear agus caithfidh sé go bhfuil fáth éicint nach bhfuil meall mór Gaeilgeoirí ó dhúchas ar aon bhuille leis an ngluaiseacht díograiseoirí atá ag iomradh cúrsaí teangan go seasta is go coinsiasach. Ní hamhlaidh atá sé ina chaith na bpunann eatarthu ach cloisim an grúscán agus an glogar boilg atá ag an uisce faoi thalamh. Cuireann sé inní orm nuair a chloisim daoine geanúla ag sáraíocht gur mó de laincís Gaeilge ón gcliabhán a bheith agat nuair atá tú ag lorg post in earnáil na teanga. Mothaíonn siad go bhfuil Gaeilge bhacach bhriste ag dul i dtreise de bharr gur soir ar na Gaill, a thug droim láimhe don Ghaeilge fadó an lá, atá aghaidh na meáin Ghaelacha iontaithe. Ní cothú ach a mhalairt atá sa *low fat language* ach is dócha go bhfuil féileacáin níos feiceálaí cé gur blasta i bhfad an tairbhe atá ar obair na mbeacha sa rith fada.

Sodar i ndiaidh na n-uasal an sodar is suaraí ar bith de réir an tseanfhocail, ach is dóigh nach bhfuil sé 'cool' a bheith ag cur fotheidil ar sheanfhocla. *Whizz kids* agus *superstars* a bhéas mar réalta eolais ag an gcultúr nua-aoiseach agus chaon darna duine ar mhalairt tuairime maidir lena n-éifeacht.

Aniar as Meiriceá a tháinig slánaitheoir na bliana seo caite. Daoine ag dul as a gcrannadh cumhachta le teann bróid as Mac an Easpaig cé nach blianta fada ó dhamnaigh siad easpag a raibh mac aige.

Anois is deacair a bheith ag súil le dea-chultúr as Meiriceá, áit ar cuireadh an cultúr dúchasach faoi chois sna *reservations*. Ach ba oscail súl a bhí in iarracht Des, go fiú más calcadh cluas do mhórchuid daoine an rabharta focannaí a chuir sé mar dhlaoi mhullaigh le chuile abairt. Is dóigh go bhfuil an litir *F 'compatible'* i nGaeilge is i mBéarla ar na saolta seo cé nach gcuireadh seanfionduirí an tseanchais aníos dá gcroí mar mhúisc é.

Ní hionduil go mbíonn aon saol fada ag an *superstar* i mbarr a réime. Ba é Hector an chéad Dia bréige ar thosnaigh Gaeil an lae inniu ag tabhairt adhradh dó. Ní hí aidhm na cainte seo beag is fiú a dhéanamh de iarracht na beirte atá luaite. Sílim gur dhá phearsa ghnaíula iad a bhfuil a gcionn fhéin déanta go healaíonta acu. Agus dhá gcuirfeadh leath de mhuintir na hÉireann a leath oiread stró orthu fhéin go mbeadh Éire fós ag Cáit Ní Dhuibhir ach nuair a mheastar gur



Des Bishop

tábhachtaí a ndícheall ná dícheall na gcéadta is na mílte eile a bhí agus atá mar chaladh sábháilte ag an teanga, tagann eiteachaí cantail amach thrí mo chraiceann.

Diomú a chuir sé orm roinnt

blianta ó shin nuair a chuala mé Gaeilgeoirí measúla atá ag baint slí beatha as na cúpla focal ag frith mhagadh agus ag clamhsán agus ag ordú deireadh a chur le clár lár lae ar Raidió na Gaeltachta de bharr gur mheas siad an aoisghrúpa a bhíodh ag caint air a bheith rófhadálach agus ró-sheanfhaiseanta. Mheas mé gurbh é an clár a bhíonn ag Máirtín Tom Sheáinín a bhí i gceist; clár a chíorann sean-nósanna den uile chineál agus a bhaineann caint as daoine a bhfuil máistreacht ó dhúchas acu ar a dteanga agus ar a gcultúr. Seo ceann de na cláracha is mó a bhfuil tóir air ar fud na Gaeltachta ar fad go háithrid i measc an aoisghrúpa atá ag teannadh amach sna blianta, cosúil liom fhéin.

An Chéad Aidhm

Bhí beagáinín baint agam leis an ngluaiseacht a chuir dlús le Raidió na Gaeltachta an chéad lá ariamh agus ba í an aidhm a bhí againn, agus atá fós againn, ná meán dá gcuid fhéin a bheith ag pobal na Gaeltachta. Tuigeann muid fhéin a chéile agus más é mian duine ar bith eile éisteacht linn tá míle fáilte rompu agus mura bhfeileann an t-ábhar dhóibh tá míle beag stáisiún eile ar phont a méire acu lena mianta fhéin a aimsiú.

Ach ar son Dé ná bítear ag iarraidh an ghreim a shaothraigh muid go cneasta coinsiasach a bhaint as ár mbéal. Is leis an bpobal a chruthaigh é agus a chothaigh é an raidió agus níl sé de cheart fiú amháin ag Bord Stiúrtha ná ag an mbainistíocht a ghlór a athrú murab é toil a' phobail é. Níor mheas mé anois ná an uair sin gur go mailíseach a maslaíodh an clár. Is cairde liom fhéin a bhí ag cur a gcaicinn díobh ach sílim gur míthuiscint ba bun agus barr dó.

An mhíthuiscint sin a bhíonn mar chnámh spairne corr uair idir nádúr agus mí-nádúr an chultúir. Idir na Gaeil a d'fhás ón rúta agus na Gaeil a síolraíodh i ngorlann an oideachais. Nuair a éiríonn leis an dá mhianach oibriú as lámha a chéile, agus éiríonn go mion minic, is cumhachtach an fórsa fós fhéin iad.

Ní mór dom a rá ar a bpointe boise go mba trua Mhuire don teanga Ghaeilge agus don chultúr Gaelach i láthair na huaire murach iarracht ollmhór na nGaeil a fásadh ins na ceantair nach maireann rútaí na Gaeilge mar ghnáth-theanga labhartha níos mó. Tugaim ómós faoi leith do dhúthracht agus do dhílseacht na gcinnirí a chuir rútaí dá gcuid fhéin san ithir Ghaelach agus nach ndearna tóin dá mbéal le lóchán cainte sul má bhí an coirce síl aibí.

Is léir don dall nach bhfuil slánú ná fad saoil i ndán don teanga gan Gaeil óga a fhás i ngorlainn. Is leor fianaise na staraithe a deireann gurbh fhéidir líne díreach a tharraingt síos thrí lár na tíre ó Dhoire go dtí na Déise sa mbliain 1880 agus gur cainteoirí ó dhúchas a bhí in ochtú faoin gcéad den chosmhuintir taobh thiar den líne. Sin ochtú faoin gcéad de Ros Comáin mar shampla. Cúlú millteach taobh istigh de chéad tríocha bliain.

Rútaí

Aisteach gur i lár an rachmais sna tailte méith ba tréine a d'éag na rútaí ach gur choinnigh siad a ngreim i gcreaga loma cois cladaigh. Agus creidigí uaimse é go bhfuil na fíor-rútaí i bhfastú go daingean go fóill de bhuíochas drochmheas is frith mhagadh agus go mbíonn laethanta ann a mhothaím gur soir arais aríst in aghaidh fianaise na staire atá siad ag leathnú. Adhmaím nach é chuile lá é. Ní féidir liom mo chluasa a bhréagnú nuair a chloisim aos óg na Gaeltachta ag tabhairt cúl le cine agus a chead sin acu sílim. Beatha duine a thoil, ach tagann beagán misnigh aríst nuair a chloisim cuid mhaith acu ag casadh arais ar a ndúchas nuair atá meanmnaí dúshlán an déagóra curtha dhíobh acu. Ní mise an chéad duine ná an duine deireaneach a déarfadh nár ghéill muidne ariamh fós go raibh an cath deireaneach troidtí againn.

Mothaím ar na saolta beaga seo go bhfuil an mheoin ag athrú, go háithrid i measc cúplaí óga atá ag déanamh cinneadh coinsiasach a gclann a thógáil le dea-Ghaeilge.

Mothaím an mheoin ag athrú i measc mórchuid daoine a aithníonn mí-nádúr sa gcac ar aithris atá i mórchuid cláracháí teilifíse ach atá sásta a theacht amach ina sluaite ag dráma traidisiúnta mar shampla.

Dúchas

Cailleadh comrádaí mór liom i dtús na bliana seo, Antoine Pheaitín Terry Mac Donncha as Ros a' Mhíl. Níorbh aon scoláire mór le rá a bhí ann ná aon phearsa mór polaitíochta ná tada den tsórt sin. Gnáthdhuine a mbíodh HyMac aige ag réiteach suíomhanna ar fud



Máirtín Tom Sheáinín
le caoinchead an nuachtán Foinse

Chonamara. Fear gealgháireach a raibh sé de bhua aige freisin port croíuil a chasadh ar a mbosca agus go seasfá sa sneachta ag éisteacht leis ag gabháil fhoinn. Ba mhór an tógáil croí dom gur thuig an pobal a gcailliúint agus gur thugadar ómós dhó dá réir.

Bhí scuaine seasta daoine amach go geata ar feadh chúig uair an chloig tráthnóna Dé Domhnaigh agus thóg sé dhá uair a chloig eile ar na sluaite a gcomhbhrón a chur in iúil ag an tsochairde lá arna mháireach. Léirigh an pobal a ndúracht don dúchas agus don traidisiún as ar fáisceadh Antoine, go ndéana Dia Grásta air.

Téann sé go cnámh ionam amanntaí nuair a chloisim corr aineolaí ag déanamh beag is fiú de na garbhchríocha dár díobh mé, cuid acu chomh craosach leis an gcuach ag coilleadh neadracháí an dúchais.

"Tá an Ghaeltacht marbh. Ní

cóir airgead a chaitheamh sa nGaeltacht níos mó," nó cosamar cainte den tsórt sin.

Féach ar chlár comórtais an Oireachtais mar shampla, nó tóg iomaitheoirí na Gaeltachta amach as chuile chomórtas go bhfeicfidh tú céard a bhéas fágtha agat. Daoine nach n-aithníonn an scríobadh thar an tochas a dhéanann grifisc chainte den chineál sin.

"Ach do chuaigh mé go dtí an Spidéal agus níor chuala mé aon duine ag labhairt Gaeilge." Thiocfadh dhuit, ach tá cónaí ormsa ceathrú míle taobh thiar den Spidéal agus níor chuala mé aon fhocal Béarla ag muintir mo bhaile ariamh ná ag bunadh an cheantair taobh thoir ná taobh thiar den Spidéal.

Chuaigh mé go dtí Sráid Uí Chonaill i mBleá Cliath ach níor chuala mé aon Ghaeilge dá labhairt, ná mórán Béarla ach oiread, ach ní fhágann sin nach bhfuil fíorscoth na nGaeilgeoirí sa bpríomhchathair.

"Má theastaíonn uait an bhualtrach a leathnú, seas inti," a dúirt Máirtín Ó Cadhain fadó, agus tá beagán imní orm go bhfuil mise ag cur mo choice anois inti cé gurb é a mhalairt atá mar aidhm agam.

Breathnú romhainn

Mothaím nach raibh an aeráid chomh feiliúnach ariamh sa saol le gníomh fiúntach a dhéanamh ar son an chultúir Ghaelaí, dá mbeadh muid sách ómósach dá chéile agus sách fadbhreathnaíoch le na comharthaí sóirt a thabhairt faoi deara.

Castar na céadta liom as chuile cheard den tír nach bhfuil acu ach ag líochán na bhfo-theideal d'éadan na teilifíse de bharr an ghráin shaolach ar an teanga Ghaeilge a d'éirigh leis an gcóras oideachais a dhaingniú ina gcroí. Ach is léir go bhfuil a meoin ag athrú de réir mar atá corr bhlaiseadh den chultúr Gaelach ag dul i bhfeidhm orthu. Iad ag gabháil a leithscéal as an míthuiscint a d'fhág balbh ar urlabhraíocht na Gaeilge iad. Ní casadh mór a theastódh ón roth chun meoin na mílte a bhíogadh i dtreo cultúr a sinsir. Is tiubhcha fuil ná uisce. Tá an mheoin Ghaelach seo tugtha faoi deara le blianta

agam in iarthar chontae an Chláir, áit gur é an Béarla an gnáth-theanga labhartha. Ach mothaíonn tú an cultúr agus an nádúr atá báite i gcroí na ndaoine.

An bairille a mbíonn an fionn ann fanann a bhlás ar na cláir, deirtear. Tá na daoine seo fós chomh mórtasach is chomh hómósach as a dtraidisiún is go mothaím níos compórdaí ina measc ná mar a mhothaím i gcroí lár na geaitsíochta a bhaineann leis an nua-Ghaeilge.

Castar na céadta liom ins chuile cheard den tír nach gcaillfeadh Ros na Rún ar ór na cruinne, cé nach bhfuil focal Gaeilge ina bpluic. Ach ní friotal atá chomh tanaí le liathuisce ná an nua-aois a chuireann an t-aos óg ag pramsáil ó leaba go leaba is mó atá dá mealladh arais i dtreo an chultúir ach na goití a bhíonn ar Shéamus Mhicil Tom agus an saibhreas a bhíonn ag tál as béal leithéid Thaidhg Uí Dhireáin.

Aithníonn an fhuil an gaol. Díol bróid do mhórchuid acu go maireann an Ghaeilge labhartha beo go fóill ar na seanrútaí agus is dall an té nach léir dóibh gur saothar in aisce sa rith fada a bheith ag athphlandáil na teanga má ligtear an pór dúchais i léig.

Meabhraíonn sé na cúpla ribe liath dom a chuireann oiread gráin ar dhaoine is go gcuirtear faoi cheilt le dath as buidéal iad. Breathnaíonn sé thar barr ar feadh seachtain nó dhó nó go dtosaíonn bunannaí liath na gruaige ag athfhás go follasach nó go gcaitear iad a phlúchadh in athuair le scaird eile den mhí-nádúr.

Seanmhúnláí

Téann sé ó mheabhair orm go bhfuil oiread sin díocais ar an gcine daonna ag dul in aghaidh an nádúir, ag cur an dubh ina gheal orthu fhéin le margaiócht bhréagach agus le saint. Ní go mall réidh feasta ach go gasta síoraí seasta atá daoine ar a mionda ag briseadh na seanmhúnláí a thug slán leis na cianta muid agus ag cruthú múnlaí mínádúrtha atá i gcontúirt an domhan seo a chriogadh taobh istigh de chéad



Tráthnóna ag an Oireachtas – Pádraig Chearra, Seán Ó Curraoin, Máirín agus Joe Steve, ag ócáid bronnta na nduaiseanna liteartha.

bliain. Ní hé an cultúr Gaelach amháin atá i gcontúirt a phlúchta de bharr saint an mhionlaigh atá i gceannas ar shaibhreas an domhain.

Bhíodh Cuan na Gaillimhe ag cothú mo thaobh tíre le linn m'óige le scadáin, le troisc, le faoitíní agus le *breams*. Oiread is ceann amháin acu sin níl le fail sa gcuan níos mó. Bhínn ábalta deoch uisce a ól as chuile shruthán agus as chuile thobar i mo thaobh tíre fadó. Súlach na ndamhach séarachais atá in ionad an fhíoruise anois.

Is mó scrios atá déanta ag an nglúin dár díobh mé ar chultúr, ar aeráid is ar uiscí an domhain ná mar a rinne na mílte glúin a d'imigh romhainn ach a bhí i bhfad níos suaimhní ina n-intinn na mar atá muidne. Tá sé suntasach gur le linn réabhlóid mhór oideachais agus nuatheicneolaíochta is mó a tharla an scrios. Tá sócmhainní ola an domhain curtha go dtí snaidhm a rópa againn agus caipín sonais na cruinne curtha as a riocht dá réir.

Níl bréag ar bith nach bhfuil comaoin mhillteach mhór curtha ar mhórchuid den chine daonna ag na hacadaimh léinn, go háithrid i gcúrsaí leighis, ach níl siad saor ó mhilleán as an bhforbairt intleachtúil atá ag déanamh déithe bréige de dhaoine. B'fhurasta breith

ar thóin ar na pearsain mhóra seo, a mheas go raibh siad uilechumhachtach nó gur bhuail ráig de thinneas boilg an gheimhreadh malartáin airgeadais an domhain. Ní teist mhaith ar a gcuid cinnireachta gurb é an gnáth íocóir cánach a íocfas an téilíreacht go díreach mar atá siad ag íoc téilíreacht na mbínsí fiosrúcháin sa tír seo.

B'fhéidir go bhfuil a acmhainn léinn sroichte ag an duine daonna de bharr daol de nádúr an ainmhí a bheith dá mhaíomh chun sainte. Chun leasa a thiocfaidh céim ar gcúl don chuid is otraithe den chine daonna ach ní hé nádúr an chórais polaitíochta muid a threorú chun céim ar gcúl a thógáil go fiú má tá rath na nglúnta atá le theacht ag braith air.

Tá muid ag braith anois ar na hinstitiúidí léinn chun súil fhadhbheathnaíoch, súil chinniúnach a chaitheamh ar mhúnlá treorach oideachais a chinnteodh go mbeadh an t-aer sách úr, an t-uisce sách glan agus an ithir sách folláin le go bhféadfadh daoine daonna leanacht orthu ag maireachtáil i gCathair seo na dTreabh, agus go mb'fhéidir go mbeadh duine éicint eile ábalta labhairt anseo i nGaeilge faoi cheann céad bliain.

An tOireachtas



Laochra an cheantair, 2008

Thuas tá Ciarán Ó Concheanainn, buaiteoir Chorn Uí Riada; ar chlé tá Caitlín Ní Chualáin, buaiteoir Chomórtas na mBan agus ag bun tá Fearghais Mac Lochlainn, buaiteoir Chomórtas na nAgallamh Beirte.



Comhar Creidmheasa Cholm Cille

Bliain agus Fiche ag Fás

Is “ar scáth a chéile a mhaireann na ndaoine” atá mar mhodh oibre againn ag an comhar creidmheasa. Tá Comhar Creidmheasa Cholm Cille ag feidhmiú anois le os cionn bliain agus fiche. Déanann sé freastal ar na pobail ó Cheantar na nOileán soir chomh fada leis na Forbacha, agus ó thuaidh chomh fada le Gleann Trasna. Thar na mblianta, tá fás agus forbairt tagtha ar an líon ball atá páirteach sa gComhar Creidmheasa.

Le léargas a thabhairt ar an dul chun cinn atá déanta ag an gComhar Creidmheasa, is fiú súil a chaith ar roinnt staitisticí:

- Tá os cionn €30m de scaireanna ag baill sa Chomhar Creidmheasa.
- Tá lámh le 7,500 ball ag an gComhar Creidmheasa
- Beidh díbhinn de os cionn €600,000 á íoc leis na baill i mbliana
- Tá €14m tugtha amach ar iasacht do na baill

Is léiriú é seo ar an muintín atá curtha ag pobal dheisceart Chonamara i gComhar Creidmheasa Cholm Cille agus is mór é ár mbuíochas as sin. Ar ndóigh tá na comhair chreidmheasa bunaithe ar phrionsabail an chomhoibrithe agus na pobail ag cuidiú lena chéile ar mhaithe lena chéile. Go deimhin is é mana na gcomhar creidmheasa ná “Ní le brabús ná mar charthanacht ach le haghaidh seirbhíse”. Tá sé soiléir go bhfeiceann go leor daoine na buntáistí a bhaineann le bheith ina mbaill, ina measc:

- Úinéireacht ag na baill féin ar an gComhar Creidmheasa
- Ráta maith díbhinn ar do chuid choigiltis
- Ráta ús réasúnach agus coimhlinteach ar iasachtaí
- Árachais saoil ar do choigilteas agus d’iasachtaí
- Seirbhís d’ardchaighdeán curtha ar fáil go háitiúil

I ndeireadh na dála is leis na baill féin an Comhar Creidmheasa agus is féidir leo a bheith páirteach i stiúradh agus i bhforbairt imeachtaí an Chomhair Creidmheasa trína bheith páirteach in aon ceann de na coistí deonacha atá gníomhach sa gComhar Creidmheasa.

Is fiú freastal ar an gcruinniú cinnbhliana a bheidh ar siúl ar an 25ú Samhain i Seanscoil Sailearna le tuilleadh eolais a fháil ar na bealaí ar féidir leatsa a bheith páirteach ann.

Anois agus aimsir corraitheach eacnamaíochta sa tír, bheadh na moltaí seo a leanas ag an gComhar Creidmheasa do bhaill agus don pobal i gcoitinne:

- Déan méid éigin airgead a choigilt chuile seachtain, mar shampla, trí €5 a choigilt sa tseachtain bheadh €1,300 ag an ball i ndiaidh 5 bliana
- Lean ort ag déanamh aisíocaíochtaí ar do chuid iasachtaí, labhair leis an institiúid airgeadas atá agat má tá deachrachaí airgeadas agat chun plean a chur le chéile le cabhrú leat aisíoc a dhéanamh ar iasachtaí
- Gearr siar ar chaiteachas nach bhfuil gá leis, mar shampla, an bhfuil gá leis an ballraíocht sin sa gym nó an Sky+?

Tá bainisteoir ginearálta úr ag an gComhar Creidmheasa. Is as Cill Chainnigh ó dhúchais do Ruairí Ó Néill agus tá sé ag teacht i gcomharbacht ar Cholm Ó Coisdealbha a bhí mar bhainisteoir ar feadh 4 bliana. Is ar dhea-obair Choilm a bheidh muid ag forbairt sna blianta amach romhainn agus ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabháil le Cholm as an dea-obair thar cuimse a dhein sé le blianta anuas.

Má theastaíonn uaitse a bheith i do bhall sa Chomhar Creidmheasa, nó go deimhin tuilleadh eolais a fháil ina leith, déan teagmháil linn ag ár bpríomhoifig ar an Cnoc nó san oifig ar an gCeathrú Rua. Tá na huaireanta oibre seo a leanas againn.

Laethanta Oscailte

Dé Luain

Dé Máirt

Dé Céadaoin

Déardaoin

Dé hAoine

Dé Satharn

Lón:

Oifig an Chnoic

10.30 r.n. – 4.00 i.n.

10.30 r.n. – 4.00 i.n.

Dúnta

10.30 r.n. – 5.00 i.n.

10.30 r.n. – 5.00 i.n.

9.30 r.n. – 2.30 i.n.

2.00 i.n. – 2.30 i.n.

Oifig na Ceathrú Rua

Dúnta

Dúnta

Dúnta

10.30 r.n. – 5.00 i.n.

10.30 r.n. – 5.00 i.n.

Dúnta

2.00 i.n. – 2.45 i.n.

Scoil Náisiúnta Sailearna

Dóchas sa Dúchas

Bhí bliain iontach againn arís anuraidh i Scoil Sailearna. Don dara bliain as a chéile bronnadh an gradam “Scoil Ghaeltachta is Fearr” orainn ag an bhFéile Náisiúnta Scoil Drámaíochta.

Ag Oireachtas na Gaeilge i gCathair na Mart a bhí ar siúl faoi Shamhain ghlac os cionn scór gasúir as an scoil páirt i gcomórtas na n-agallamh beirte agus sa damhsa ar an sean-nós. Arís i mbliana níor tháinig muid abhaile folamh agus bhuaigh Caoimhe Ní Chonghaile agus Sharon Ní Bheoláin an dara háit sna hagallaimh bheirte faoi 12! Is é athair Chaoimhe, Traolach Ó Conghaile, múinteoir Rang a 2, a scríobh an t-agallamh beirte buacach.

D'éirigh thar barr linn ag an bhFéile Scoil Drámaíochta freisin. Ag an bhFéile áitiúil i mBaile Locha Riach bhí Rang a Dó san iomaíocht leis an dráma “Craobh an Chontae” faoi stiúir an mhúinteora Traolach Ó Conghaile.

D'éirigh thar cionn leis an dráma agus bhuaigh siad an chéad áit! Fuair Oisín Ó Fátharta gradam don aisteoir is fearr mar an “sean-Iad” i “gCraobh an Chontae.” Ina theannta sin fuair an dráma ainmniúchán don Fhéile Cúige. Ag an bhFéile Cúige fuair aitheasc ainmniúchán le páirt a ghlacadh sa bhFéile Náisiúnta i Muileann gCearr.

Nach muid a bhí mórálach astu nuair a bronnadh an chéad áit orthu agus an gradam speisialta “Scoil Ghaeltachta is Fearr” don dara bliain as a chéile!

Chuir Rang a 6 clabhsúr leis an scoilbhliain le seó iontach i Seanscoil Sailearna faoi stiúir an mhúinteora Micheál Antoine Ó Loideáin. Bhí idir ghasúir Rang a 6 agus aonona áitiúla ag glacadh páirte sa seó seo mar a bhíonn chuile bhliain. I measc na n-aonona bhí roinnt de na tuismitheoirí - Noel Hill ar an gconsairtín, Breandán Mac Craith ar an ngiotár agus Tadhg Mac Dhonnagáin ag casadh



Scoil Sailearna ar an gCnoc.

amhrán. Bhí an boscadóir cáiliúil Johnny Óg Ó Conghaile ag casadh cheoil ina gcuideachta. Bhí seanscéal againn ó Jimí Chearra agus céapar damhsa ar an sean-nós ó Patricia Ní Fhátharta. Chuaigh na haíonna i bhfeidhm go mór ar na gasúir agus bhí chuile dhuine antógtha le gasúir Rang a 6 freisin. Chuir na gasúir an-taispeántas os ár gcomhair le hagallaimh bheirte, damhsa, ceol agus amhráin. Bhí an-oíche go deo ann agus bhain chuile dhuine an-sásamh aisti.

Arís i mbliana tá feachtas dearfach, leanúnach againn leis na gasúir a spreagadh, a mhealladh agus a ghríosadh ó thaobh labhairt na Gaeilge dhe. Gan dabht ar bith tá feabhas mór ar chúrsaí Gaeilge i gclós agus i dtimpeallacht na scoile.

Beidh gasúir na scoile ag glacadh páirte arís in Oireachtas na Gaeilge a bhéas ar siúl i gCorcaigh. Le cúnamh Dé beidh muid ag glacadh páirte sa bhFéile Scoil Drámaíochta arís freisin. Cá bhfios nach mbeadh “three in a row” againn! Ach nach cuma ach a bheith páirteach, ár ndícheall a dhéanamh agus sásamh a bhaint as!

Míníonn muid do na gasúir i

gcónaí gurb é ná an Ghaeilge a labhairt eatarthu fhéin an rud is tábhachtaí! Níl mórán maith a bheith ag labhairt Ghaeilge ar an stáitse agus ag iompú ar an mBéarla taobh amuigh!

Tá muid ag tosaí scéim phíolóiteach “Leagan Cainte” sa scoil i mbliana freisin áit a mbeidh muid ag baint chuile leas as an saibhreas Gaeilge atá sa gceantar ag tuismitheoirí, Deaideo, Mamó agus cairde na scoile. Beidh painéal cainteoirí againn agus uair sa tseachtain beidh seisiún “Leagan Cainte” againn sa seomra ranga áit a mbeidh obair ghrúpa ar bun. Beidh an bhéim ar fad ar leaganacha Gaeilge agus saibhreas cainte a thabhairt do na gasúir. Tá muid dóchasach go n-éireoidh thar cionn leis an scéim seo mar gan dabht is ar an teallach atá an saibhreas Gaeilge is fearr le fáil.

Tá na gasúir ag braith ar threoir agus ar shampla na ndaoine fásta. Tá muid i Scoil Sailearna thar a bheith mórálach agus muiníneach as na gasúir. Siad atá ag déanamh a gcion maidir le caomhnú na teanga!

Mar a dúirt an fear fadó: “Coinnigh ann í!”

Imeachtaí i gColáiste Cholm Cille 2007-2008

Ceol

Tháinig grúpa ceoil traidisiúnta le chéile i gColáiste Cholm Cille anuraidh. “Tá’ a’ d féin’ a thugadar orthu fhéin. Ochtar a bhí sa ngrúpa, **Tomás Ó Riada** (feadóg stáin agus feadóg mór), **Diarmaid Ó Conghaile** agus **Muireann Ní Chadhain** (feadóga), **Orla Ní Fheinneadha** (amhránaí), **Eoin Ó Dubhghaill** (giotár), **Fionn Ó Céide** (bosca), **Caoimhe Ní Ghriallais** (fidil), agus **Karen Ní Dhonnchú** (bodhrán). D’fhreastail siad ar cheardlann leis na ceoltóirí aitheanta **Oisín mac Diarmada** agus **Cormac de Barra**.

Drámaíocht.

Bhuaigh aisteoirí na scoile an chéad áit sa bhFéile áitiúil leis an dráma ‘Pionta amháin Uisce’. Fuair **Eoin O Dubhghaill** an duais don aisteoir is fearr.

Bhí aisteoirí na scoile páirteach i gCraobh na hÉireann sa drámaíocht chomh maith. **Bhuaigh Seamus Ó Scanláin, Risteard Mac Donnacha, Eoin O Dubhghaill, Cormac Ó Fátharta agus Conchúr Mac Domhnaill** duais le sceits beag ag úsáid puipéid chun tábhacht ‘Uisce’ a chur os comhair an lucht féachana i gcomórtas a d’eagraigh **Conradh na Gaeilge**.

Díospóireacht

Ghlac foireann Sóisir na scoile páirt i gcomórtas Díospóireachta ‘Gael Linn’ anuraidh. Bhaineadar amach an Craobh Réigiúnach. Comhghairdeas leo. Ar an bhfoireann bhí **Pádraic Ó Finneadha, Gráinne Ní Bheoláin** agus **Diarmaid Ó Fátharta**.

Tá foireann Sóisir Díospóireachta ag an scoil arís i

mbliana. Ar an bhfoireann tá **Diarmuid Ó Fátharta, Gráinne Ní Bheoláin, Éinne Ó Beoláin & Deirdre Seoighe**. Go n-éirí leo!

Duaiseanna Ardteiste.

Bronnadh boinn airgid ar **Mháire Treasa Ní Dubhghaill** agus ar **Shíle Ní Scanláin, iarscoláirí**. Déantar na boinn cháiliúla seo a bhronnadh gach aon bhliain ar an gceathrar iarrthóir is fearr, dar leis, an Roinn, a scríobh na haistí is fearr as **Ghaeilge san Ardteist Ardleibhéal** sa tír.

Scríbhneoireacht.

Comórtais Liteartha Údarás na Gaeltachta 2007.

Bronnadh duaiseanna ar na scoláirí seo leanas.

Diarmaid Ó Feinneadha, Laoise Ní Fhlaithearta, Neansaí Ní Mhaoláin, Orla Ní Fhinneadha, Gráinne Ní Bheoláin, Donnacha Ó hAinmhíre, Aonghus Ó Flatharta, Leon Mac Lochlainn, Muireann Ní Chadhain, Daithí Ó Loideáin, Siobhán Tim Ní Chonghaile, Niamh Seoighe, Rioghna Ashford, Yvonne Ní Churraoin agus **Deirdre Seoighe**.

Comórtas Liteartha an Oireachtais.2007.

D’éirigh leis na scoláirí duaiseanna a bhuachaint ag an gcomórtas seo anuraidh. **Laoise Ní Fhlaithearta, Neansaí Ní Mhaoláin, Orla Ní Fhinneadha, Donnacha Ó hAinmhíre, Aonghus Ó Flatharta, Leon Mac Lochlainn, agus Niamh Seoighe**.

Tóstal na Gaeilge 2008

Bhuaigh Cormac Ó Fatharta an chéad duais ‘Coicís i gColáiste

Uisce’ le haiste a scríobh sé i gcomórtas a d’eagraigh ‘**Tóstal na Gaeilge 2008**’.

Comórtais Liteartha an Oireachtais 2008

Bhuaigh Gráinne Ní Bheoláin an Chéad Duais le píosa Iriseoireachta a scríobh sí agus an Dara Duais le scéal a chum sí. D’éirigh le **Donnacha Ó hAinmhíre** an Chéad Áit a tháille scéal a scríobh sé agus an **Dara hÁit le dán**. **Bhuaigh Niamh Seoighe** an dara duais i rannóg faoi 21 le dán a scríobh sí.

Conradh na Gaeilge 2008

D’éirigh leis na scoláirí seo leanas duaiseanna Scríbhneoireachta a bhaint amach sa gcomórtas náisiúnta a bhí eagraithe ag **Conradh na Gaeilge**: **Annie Ní Chonghaile. Aiste Éinne Ó Beoláin agus Gráinne Ní Bheoláin. Iriseoireacht. Jimín ó Griallais. Filíocht. Rang na hIdirbhlíana . Físeáin. Pádraic ó Maoileoin. Aiste. Niamh Seoighe. Filíocht. Conchúr Mac Con Iomaire. Aiste.**

Comórtas Liteartha Údarás na Gaeltachta 2008

Roinn 1 Aiste (faoi 16): Clíodhna Ní Eidhin agus Eoin Ó Cualáin
Roinn 2 Alt Iriseoireachta Roinn 2 (faoi 16): Gráinne Ní Bheoláin agus Maidhc Ó Conghaile
Roinn 3 Gearrscéal (faoi 16): Donnacha Ó hAinmhíre . Éinne Ó Beoláin
Roinn 4 Filíocht (faoi 16) Donnacha Ó hAinmhíre agus Maidhc Ó Conghaile
Roinn 6 Iriseoireacht don Idirlín Diarmaid ó Fatharta, Kevin Ó Síordáin Rang na hIdirbhliana .

Roinn 8 Alt Iriseoireachta (faoi 21)
Muireann Ní Chadhain -
Roinn 9 Gearrscéal (faoi 21)
Conchúr Mac Con Iomaire,
Pádraic Ó Maoileoin agus **Róisín**
Ní Choisdealbha.
Roinn 10 Iarracht Filíochta (faoi
21) **Fiona Ní Dhonnacha, Niamh**
Seoige agus **Aonghus Ó**
Flaithearta

Conradh na Gaeilge 2008

D'éirigh leis na scoláirí seo leanas
duaiseanna Scríbhneoireachta a
bhaint amach sa gcomórtas
náisiúnta a bhí eagraithe ag
Conradh na Gaeilge

Annie Ní Chonghaile. *Aiste*
Éinne Ó Beoláin agus **Gráinne Ní**
Bheoláin. *Iriseoireacht.*

Jimín ó Griallais. *Filíocht.*

Rang na hIdirbhliana. *Físeáin.*

Pádraic ó Maoileoin. *Aiste.*

Niamh Seoighe. *Filíocht.*

Conchúr Mac Con Iomaire. *Aiste.*

Clár Raidió Gael Linn

Bhuaigh Rang na hIdirbhliana
duais lena gclár raidió a chuir siad

le chéile do chomórtas a eagraíonn
Gael Linn.

Comórtas Filíochta **idirnáisiúnta**

Bhuaigh **Donnacha Ó hAinmhire**
an Chéad Duais i gComórtas
Filíochta Idirnáisiúnta Dhún
Laoghaire -Rath an Dúin.

Iriseoireacht

Foilsíodh píosa iriseoireachta a
chuir Rang na hIdirbhliana le chéile
san nuachtán 'Foinse' i mí Eanáir.
'Nuachtsheomra' a tugadh air.

Flirt FM'

Ghlac triúr scoláirí páirt i
gCeardlann Raidió a d'éagraigh
Conradh na Gaeilge in Ollscoil na
hÉireann Gaillimh. Bhí **Seamus Ó**
Scanláin, Eoin Ó Dubhghaill agus
Jimín Ó Griallais le cloisteáil beo
ar an stáisiún 'Flirt FM'

Léigh Leabhar Gaeilge.

Tá rang uair sa tseachtain do
scoláirí Bliain 1 agus Bliain 2 faoi

chúram Pléaráca chun daoine óga
a spreagadh le leabhar Gaeilge a
léamh. Beidh rang amháin acu ar
feadh 10 seachtainí agus tar éis na
Nollag beidh 10 seachtainí don
dara grúpa as Bliain 1 agus
Bliain 2.

Scríobh Scripte.

Bhí **ceardlann** faoi chúram Pléaráca
sa scoil don Idirbhliain chun Script
a scríobh do dhráma teilifíse. Ba í
Kate Ní Fhlaithearta, scríbhneoir le
Ros na Rún a bhí i bhfeighil an
chúrsa.

Aoi Speisialta.

Thug **Maidhc Dainín Ó Sé** a
chuaire bhliantúil ar an scoil i mí
Feabhra.

Tá rang na hArdteiste ag déanamh
staidéir ar an leabhar a scríobh sé
don scrúdú Gaeilge san
Ardteistiméireachta.

Comhghairdeas leis na daltaí ar fad, na
múinteoirí, na tuismitheoirí, foireann
na scoile agus gach duine a chuidigh
linn i rith na bliana.



Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
National University of Ireland, Galway



Tapaigh do dheis chun cúrsa
céime a dhéanamh le hAcadamh
na hOllscolaíochta Gaeilge,
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Seo é do sheans!



Is acadamh lán-Ghaeilge de chuid Ollscoil na hÉireann, Gaillimh é Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge

Cúrsaí Céime

- GY106
B.A. (Cumarsáid)
An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe
- GY107
B.A. (Gaeilge agus Léann an Aistriúcháin)
OÉ Gaillimh
- GY108
B.A. (Riarachán Gnó)
Gaoth Dobhair, Co. Dhún na nGall
- GY101
Léann an Aistriúcháin
(ábhar de chuid an B.A. Omnibus)
OÉ Gaillimh

Déanfaidh muid gaisce le chéile

Tuilleadh eolais le fáil ó:
Brid Seoige
Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
Fón: + 353 (0) 91 495302
R-phost: brid.seoige@oegaillimh.ie



Ceiliúradh 10 mBlíana i Hortlova

Máirtín Ó Dubhghaill

Bunaíodh an charthanacht *To Russia With Love* i 1998 agus bhí ceiliúradh mór ar siúl amuigh i Hortlova sa samhradh. Bhí an t-ádh orm féin gur éirigh liom a bheith amuigh ann don chúigiú uair. Chaith mé trí seachtainí ann in éineacht leis na gasúir agus de bharr flaithiúlacht mhuintir Chois Fharraige agus chathair na Gaillimhe ba thuras an-dearfa a bhí ann. Ceannaíodh 14 rothar chomh maith le huirlisí ceoil.

Déanadh athchóiriú ar sheomraí codlata na gcailíní agus cuireadh caoi ar an teach gloine álainn a thóg muid anuraidh. Bhí féasta mór ag na gasúir i lár mhí Lúnasa agus tháinig go leor gasúir ó na dílleachtlanna eile sa cheantar le ceiliúradh in éineacht leo. Bhí ceol, craic agus spraoi acu ó mhaidin go hoíche. Fir grinn, Bouncy Castles, cluichí agus neart "Jelly agus Ice-Cream!" Chomh maith leis sin, tugadh na gasúir go dtí an Mhuir Dhubh ar saoire seachtaine – an chéad uair a chonaic siad an fharraige agus an chéad saoire ag an gcuid is mó acu.

Bhí criú teilifíse ó stáisiún Bryansk i láthair agus craoladh 10 nóiméad an oíche dar gcionn ar an stáisiún réigiúnach. Cuireadh agallamh ar Debbie Deegan (bunaitheoir *To Russia With Love* agus ghlac sí buíochas trí huaire go poiblí le muintir na Gaillimhe, agus le muintir Chois Fharraige go speisialta, faoin gcúnamh atá tugtha don iarracht seo le blianta beaga anuas.

Tá sé do-chreidte an feabhas atá tagtha ar shaol na ngasúr seo ó 1998. Bhí an foirgneamh féin ag titim ó chéile 10 mbliana ó shin; seomraí codlata, leithris agus seomraí folctha lofa. Anois tá an áit ag breathnú iontach: leithris agus seomraí glanta agus péinteáilte. Seomra Ríomhairí, Seomraí Cócaireachta agus Seomra Spraoi nuathógtha!

Tá cúigear Rúiseach fostaithe ag *To Russia With Love* sa dílleachtlann agus tá siad neamhspleách ó na hÚdaráis. Má bhíonn tinneas nó aon anró eile ar na gasúir bíonn an cúigear seo ar an láthair leis na fadhbanna seo a réiteach. Tá breis agus 160 dílleachta in Hortlova ó 5 bliana go 17 mbliana. Bíonn orthu an áit a fhágáil nuair a shroicheann siad 17 mbliana. Tá cúig árasán ag *To Russia With Love* do ghasúr ar bith atá

ag iarraidh freastal ar choláiste tríú leibhéal (Tá 29 scoláirí ón dílleachtlann ag freastal ar chúrsaí éagsúla sa choláiste réigiúnach i mBryansk) I 2009 beidh an chéad bheirt ag baint céime amach, Slava ina dhlíodóir agus Valentina ina dochtúir. Ní tharlódh sé seo murach an méid oibre atá déanta ag Debbie Deegan agus a cuid cúntóirí chomh maith le cineáltas agus dea-thoil mhuintir na Gaillimhe & mhuintir Chois Fharraige.

Chuir Cumann Drámaíochta Chois Fharraige léiriú speisialta ar an stáitse i Meitheamh i Seanscoil Sailearna agus d'eagraigh siad Raifil Mór i dTigh Mholly ina dhiaidh sin. Bailíodh ?2,000 ar an oíche do TRWL. Bhí oíche mhór ceoil Tigh Mholly i mí Lúnasa agus bailíodh ?1,000 eile.

Rinne Séamus Ó Scanláin DVD den dráma agus bhronn mé féin ar Debbie Deegan é agus taispeánadh é sin ar an teilifís freisin. Glacann muid buíochas freisin le Cumann Iarobrithe Lúfara an Spidéil faoin ?400 a thug siad dúinn i mbliana

Tá an oiread dul chun cinn déanta i Hortlova le 10 mbliana go bhfuil faoi TRWL 3 dhílleachtlann eile a thógáil faoina gcúram an chéad bhliain eile. Thug mise ?4,245 amach go dtí an dílleachtlann i Hortlova sa samhradh agus caitheadh chuile cent le linn mé a bheith ann! Rothair, uirlisí ceoil, péint, plandaí, neart sólaistí agus caithimh aimsire do na gasúir ar lá an *Fhéasta Mhóir*. Míle buíochas do mhuintir Chois Fharraige as ucht bhuir gcineáltas. Go gcúití Dia libh é!



Máirtín ag bronnadh cóip den dráma *Tórramh san Iarthar* ar Debbie Deegan, bunaitheoir na carthanachta *To Russia With Love*.

Cuilteáil Chois Fharraige

Áine Máire Ní Ódhráin

IFómhar 2005 thug Mairéad Ní Mhócháin (Scoil Sailearna) agus Bríd Ní Bhriain (Coláiste Cholm Cille) cuireadh dom cúrsa *patchwork* a mhúineadh do thuismitheoirí na scoileanna. Bhí an-suim ag na thuismitheoirí ann agus ar an gcéad oíche tháinig ocht nduine dhéag chun an cuilteáil phaistí a fhoghlaim. Mé féin agus Mary Ann Uí Churraoin a bhí á múineadh.

Tar éis na blaise sin, bhí deichniúr foghlaimeoirí ag iarraidh leanúint ar aghaidh leis agus bunaíodh *Cuilteálaithe Chois Fharraige* i Feabhra 2006. Bhuaileamar le chéile i gColáiste Cholm Cille, ag fuáil 's ag baint taitneamh as an gcaint agus as an gcomhlúadar chuile oíche Dé Céadaoin. Bhí obair á dhéanamh againn ag an am céanna agus i mí Bealtaine 2007 bhí ár gcéad thaispeántas againn i Leabharlann na Ceathrún Rua. Bhí dhá chuilt agus fiche ann agus is é Máirtín Daibhí a d'oscail an taispeántas dúinn. San am sin freisin, rinneamar cúig chuilt grúpa a bhronnamar ar na scoileanna le haghaidh crannchur.

Thosaigh mé ag déanamh *patchwork* leis na mná i dTearmann Éanna le cúnamh ó Bhríd Feeney agus ó Mheán Fómhair 2007 go Meitheamh 2008 rinne gach duine acu cuilt leapa. Chuir siad an-obair isteach iontu agus bhí mé féin an-bhródúil as a gcuid saothar. Cheap mé gur cheart an obair iontach seo a thaispeáint in áit phoiblí ionas go

mbeadh a fhios ag gach duine cé chomh hálainn is a bhí na cuilteanna. Dá bharr sin thug *Cuilteálaithe Chois Fharraige* cuireadh do Mhuintir Thearmann Éanna teacht le chéile leo ina gcéad thaispeántas eile i bhFómhar 2008.

Chun réimse na glúine a líonadh, bhí cuilteanna ag teastáil ó dhaoine óga. Chuaigh mé go dtí múinteoirí rang 4 i Scoil na Tulaí agus i Scoil Sailearna ag fiafraí an mbeinn in ann tionscnamh beag *patchwork* a dhéanamh leis na gasúir. Bhí Bríd Bleasdale agus Máire Bean Uí Ghabhnáin an-sásta tacaíocht agus cúnamh a thabhairt dom agus lean an obair ar aghaidh ar feadh cúig seachtainí. Sa deireadh bhí pluid bheag déanta ag chuile ghasúr agus iad go léir déanta le lámh acu féin.

Anois bhí na píosaí de na míreanna mearaí réidh le cur le chéile. Bhí aisling ghéar agam ó 2006 go mbeadh ár gcéad thaispeántas eile i Seanscoil Sailearna, áit bhreá, ard, fairsing le dóthain spáis chun na cuilteanna go léir a chrochadh. Agus sin mar a tharla. Bhí an Seanscoil saor le linn sheachtain an bhriseadh lártéarma, Deireadh Fómhair 2008, agus chrochamar na cuilteanna tráthnóna Dé hAoine.

Bhí go leor cúnamh againn ó Nóirín agus ó Cholm; ó Sheán agus Ciarán Ó Cadhain; Tony Murphy; Oisín agus Cian Ó Fátharta agus Áine Marie Ní Churraoin an lá sin. Agus ag deireadh an lae bhí tríocha ceathair cuilt mhóra agus ceatharcha cuilt bheaga réidh le haghaidh oscailt oifigiúil an taispeántais "Ag Cuilteáil ó 9 go 99"



Tháinig slua breá le chéile an oíche sin. Bhí ceol ann ó Dhiarmuid Ó Fátharta, Áine agus Eoin Ó Dhubhghaill agus Caitríona Ní Churraoin. Máire Pheter Ní Dhroighneáin a labhair ag an oscailt agus bhí go leor rudaí deasa le rá aici faoin obair ealaíonta a bhí os a comhair. Míle buíochas, a Mháire. An Domhnach ina dhiaidh sin, bhí ócáid eile do na gasúir agus a gclann ag meán lae. Bhronn Máire Treasa Ní Dhubhghaill duaiseanna beaga orthu agus bhíodar go léir sásta a gcuid oibre a thaispeáint.

Ár mbuíochas don Údarás, don Chomharchumann, do Mhuintir Bhruach na Mara, do Coláiste Cholm Cille agus do Shiopa an Phobail as an gcúnamh agus an tacaíocht a thug siad dúinn. Táimid ag súil go mór le taispeántas uimhir a trí.



An Club Óige

Tá Club Óige Lurgan ar an mbóthair anois le níos mó ná 40 bhliain agus é ag fáil níos beoche le himeacht ama. Is áis iontach é an Chlub le haghaidh daoine óga idir 13-18 mbliana d'aois agus béim láidir ar spraoi agus ar chraic trí mheán na Gaeilge amháin. Sprioc atá againn i gcónaí ná go mbeidh a spás fhéin agus a n-am fhéin ag na gasúr seo chun tréimhse a chaitheamh lena gcuid cairde agus cairde nua a dhéanamh, chun spraoi, caint agus, i mbealach siamsúil, scileanna nua a fhoghlaim.

Tagann an Chlub le chéile gach Aoine i gColáiste Lurgan idir 8:00 p.m. – 10:00 p.m. agus bíodh is go bhfuil an Chlub an-neamhfhoirmiúil agus deis ag na gasúir a rogha rud a dhéanamh roinnt mhaith don am, tá struchtúir áirithe ag baint leis agus bíonn na gasúir ag gluaiseacht idir gníomhaíochtaí i gcónaí - peil, leadóg boird, pool, ealaíon, ceol, drámaíocht srl.

Tagann aíonna chuig an gClub freisin agus an téarma seo tá an t-ealaíontóir Ursula Murry ag teacht chugainn chun togra ealaíona a dhéanamh leis na baill. Tá súil againn níos mó aíonna a chinntiú don chéad téarma eile do chúrsaí scríbhneoireachta, slándála, drámaíochta, srl - le deis a thabhairt do na gasúir forbairt a dhéanamh i réimsí éagsúla agus scileanna nua a fhoghlaim

Chomh maith leis an gClub rialta, bíonn na baill páirteach in imeachtaí éagsúla i rith na bliana i dteannta le hÓige na Gaeltachta agus le clubanna eile ar fud na tíre. Freastalaíonn an Club ar an Oireachtas gach bliain agus glacann na gasúir páirt sa Seó Ardáin agus sna hAgallaimh Beirte ann.

Bíonn na gasúir i gceannas ar an Seó Ardáin - is iad a scríobhann an seó, a chuireann na seiteanna le chéile, a dhéanann na feistis agus a eagraíonn cleachtaí breise taobh amuigh den Chlub féin. Tá ansamhlaíocht go deo acu agus nuair a fheiceann tú an críochtháirge tuigean tú cé chomh iontach is atá siad! !



Factóir Chonamara

Anuraidh ghlac siad páirt i bhFactóir Chonamara i dteannta le hÓige na Gaeltachta – comórtas do thalann nua – agus bhí craic ar dóigh acu ann agus chuir siad aithne ar dhaoine óga ó clubanna eile. Feictear dúinn go bhfuil sé tábhachtach do na gasúir a bheith páirteach in imeachtaí mar seo le go bhfeicfeadh siad go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis an nGaeilge agus an nGaeltacht agus le go dtuigfeadh siad an áit riachtanach atá acu sa saol seo.

Bhí Coiste láidir ag an gClub i gcónaí agus is mar an gcéanna atá an scéal i mbliana. Tugann an Coiste an chuid ama don Chlub ar mbonn deonach ach ní bheadh siad in ann an Chlub a reáchtáil gan an tacaíocht iontach atá ar fáil óna dtuismitheoirí. Tagann cúpla tuismitheoir ag an gClub gach

Aoine chun cabhrú agus bíonn siad i gcónaí lán toilteannach an cabhair seo a thabhairt.

Tá 15 bhall sa Chlub i mbliana agus is ag méadú i gcónaí atá an figiúr seo le blianta anuas. Is áis phobail é an Chlub Óige, áis atá ann ar mhaithe le hÓige na háite agus atá ag feidhmiú go hiomlán de bharr tacaíochta agus mhisnigh mhuintir na háite. Tá muid an-bhródúil as an gClub agus ag súil go mbeidh 40 bhliain rathúil eile againn!!



An tIonad Tacaíochta Teaghlaigh

Agus bailchríoch á cur ar an Ionad Tacaíochta Teaghlaigh ar an gCnoc i láthair na huaire, labhair Bainisteoir Tionscnaimh an Ionaid, Máire Uí Mhaoláin, le *Biseach* faoin áis iontach seo agus na seirbhísí a bheidh á cur ar fáil inti



Go luath sa bhliain nua, osclófar doirse Ionad Tacaíochta Teaghlaigh (ITT) Chois Fharraige den chéad uair. Beidh sé mar aidhm ag an Ionad tacaíochtaí agus seirbhísí a chur ar fáil do thuismitheoirí atá ag tógáil a gclann le Gaeilge sa cheantar, chomh maith le líon na dteaghlach ina bhfuil páistí á dtógáil le Gaeilge a mhéadú.

Dar le Máire Uí Mhaoláin. is ionad ar leith a bheidh san ITT a chuideoidh le sealbhú agus le treisiú na Gaeilge i gceantar Chois

Fharraige. “Beidh áiseanna den chéad scoth san Ionad Tacaíochta Teaghlaigh agus is áit tarraingteach agus cairdiúil a bheidh inti ina gcuirfear gach tacaíocht agus cúnamh ar fáil do thuismitheoirí chun cabhrú leo a gclann a thógáil le Gaeilge,” a deir Uí Mhaoláin. “Beidh muid ag tacú le daoine ar bhealach cruthaitheach agus taitneamhach.”

Tá sé i gceist ag an ITT dul i bhfeidhm ar an rogha teanga a dhéanann tuismitheoirí ag baile trí

chúrsaí réamhbhreithe agus réamhphósta a reáchtáil, ina mbeidh modúl ar theanga an teaghlaigh.

Cuirfear seirbhísí tacaíochta agus comhairleacha teanga ar fáil do theaghlaigh atá ag iarraidh teanga an teaghlaigh a iompú ó Bhéarla go Gaeilge agus beidh deiseanna sóisialaithe as Gaeilge á gcur ar fáil d’óige an cheantair chun nósmaireacht teanga a chothú ina measc. Beidh seirbhísí chuimsitheach chúraim leanaí ar fáil san

ionad freisin. chomh maith le seirbhísí éagsúla de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS).

“Táthar ag iarraidh comhpháirtíocht a fhorbairt idir an ITT agus FSS,” dar le Máire Uí Mhaoláin. “I measc na seirbhísí éagsúla atáthar a lorg ón FSS san Ionad, tá Teiripe Uirlabhra, Teiripe Shaothair, Seirbhís Síceolaíochta, Fisiteiripe agus Seirbhís Luath-Idirghabhála. Bheadh na seirbhísí seo ar fáil do cheantar Chonamara ar fad agus sábháilfidh sé turas go Gaillimh ar dhaoine. Ar ndóigh, bheadh na seirbhísí seo ar fad ar fáil trí Ghaeilge.”

Chomh maith le seirbhísí tógála clainne, ó 6 mhí go dtí 5 bhliana, beidh seirbhísí ann do pháistí bunscoile agus iarbhunscoile freisin. Beidh mionbhus ar fáil ag an ITT chun páistí a phiocadh suas ón scoil chun freastal ar chlubanna obair bhaile, ranganna ceoil agus ealaíon, srl., agus beidh béilí te á chur ar fáil dóibh chomh maith. Beidh club



sóisialta ann do dhéagóirí ina mbeidh seomra dá gcuid féin ar fáil dóibh chun an tráthnóna a chaitheamh.

“Beidh neart imeachtaí agus áiseanna san Ionad do pháistí as gach aoisghrúpa agus beidh béim á cur i gcónaí ar úsáid agus ar threisiú

na Gaeilge,” dar le Máire Uí Mhaoláin. “Tá sé i gceist againn nósmaireacht teanga a chothú i measc an aos óg.

Is í an mhóraidhm atá againn ag deireadh an lae ná a chinntiú go leanfar leis an nGaeilge a chur ar aghaidh ó ghlúin go glúin.”

Foinse

Príomhnuachtán Náisiúnta na Gaeilge



Foinse

An Cheathrú Rua,

Co. na Gaillimhe.

091 595520 Fón

091 595524 Faics

nuacht@foinse.ie r-phost

glac síntiús linn

Glacfar le fógraí pleanála i gceantar Chonamara

*Ar fáil sna siopaí
gach deireadh seachtaine*





Sna Seachtóidí...

Lucht eagraithe Fhéile Drámaíochta na hAille a reáchtáileadh i bhfothrach na Seanscoile, ó chlé: Colm Ó Tuathail (Cathaoirleach), Micí Ó Conghaile, Eilín Uí Bhraonáin, Seosamh Ó Braonáin agus Máirtín Davy Ó Coisdealbha.



Sa bpictiúr thíos, ó chlé, tá Tomás Mac Ardghaill (Moltóir), Máirtín Mac Donnchadha (Bainisteoir na Comhairle Náisiúnta Drámaíochta), Áine Ní Dhabhráin (Rúnaí Chomhairle Chonnacht) agus Seán Ó Tuairisc (Rúnaí Náisiúnta na Comhairle)



Nioclás Niocláisín Ó Curraoin, a iníon Cáit ar an asal, comharsa leis, Tom Churraoin, Curraoineach eile, Peadar Mhaidhc Pheadairín, Pádraig Churraoin (comharsa eile), Peigín Niocláis, Jude Churraoin, agus thiar in aice na fuinneoige tá Máire agus Peige Niocláis.

Tearmann Éanna

Lá Oscailte san Ionad Lae

Ar an lá deireanach de mhí Lúnasa na bliana seo réachtáileadh lá oscailte i dTearmann Éanna ar an Tulaigh le heolas a thabhairt don phobal faoina bhfuil ar siúl ann. Tháinig slua deas amach le haghaidh na hócáide agus mar fháilte rompu, thug Cathaoirleach, An tAth. Micheál Ó Flannabhra, S.P., an óráid seo leanas:

Fearaim fíor chaoín fáilte romhaibh ag an lá Oscailte seo.

Mar Chathaoirleach ar Choiste Thearmainn Éanna Teo. glacaim buíochas ar dtús leis an gCoiste deonach a thagann le chéile uair in aghaidh na míosa, le cúrsaí na nAosach a chur chun cinn. Molaim go mór an fhoireann sheirbhíse anseo faoina bhfuil idir lámha acu chuile sheachtain: Peigí - An Bainisteoir agus an fhoireann atá faoina cúram, Breda, Mary agus Páraig, Máirtín, Seán, Máire, Bríd agus Máire. Tá gaisce déanta acu agus is fearr an ghaisce a maítear ná an ghaisce nach ndéantar. Tá siad uilig, bail ó Dhia orthu, ag comhoibriú leis na Ranna Stáit seo leanas le cúrsaí seirbhíse na

nAosach sa gceantar seo a mhéadú:- Pobal, Roinn na Gaeltachta, Udarás na Gaeltachta, HSE, An Chomhairle Contae, V.E.C, Cumas Teo., Bealach, FÁS agus Comharchumann Shailearna Teo.

Tháinig cogar ón ngaoth anoir inné go bhfuil deontas ceadaithe ag Roinn, na Gaeltachta le mionbhus sé shuíochán déag a cheannacht agus faoi láthair táimid ag guí Dé cogar a chur i gcluais na gaoithe aniar le cúnamh a chuirfeadh ar ár gcumas tuille seirbhíse a chur ar fáil don Aosach. Ar fhaitíos go bhfuil míthuiscint ar dhuine ar bith faoi m'údar cainte, cuimhnigh go séideann an ghaoth aniar ó Chumas Teo. agus Bealach Teo.

Cuireann sé seacht gcroí d'áthas ar Thearmann Éanna Teo. bheith ag freastal ar Aosaigh an cheantair. Is uathu a fuair muid a bhfuil de shaibhreas againn idir creideamh, spioradáltacht, teanga, cultúr agus luachanna na Críostaíochta a fágadh againn mar oidhreacht. Is mór an díol mórtais a leithéid d'oidhreacht agus is maith linn aitheantas a thabhairt dhó agus d'aoaigh an cheantair a thug dúinn é.

D'ordaigh Dia cúnamh agus mar chlann Dé is maith linn deiseanna a chruthú do na Ranna Stáit leis an t-aitheantas atá tuillte ag an Aosach a thaispeáint. Tugann lucht an Bhéarla "*the principle of subsidiarity*" ar a leithéid sin de chomhoibriú.



CLPRINT
Clódóirí Lurgan

Printing Services /
Professional Finishing /
In House Design.

Indreabhán,
Co. na Gaillimhe.

t. 091 593 251 / 593 157
f. 091 593 159
e. clodoiri@eircom.net

Inneall nua 5 dhath de dhéanamh KBA Rapida 75 a cheannaigh Clódóirí Lurgan le gairid. Tháinig sí ar luach €700,000 agus í ar cheann de na hinnill is nua aimscartha ar an margadh. Cuirfidh sí go mór le caighdeán, praghas agus luas na hoibre go háirithe ar obair lán daite cosúil le bróisiúir, leabhair. Is ar an inneall seo a priondaileadh *Biseach* na bliana seo.



Filí Bhaile na mBroghach

Peadar Mac an Iomaire

Fágtar ag an bhFilí é,' nó 'sin é an chaoi ar chuir an Filí é,' a chloisfeá go minic ó mhuintir na háite seo againne agus iad i ngeoin chomhrá le chéile ag geata an tséipéil, ag crosbhóthar, ar foscadh ar an bportach ón mbáisteach, ag líonadh leoraí móna, nó ag déanamh uaigne i reilig an Chnoic. Taispeánann an méid sin an meas atá ar Sheosamh Ó Donnchadha (Joe Shéamais Sheáin) mar fhile, agus an mhuinín atá ag a phobal féin as lena gcuid smaointe a chur i bhfocail. Ba mhór an chomaoín ar bhainis nó ar chéilí tí an Filí a bheith i láthair le cúpla ceann dá chuid dánta a rá.

Nuair a tháinig téipthaifeadáin sa saol, tosaíodh ag taifeadadh teachtaireachtaí, amhrán, ceoil, agus eile, le cur go Meiriceá. Bhíodh práinn faoi leith as téip a mbíodh glór an Fhilí ag rá a dhánta féin le cloisteáil uirthi. Is é an t-údar atá leis sin go bhfuil úsáid shóisialta i bhfilíocht Joe Shéamais Sheáin do phobal Chois Fharraige. Is don phobal sin a cumadh í, agus tá an pobal mar phátrún ag an bhFilí le haitheantas a thabhairt dó as a bhfuil cumtha aige agus lena ghríosadh le tuilleadh dánta a dhéanamh.

I mBaile na mBroghach, i gCois Fharraige, Contae na Gaillimhe, a rugadh an Filí sa mbliain 1908. B'as an mbaile sin a athair, Séamas Sheáin, agus b'as an mbaile ó dheas de, Baile na hAbhann, a mháthair, Nóra Ní Chualáin. Tá Baile na mBroghach ar an teorainn idir an sliabh agus na garranta agus is minic le muintir an bhaile sin, a bheith cleachtach ar shaol an chladaigh agus ar shaol an tsleibhe in éineacht. Bhí an saol crua go maith an t-am a raibh an Filí ag éirí suas, cé go raibh cáil ar mhuintir Bhaile na mBroghach a bheith níos deisiúla ná muintir bhailte eile de bharr fairsinge sleibhe a bheith acu le stoc a thógáil air. Dhá mhíle bealaigh a bhí ar an bhFilí siúl chuig an scoil.

Deir sé féin nach é go leor Gaeilge a bhí á múineadh sa scoil an uair sin agus gur trí Bhéarla a dhéantaí an mhúinteoireacht ach go gcaithfeadh an máistir roinnt Gaeilge a úsáid le go dtuigfí é. Ní mórán foinn a bhíodh ar ghasúir dul ar scoil agus ba mhinic leo píosaí fada den bhliain a chaitheamh ag maidhtseáil. Is cuimhneach leis an bhFilí carranna na nDúchrónach a fheiceáil ag dul thart agus an máistir ag rá leis na gasúir gan a bheith ag breathnú amach trí na fuinneoga orthu. B'in iad na chéad charranna a chonaic sé riamh. Capall a bhíodh ag tarraingt charr an phoist an uair sin agus bhí na bóithre an-dona. Sa scoil a d'fhoghlaim an Filí scríobh agus léamh Gaeilge agus Béarla. Ba phaitheanta ag scríobh agus ag léamh Gaeilge ná Béarla é. Nuair a d'fhág sé an scoil, deir sé féin nach raibh mórán cúise leis le Béarla, ach go raibh sé an-éasca aige leabhair Bhéarla a thuiscint. Ar na leabhair Ghaeilge a bhí ann an t-am sin bhí Stair na hÉireann le Mícheál Breathnach, agus

caithfidh sé go raibh suim faoi leith ag an bhFilí sa mBreathnach de bharr go mba iarscoláire de chuid na scoile an Breathnach agus go raibh an-cháil air le foghlaim sa bparóiste agus ar fud shaol na Gaeilge faoin am sin. Ina theannta sin, bhí gaol ag an bhFilí leis.

Gaeilge amháin a bhí le cloisteáil ag an bhFilí sa mbaile. Chaitheadh na gasúir na tráthnónta ag cúnamh le sibiléaracht timpeall an tí, nó ag obair sa ngarraí nó ar an bportach. Ón am a raibh an Filí ina stócach, théadh sé ar cuairt i dtithe an bhaile nó ag imirt cártaí i gcaitheamh an áirneáin. Tá sé ráite aige féin nár chuala sé aon scéal fiannaíochta á inseacht i dtithe cuarta, ach murar chuala is cinnte gur chuala sé faoi thamhnacha sléibhe, faoi fhir mhóra ar nós Scorach Ghlionnáin, faoi ghníomhartha gaisce a rinne na seandaoine, agus cár fhág mé scéalta faoi thaibhsí, faoi shliabh gortach, faoi fhóidín mearaí, faoin dul amú, agus faoi phisreoga. Le scéal fada a dhéanamh gearr, ba iad na tithe cuarta, na tithe tórraimh, cruinnithe ag crosbhóithre agus ag geata an tséipéil, a mhúin béaloideas Chois Fharraige don Fhilí agus do na céadta leis. Bhí sé de cháil riamh ar mhuintir Bhaile na mBroghach a bheith an-tráthúil ag caint. Cé nach ndeachaigh an Filí le tráthúlacht ina chuid filíochta, chuidigh an tráthúlacht leis lena intinn a aibiú, agus leis an bhfocal ceart a chur san áit cheart.

Saol Crua

Bhí an saol go dona sa taobh seo tíre tar éis an chéad chogaidh mhóir agus bhí obair fíorghann. Bhí anró ag baint le hobair an chladaigh agus le hearrach, le fómhar, agus le móin, agus gan mórán dá bharr ina dhiaidh sin. Théadh spailpíní ar an Achreidh ag baint agus ag piocadh na bhfataí gach uile fhómhair. Thug an Filí aghaidh ar an Achreidh agus é timpeall scór bliain d'aois.

Deir sé féin go raibh an Ghaeilge láidir ar Achreidh na Gaillimhe an uair sin. Thoir ansiúd a bhí sé oíche na Stoirme Móire i 1927; an oíche ar bád naonúr ógfhear as an gCladach Dubh. Ba í an tubaiste ar an gCladach Dubh a thaispeáin don saol go raibh file i mBaile na mBroghach mar ba é an dán úd an chéad dán poiblí a

rinne Joe Shéamais Sheáin agus gan é scór bliain d'aois. Chaith sé an chéad deich mbliana eile ag obair sa mbaile, ag fáil corr phíosá oibre ar na bóithre, agus ag dul ar an Achréidh corr fhómhar. Cé go raibh aird aige i gcónaí ar obair láimhe, bhí a sheacht n-oiread suime aige i leabhair. Bhíodh sé ag léamh leabhar ar stair, ar litríocht, agus ar an nádúr. Bhí sé de chaitheamh aimsire aige, freisin, a bheith ag iascach ar an abhainn agus ar na locha a bhí suas óna theach féin. Thug seo, agus na píosaí a chaith sé ag fiach sna garranta agus ar an sliabh, deis dó a bheith ag cuimhneamh ar féin agus ag ceapadh filíochta. Deich mbliana fichead a bhí an Filí nuair a chuaigh sé go Sasana i 1938. Bhí contúirt cogaidh ann agus tháinig sé abhaile arís, ach nuair nach raibh an cogadh ag tosú, bhuail sé anonn arís i 1939, agus ní raibh sé i bhfad thall gur thosaigh an cogadh. Ba i Sasana a chaith sé na chéad trí bliana den chogadh. Théadh sé anonn agus anall idir sin agus deireadh na gcaogaidí, tráth ar fhan sé sa mbaile ar fad.

Cumadóirí

Is beag paróiste i gConamara nach bhfuil ar a laghad cúpla duine ann a chumann amhráin, dánta, nó agallaimh bheirte, agus aird na ndaoine tarraingthe orthu dá bharr. Chomh fada le mo bharúil, níor oibrigh ceachtar acu sin an oiread tionchair ar an bpobal agus a d'oibrigh Filí Bhaile na mBroghach. Is é mo bharúil go bhfuil an áit chéanna tugtha d'Fhilí Bhaile na mBroghach ag a chomharsana a d'éirigh suas lena linn agus a tugadh d'fhilí eile Gaeilge ó aimsir Chath Chionn Sáile. Tá daoine ann a chreideann go bhfuil fios ag an bhFilí de bharr cuid de na rudaí atá luaite aige ina chuid dánta. Ceapann tuilleadh go bhfuil cumhacht osnádúrtha éigin aige de bharr an chaoi a bhfuil sé in ann an chaint atá sna dánta a chur i ndiaidh chéile. Duine ar bith dá leithéid, bheadh ómós dó agus tá ómós don Fhilí agus, freisin, cé go bhféachfaí ar Joe mar chomharsa an mhaith - mar dhuine oibleagáideach - ach mar fhile, bhíodh an scéin chéanna roimhe agus a bhíodh roimh shagart nó roimh bhean feasa.

Deich gcinn fhichead de phíosáí filíochta atá sa gcnuasach seo. Tá beagán acu foilsithe cheana in *Ar Aghaidh*, in *Leic an Teaghlaigh*, in *Tús an Phota*, in *Scéala Éireann*, agus in *Biseach*. Cé gur cuireadh ar pháipéar aon cheann déag díobh, is iad na cinn nár foilsíodh go dtí seo na cinn is mó a fuair éisteacht ar bhainseacha, ag céilíocha, agus ag imeachtaí sóisialta eile. Cosúil le go leor d'fhilí na Gaeilge, níor scríobh Seosamh Ó Donnchadha aon cheann dá chuid dánta riamh. Deir sé féin nach feasach dó gur fhoghlaím mórán a chuid dánta, ach is minic a chloistear sleachta astu á n-aithris le haghaidh argóintí a chruthú nó a bhréagnú nó lena chumas mar fhile a léiriú.

Ceapaim féin gur chum an Filí trí cinn ar a laghad de na dánta atá sa gcnuasach seo mar gur cheap sé dualgas a bheith air sin a dhéanamh. Ba mhór a ghoill an bá sa gCladach Dubh ar phobal Chonamara i 1927. Ina bhealach féin, caithfidh sé go raibh sé gach uile orlach chomh dona agus a bhí an mí-ádh a bhuail muintir Eanách Dhúin in 1828. Thóg an Filí ar féin smaointe an phobail a chur i véarsaí le nach ndéanfaí dearmad go

héasca ar an mí-ádh seo. Nuair a thárla tubaiste eile dá leithéid sa gceantar céanna i 1978, iarradh ar an bhFilí an dán seo a rá arís ar Raidió na Gaeltachta. Dánta caointe an péire eile freisin a dtuigtear domsa gur dánta dualgais iad: an dán ar an Athair Mícheál Ó Gríofa a mharaigh na Dúchrónaigh i 1920, agus an dán ar Mhícheál Breathnach a fuair bás le heitinn sa mbliain 1908. Sa dá dhán seo léiríonn an Filí a thuiscint ar an nádúr agus ar an dúlra. Seo dhá véarsa as an dán 'An tAthair Mícheál Ó Gríofa':

*Nach ins an ngleann fealltach seo a rinneadh an mí-ádh.
Is beidh caint ar an ngníomh sin in Éirinn go deo.
Is ann a maraíodh an sagart, an tAthair Mícheál Ó Gríofa,
Ar uair an mheán oíche, naoi gcéad déag agus scór.*

*A Dhia is a Chríosta, nach ba fuar fliuch an oíche í,
Sinneán crua gaoithe ag ropadh roimhe ar an mbóthar,
Fuaím uaigneach na cíbe a chuirfeadh uamhain ar do chroí,
'Gus néalta trom geimhridh os cionn Pholl na Cló.*

Tá cur síos an-chruinn ar na Dúchrónaigh aige. Cuimhnigh go dtugadh sé féin faoi deara iad ag dul thart nuair a bhí sé ag dul ar scoil.

*Mar scaipeas na faolchoin trí státaí na Báltach,
Nuair a ruaigeas an cáil iad ag soláthar a lóin,
B'amhlaidh Dúchrónaigh in Éirinn an tráth sin,
Ag creachadh gach áras, ag loscadh is ag dó.*

Tá cuid mhaith den stíl chéanna sa dán 'An tAthair Mícheál Ó Gríofa' agus atá sa dán 'Mícheál Breathnach'. Labhraíonn an Filí leis an marbhán sa dá chás agus creideamh aige sa gcéad saol eile. Deir sé faoin mBreathnach sa véarsa deiridh:

*Is nuair nach bhfuil gair a'inn é a fheiceál sa mbóithrín
Ag teacht don tráthnóna nó le éirí an lae,
Ó, cuirfimid beannacht le anam an leonlaoich,
Is go bhfeicfear arís é ar dheasláimh Mhic Dé.*

Ba mhaith uaidh fuaimeanna an chladaigh agus na spéire a chur i bhfocail sa dán céanna.

*Tá tonnta na mara ag bualadh is ag clascairt
I bhfoisceacht chúig acra de do leaba, a dhea-Ghaeil,
Ach céad faraor chrua dheacrach, eisean nach n-airíonn
Fuaím torann na gcladaí ná tóirneach ón spéir ...*

*Ní airíonn tú torann na srutháinte ag gluaiseacht
Le fána na gcnoc i do thí dhúchais féin;
Ní airíonn tú crónán na gaoithe ag séideadh;
Ní airíonn tú géimneach na mbó ar an bhféar.*

Is marbhnaí na dánta seo a bhfuil cosúlachtaí acu leis na dánta a scríobhadh filí faoina bpátrúin sa tseanaimsir, ach, mar a dúirt mé cheana, ba é pobal Chois Fharraige pátrún Fhilí Bhaile na mBroghach. Chuir an Filí véarsaí os ár gcomhair nach raibh focail ar sliobarna astu. Rinne sé cur síos ghrinn ar thréithe daoine, agus thug sin solás dá lucht éisteachta.

Is álainn na dánta 'Abhainn an Chnoic,' 'Maidin Bhealtaine', agus 'Sléibhte Chonamara'. Thaispeáin an Filí a chuid eolais ar an dúlra agus a shuim in éanacha agus in áiteanna sna trí dhán seo. Thaispeáin sé freisin cé chomh grinn agus a bhí sé. Caithfidh sé gur iomaí duine as Conamara i gcathracha Shasana nó Mheiriceá ar bhreá leo a bheith in ann na smaointe seo thíos a chur i bhfocail:

*Tá nós na cathrach, a béasa is a bealach,
Ag ithe is ag gearradh mo chroí istigh i mo lár,
Is an ceiliúr a chleacht mé go siamsúil ag baile,
Ní chloisfidh mé feasta é, mo chreach is mo chrá!*

Dánta Cráifeacha

Tá ar a laghad cúig cinn de dhánta cráifeacha cumtha ag an bhFilí: 'A Ógánaigh Mheidhreach', 'An Bás', 'An Breithiúnas', 'Aiséirí an Pheacaigh', agus 'An Bheoichte'. Mhair sé i rith dhá chogadh mhóra, chogadh na saoirse, an chogaidh chathartha, fliú mór 1918, agus i rith thréimhse na heitinne. Chuir na cogaíochta agus an Gorta Mór scéin sna daoine agus tá smaointe na Críostaíochta faoin mbás curtha aige os ár gcomhair. Tá smaointe agus dearcadh an phobail faoin mbás curtha aige i liodán focal agus, freisin, tá fíochmhaireacht an bháis, agus an bás mar áis cothromaíochta ar aicmí uile an phobail, léirithe go han-mhaith aige. Sa dán ar an mbás deir sé:

*Nach muid atá teann ar an saol seo féin
'S gan ionainn, mo léan, ach mar a bheadh ceo.
Ar ghluaiseacht don anam, gan filleadh le scéal,
Tiocfaidh fuacht ar an gcorp nach dtéifear go deo.*

*'S athróidh an snua is an lasadh ina n-éadan
'S dúnfar a súile ar theacht don bhás.
Stopfaidh a gcuid cuisleacha gan bheith ag léimneach;
Stadfaidh a gcuid gruaige gan a bheith ag fás.*

Dá mhéid suime a chuir daoine sa dán sin 'An Bás', is mó i bhfad a cuireadh sa dán 'Lá an Bhreithiúnais'. Bíonn faitíos ar dhaoine roimh an mbás, ach bíonn i bhfad níos mó faitís orthu roimh an mBreithiúnas. Thóg an Filí de dhualgas air féin na smaointe a bhí ag snámh in intinn an phobail agus na sagart a chur i bhfilíocht, agus d'fhéadfaí a rá faoin dán seo gur mó cluais a tugadh dó ná d'aon tseanmóir a tugadh i Séipéal an Chnoic ón am ar cumadh é.

Bhí bua ag an bhFilí samhlacha soiléire a chur i láthair an lucht éisteachta. Chuirfeadh seo dearcadh André Malraux i gcuimhne do dhuine, is é sin go bhfuil an ealaín ag tógáil áit an chreidimh in intinn daoine. Cheapfainn féin gurb é mian an Fhilí go gcuimhneofaí ar 'Lá an Bhreithiúnais' mar dhán a raibh teagasc na heaglaise agus dearcadh ginearálta an phobail fite fuaite ann mar phíosa filíochta.

*Is tiocfaidh Mac Muire lá an chuntais,
Le breithiúnas a thabhairt ar an saol,
Is lasfaidh an fharraige bhrónach,
Is silfidh gach dlúthcharraig deoir*

Ina chuntas ar na daoine a bheas os comhair Dé Lá an Bhreithiúnais deir sé:

*Págánaigh, polaiteoirí, is Críostaithe;
Daoine a fuair bás leis an ól;
Daoine nár chomhlíon na haitheanta;
Is treibhe nár baisteadh go fóill.*

*Beidh an chumhacht uilig caillte ag na huaisle ann,
'S ní gheobhaidh siad í go héag;
Beidh an fear bocht chomh neamhspleách le rí ann –
Sin briathar atá ráite gan bhréag.*

Is iomaí caint sa mbéaloides ar an mbás agus ar dhaoine a bheith ag teacht ar ais le cúiteamh a dhéanamh ina gcuid peacaí, ag iarraidh pardúin ar dhaoine atá fós beo. Sin é an t-ábhar atá curtha i bhfilíocht ag an bhFilí san agallamh 'Aiséirí an Pheacaigh'. Tá triúr ag caint sa dán seo: an File féin, an Marbhán, agus an Glór ag geataí na bhFlaitheas. Is dán é seo a d'fhéadfaí a chur i gcomparáid le *Cré na Cille*. I gcás *Chré na Cille*, d'fhan na coirp faoin talamh, ach sa dán seo, dhírigh an marbhán aniar agus é os cionn cláir le rá le daoine eile aithrí a dhéanamh. Deir an File:

*Fógraím dea-chomharsanacht ar na mairbh
Agus orthu seo atá beo atá ar bhóthar na bpeaca;
A Rí na Glóire, a cheap neamh agus talamh,
Tabhair dídean dóibh siúd atá ar siochrán fada.*

Tugann an Marbhán cuntas fada ar a thuras go dtí geataí na bhFlaitheas agus ar an bhfaitíos a bhí air ag dul ann faoi ualach na bpeacaí:

*Nach mba mise an deoraí ar an mórmhuir gharbh,
'S an bhreith le tabhairt orm nuair a bhuailfinn caladh.
Mar chaith mé an fómhar agus mo shaol ar thalamh,
Is amhlaidh a chóireos Mac Dé mo leaba ...*

*I ndeireadh na cúise, is mé múchta marbh
Ag pianta móra nár chóir dom a aithris,
Las solas glórmhar os mo chomhair i m'aice,
Agus labhair an glór, go deas ciúin i m'ainm.*

Níl ar siúl ag an bhFilí sa dán seo ach aithris ealaíonta ar na scéalta faoin mbás, faoin mbreithiúnas, faoi thaibhsí, agus faoi dhaoine a thagadh ar ais ag iarraidh maiteanais nó ag déanamh cúitimh in obair a bhí déanta as bealach acu.

Le linn óige Joe i gCois Fharraige, bhí an bás agus an breithiúnas ina scéal mór ag misiún Ord an tSlánaitheora a bhíodh ag freastal ar pharóistí i gConamara. Thart ar an am a raibh an Filí i mbarr a réime a bhíodh an tAthair Ó Conghaile, nó Misiún Árann, ag dul thart ag seanmóireacht i gConamara. Bhí an-tionchar ag a chuid seanmóireachta ar an bpobal. Bhí sin amhlaidh mar go mba togha cainteora é agus gur thuig sé bealach agus tuiscint na ndaoine thar cionn. Bhain sé úsáid as an gcreideamh a bhí ag na daoine (a) go raibh cumhacht ag na sagairt, go háirithe ag na misinéirí;

(b) go bhféadfadh an té nach bhfaigheadh bás ar stáid na ngrást a bheith ar seachrán; (c) gur obair an diabhail é an poitín. Mhaireadh cur síos ar Mhisiún Árann ó mhisiún go misiún, agus dhúisigh a chuid seanmóireachta téamaí cainte faoi thaibhsí agus faoi thaispeána nach raibh fadaith le blianta.

In 'Aiséirí an Pheacaigh', tá an Filí tar éis a chuid cainte féin, caint an Mharbháin, agus caint an Ghlóir seo a chumadh le bheith ina scáthán ar smaointe a bhí ag snámh in intinn an phobail sna ceathrachaidí agus sna caogaidí. Tá sé ráite gur fuineadh agus gur fáisceadh an Cadhnach as an mbéaloideas. Ní raibh ach cúpla bliain ag Máirtín Ó Cadhain ar Fhilí Bhaile na mBroghach agus rugadh agus tógadh iad i bhfoisceacht dhá mhíle go leith dá chéile. Ceann de na scéalta a chreid daoine le linn óige Joe agus Mháirtín, agus a chreideann roinnt daoine i gCois Fharraige fós, go mbíodh soilse le feiceáil ar an bhfarraige siar ó Árainn Oíche Chinn an Dá Lá Dhéag agus go raibh go leor acu ann. Bhí caint mhór go raibh oileán draíochta idir muid féin agus Árainn, fiú amháin.

Soilse

Tá daoine i gCois Fharraige fós a chreideann go mbíodh siad féin ag feiceáil soilse ann, ach deir cuid acu anois go mb'fhéidir go mba báid iascaigh a bhíodh ann ach go raibh daoine ag ceapadh an uair sin go mba soilse draíochta iad. Bhíodh na soilse le feiceáil ó thús na hoíche go mbíodh sé suas leis an trí a chlog ar maidin. Chonaic an Filí é féin iad agus deir sé go mbíodh gach uile dhuine a bhreathnaíodh amach á bhfeiceáil an uair sin. Bhíodh caint mhór ar an oileáin seo agus an Filí ina ghasúr. Bhíodh na seandaoine, nuair a thagadh siad le chéile, ag fiafraí meastú céard é féin.

B'fhada leo go dtagadh Oíche Chinn an uair sin nó go dtiocfaidís ag breathnú ar na soilse sin. Dúirt an Filí féin liom go mbíodh rud cosúil leis sin ag na Gréigigh sa tseanaimsir agus go mbídís ag feiceáil soilse ar an bhfarraige. Nuair a d'fheicidís iad thugaidís talamh isteach orthu féin mar go mba chomhartha é go mbeadh sé ina stoirm láidir ann lá arna mháireach. Nuair a chuir an Filí roimhe an tOileán Draíochta a chur i bhfilíocht, ní raibh sé sásta cur síos lom a dhéanamh ar an scéal a chuala sé faoi ná faoin méid a chonaic sé féin. Mar a dúirt mé cheana, ní cuimhneach leis a bheith ag cloisteáil scéalta Fiannaíochta ná rúraíochta ó dhaoine as a bhaile féin ach léigh sé i leabhair iad agus bhí a fhios aige gur bhain siad le saol na Gaeilge, saol a mhuintire féin, agus chuir sé eolas astu ina dhán 'An tOileán Draíochta':

*Oíche Chinn an Dá Lá Dhéag,
Thar ar cruthaíodh d'oícheanta faoin spéir,
Sea nochtaítear oileán gléigeal
Go hard i lár an chuain.
Píosa aniar ó Árainn
Sea fheictear é an tráth sin,
Is leathuair roimh an lá
Sea íslíonn sé fán tonn ...*

*Arb iúd é tír na hóige
A bhí faoi theas an tsamhraidh i gcónaí,
Is ar fhan Oisín ann go bródúil
I bhfad i ndiaidh na bhFiann?
Nó arbh amhlaidh a ghlac dubhrón
A chéile, Niamh Chinn Óir, ann
Is go bhfuil sí ag teacht ar chóstaí
Le uaigneas ina dhiaidh? ..*

*Nó arb iúd é an t-oileán Maí Meall
Ar fuadaíodh Connla Tréan ann
Is nár fhíll ar ais go hÉirinn
Arís go deo ina dhiaidh,
Is nár chaith sluaite Teamhrach téarma
Dhá thórafocht ins na réigiúin,
Is nár fhíll i dteannta a chéile
An lá a bhí deireadh leis an bhfiach?*

Seo sampla eile d'Fhilí Bhaile na mBroghach ag tógáil ar an eolas atá ag na daoine agus ag fáil tuilleadh eolais ó fhoinsí eile le cur ina chuid dánta, agus ar an mbealach sin tá an Filí ag gníomhú mar oideachasóir dá phobal. Deir an Filí gur i leabhair a fuair sé an t-eolas atá aige ar na Fianna, agus tá sleachta de ghlanmheabhair aige as na leabhair sin a neartaíonn a chuid cainte. Tá cuid de thoradh a shaothair le feiceáil sa dán atá cumtha aige, 'Oisín agus Pádraig':

*Go mbeannaítheard dhuitse, a ghaiscígh aosta,
A Mhic an Rí ba dheise cáil,
De scoth na bhfear nár chlis i gcruatan
Lena gcruachás ná neart a lámh.*

*A Oisín uasal ba bhinne briathra,
Ba thréine i gcath is ba chliste i ngame,
Aithris anois domsa, gan mhairg,
Cén chaoi a mhair tú i ndiaidh na bhFiann.*

Dánta Eile

Tá dán eile cumtha ag an bhFilí a chuireann leis an tuairim gur oideachasóir a phobail é mar déanann sé iarracht Stair na hÉireann a chur i véarsaí sa bpíosa filíochta ar a dtugar 'An tAmhrán Bréagach' agus ar an scéal a théann leis go raibh breitheamh sásta duine a bhí á chúiseamh a ligean saor dá gcumfadh an duine sin amhrán gan focal fírinne ann. Tá sé ráite gur mhionnaigh bean óg go raibh líne amháin fírinneach sa dán. Deirtear gurb éard a bhí sa líne ag an bhfile 'Uachtar bainne níor facthas ariamh gan mil' agus gur mhionnaigh an bhean air gurbh éard a dúirt sé 'uachtar bainne níor facthas ariamh gan im'. Ní mba le Filí Bhaile na mBroghach bailithe é, scríobh sé féin a Amhrán Bréagach féin. Léiríonn sé arís an-eolas ar áiteanna, ar an nádúr, agus ar stair sa dán seo.

Ní miste a mheabhrú anseo go gcaithfimid a thuiscint go raibh eolas ag comharsana Joe Shéamais Sheáin ar scéalta agus ar sheanchas a bhain leo féin agus lena sinsir, ach gur fíorbheagán léitheoireachta a dhéanadh a bhformhór de bharr a bheith ag obair ó

dhubh go dubh ó Luan go Satharn. Bhí an Filí ag ceangal an eolais a bhí sé a fháil i leabhair leis an mbéaleolas a bhí ag na daoine. Is foinse thábhachtach eolais dánta an Fhilí dá bharr sin.

Deirtear sa taobh seo tíre go raibh i bhfad níos mó eolais ag an seandream faoin dúlra ná atá ag an dream óg, gur thuig siad ó thorann an chladaigh nó ó cheol na habhann an chaoi a mbeadh an aimsir, agus gur thuig siad bealaí éanacha agus ainmhithe níos fearr ná an dream óg. Tá an-eolas go deo ag Filí Bhaile na mBroghach ar an dúlra. Chaith sé cuid mhaith dá shaol ag iascach ar aibhneacha agus ar locha atá idir a bhaile féin agus Uachtar Ard. D'fhéadfaí a rá faoi na chéad cheithre dhán sa gnuasach seo gur macalla iad ar ghlór duine a bhfuil grá aige dá áit dhúchais agus, cibé áit ar domhan a gcaithfidh sé a shaol, go mbeidh sé ag cuimhneamh ar an mbaile go brách.

Caint Dhomhain

Nuair a léifeadh duine an chaint dhomhain atá curtha le chéile i ndánta creidimh agus i ndánta faoi chogaí, ní rithfeadh sé leis go bhféadfadh an file céanna dánta a scríobh faoi chlampar idir geaingear agus fir oibre ar an mbóthar, nó faoi chaora a imríodh ag imirt cártaí, nó fiú amháin turas a thug fear as Conamara ar an Astráil. Is dánta iad seo a bhfuil fiach agus eachtraí ag baint leo. Is dánta iad a thugann deis don Fhilí muide, a phobal, a chrochadh leis timpeall ar shiúlóid agus eolas a thabhairt dúinn ar áiteanna éagsúla mar a rinne sé sa bhfiach ar an nGráinneach Mór. Sna tríochaidí, ní mórán carranna a bhí ann agus ní bhíodh bealach daoine amach as a bparóiste féin, mórán, ach le dul go Gaillimh nó ar aonach.

Chomh maith le heolas a thabhairt dúinne ar áiteanna, thug sé filíocht dúinn a bhí lom lán le béaloideas. Ina theannta sin, thapaigh sé an deis le heolas a thabhairt faoi Fhianna Éireann agus faoi airm na haimsire. Ní hé amháin sin, ach thug sé léargas dúinn ar intinn na ndaoine an t-am sin is a ndearcadh ar an saol. Is tráchtas ar stair shóisialta an phobail dánta ar nós 'An Gráineach Mór', 'Bóthar an Locháin', agus 'An Chaora'. D'úsáid sé an deis sa dán 'Bóthar an Locháin', mar a rinne go leor filí fadó, le lárghas a thabhairt don phobal ar stair na hÉireann.

Sa dán 'An Gráinneach Mór', léiríonn an Filí tréith a bhí ag go leor d'fhilí na seanaimsire - dánta cáinte a dhéanamh faoi dhaoine nach dtaitníodh leo. Caithfidh sé gur chuimhnigh daoine a chuala an dán seo nárbh fhearr rud a dhéanfaidís ná gan Filí Bhaile na mBroghach a tharraingt orthu féin. Seo sampla de sciolladh filíochta an Fhilí ar an nGráinneach Mór:

*Ní fhéadfadh an t-ádha a bheith 'dtigh Thomáis uí Ghráinne,
A dúirt muintir na háite atá ina aice,
Mar tá sé róchiontaithe ag sagairt is ag bráthair
De bharr fealtúnas gránna is droch scannall.*

*Ní dhéanfainnse aon iontas dá dtitfeadh an láimh dhó,
Mar is minic í sáite sa mailís,
Is go bhfuadódh sí an bhráilín den chorp ar an gclár,
Ach gan duine a bheith i láthair lena bhacadh.*

*An bhó is an chaora, an searrach is an láir,
Má bhíonn siad ar fán uait ar maidin
Gheobhaidh tú a dtuairisc, más féidir a bhfáil,
Faoi ghlas ins an stábla ag an mbacach.*

*Smaoinigh ar an ógánach - 's é do dhrochnámhaid -
Ná bíodh aon cheo fágtha ina bhealach,
Mar bíonn sé go síoraí ag creachadh na háite
Is tú i do chodladh go sámh ar do leaba.*

Fiach atá sa dán seo ar Thomás Ó Gráinne, geaingear bóthair as Áth Cinn a bhí ag obair i gConamara i dtús na dtríochaidí. Ní mórán dán eile den chineál seo atá le fáil i bhfilíocht tíre. Is tar éis don Fhilí an dán seo a bheith cumtha aige a chuala sé go raibh dán eile 'Fiach Sheáin Bhradaigh' cumtha ag Raiftearaí. Is i 1903 a cuireadh an chéad chló ar amhráin agus dánta Raiftearaí agus foilsíodh 'Fiach Sheáin Bhradaigh' in eagrán Dheireadh Fómhair/Samhain de *An Stoc* i 1924. Is san eagrán sin, freisin, a bhí 'An tAmhrán Bréagach'.

Ba mhinic le muintir Chois Fharraige dul suas trasna an chriathraigh go hUachtar Ard. Cuid de na háiteanna atá luaite ag an bhFilí sa dán 'An Gráinneach Mór' is áiteanna iad a bhíodh ar bhéal daoine de bharr a bheith ag taisteal na dtamhnach agus ag fanacht i gcuid de na tithe sléibhe seo corruair. Tá ainmneacha na n-áiteanna seo imithe as cuimhne cuid mhaith den aos óg anois.

Fiach

Ba dhuine é an Filí a raibh cleachtadh aige ar fhiach, cé nár mhaith leis féin giorria ná coinín a mharú, agus de réir mar atá sé ag dul in aois bhí a ghrá do na hainmhithe fiáine seo ag méadú, agus is iad na téarmaí fiaigh a úsáideann daoine a bhíonn ag fiach atá go fairsing sa dán seo. Bhí an laochas, an neart, agus an spreacadh go láidir i bhféitheacha an Fhilí agus tá sé sin le mothú sa dán seo freisin i dteannta le meas ar scafántacht na laochra atá roghnaithe aige don fhiach.

*Scoith sé an Púirín is barr Shaillethúna,
Thug dúshlán gach cú is gach capall,
Uachtar Bhothúna is thart Seanadh Mhóinín,
I measc driseacha úra agus aiteann.*

*Déanadh é a choradh thart timpeall na coille,
Is chloisfí i mBoluisce gach béic uaidh.
Dhá bhfeicfeása an buinneán ag dul thart ar na tuláin,
Is Peadar Sheáin Stiofáin á phléatáil.*

Ach tar éis a ndúirt sé faoin nGráinneach Mór sa dán seo iompaíonn sé thart i ndeireadh an dáin agus seo mar a chríochnaíonn sé:

*Anois iontóidh mé tharam chun dea-chaint a chleachtadh,
Is déarfaidh muid paidir nó dhó dhó.
Tá an saol anois athraithe is tá an Filí bocht craite,
Ón lá ar thug sé an sack ar an mbóthar dhó.*

*Go dtabharfa Dia sólas is suímnas dhá anam,
I bPárthas na n-aingeal le glóire.
Is an fhad is sheasfas an teanga i measc Gaeil Chonamara,
Beidh trácht i ngach teaghlach faoin spóirt seo.*

Nuair a bhí bóthar an Locháin á dhéanamh i dtús na dtríochaidí, tháinig trioblóid ar an ngeaingear, áit ar tháinig daoine, muintir an bhaile, ag iarraidh saothrú ar an mbóthar agus ní thabharfadh an geaingear aon obair dóibh. Nuair a dhiúltaigh siad dul abhaile, cuireadh fios ar na gardaí lena gcur as an mbealach. Sin a thug deis don Fhilí dán a chumadh ar bhóthar an Locháin a d'fhág an eachtra i gcumhne na ndaoine ó shin.

*Éistigí, a bhuachaillí, is tugaidh roinnt spáis dom,
Nó go réiteoidh mé an cás seo atá agam le scríobh,
Is go dtabharfaidh mé seanchas fada agus tráchtas
Ar an gclampar a tharla taobh thiar den Sruthán Buí.*

*Leanfad na húdair chomh fada agus is léir dhom,
Agus poibleoidh mé an scéal seo i láthair sean agus óg
Gur i mBaile na Feasóige a rinneadh an réabadh
An lá ar chruinnigh le chéile na fir ar an mbóthar.*

Tá áibhéil uafásach déanta sna dánta 'An Gráinneach Mór' agus 'Bóthar an Locháin', ach is áibhéil í a bhfuair daoine sásamh uirthi. Sheasfadh daoine sa sneachta ag éisteacht leis an dá dhán seo agus tugann sé sásamh faoi leith dóibh daoine aitheantais a bheith ainmnithe iontu. Tá eolas stairiúil agus sóisialta le fáil sna dánta sin don ghlúin atá ag éirí suas faoi láthair. Bhí na dánta féin mar chuimhne don ghlúin a d'éirigh suas le linn do na heachtraí seo a bheith ag tarlú.

Is áit mhór le himirt cártaí Cois Fharraige. Déanann an filí cur síos sa dán 'An Chaora' ar imirt cártaí. In aimsir na Nollag gach uile bhliain bhíodh éanacha nó caoirigh á n-imirt sna tithe ósta ach ins na tithe cuarta roimhe sin. D'fhéadfaí a rá faoin dán seo gur aor bog é ar an duine a chuir an chaora á himirt, mar nuair a bhuaigh an Filí agus na páirtithe a bhí aige an chaora bhí sí i bhfad ní ba lú ná mar a bhí siad ag súil go mbeadh sí:

*D'fhreagair an stáidfhear go múinte,
Is labhair sé go ciúin is go réidh.
'S éard a dúirt sé gur caora a ghrúigh duais í,
Le meáchan, le tiús, is le méid;*

*Gur chaith sí seal fada ina chúram
Ar thalamh a bhí plúchta ag an bhféar
Is go raibh buachaillí ceaptha i gcaitheamh an fhómhair
Dhá cumhdach i ngleanntáin Mhám Éan.*

*Is leagadh na boird lena chéile,
Is cuireadh gach aon fhear ina shuí,
Is roinneadh na cártaí deas éasca,
Is ceapadh an game ar chúig fichhead.*

*Is ansin thosaigh an lascadh is an réabadh
Nó nár airíodh é ag éalú an mheán oích',
Ach ó ruaigeadh Rí Séamas as Éirinn
Níor facthas aon phléatáil mar í.*

*Leanadh den chath sin go maidin –
Ag liúradh, ag lascadh, is ag gleo –
Is chloisfí gach uaille is gach agall
Taobh thiar de Cheann Caillí gan stró.*

Tá an-chosúlacht idir na trí véarsa deiridh sin agus an gnáth chur síos a dhéanadh fear ar imirt cártaí a mbeadh sé aige. Cé go ndéanann sé clamhsán sa dán seo faoi chomh héadrom is a bhí an chaora a fuair sé, taispeánann sé sa dá véarsa deiridh nach bhfuil sé ach ag déanamh spóirt faoin scéal.

*Anois ólfaidh muid sláinte ar an gcaora
Is déanfaidh muid siamsa agus greann;
Go bhfága Dia a sláinte is a saol
Ag chuile líon tí dá raibh ann.*

*Is arís nuair a thioctas an geimhreadh,
Le cúnamh Mhac Naofa is a Mháthair,
Beidh muid ag imirt na gcaoirigh
Is ólfaidh muid fíon agus leann.*

Contae na Mí

Dán eile a dhéanann cur síos ar tharlú is ea 'Contae na Mí'. Déanann an Filí cur síos ar an aistir a rinne muiríní as Conamara go Contae na Mí le cónaí ann, ach, freisin, insíonn sé dá phobal cé as a dtáinig siad an chéad lá riamh. Is daoine iad a d'fbríodh as na taltaí seo agus ba é a gceart a bheith ag dul ar ais ann, a deir sé.

*Taltaí a sinsir a ruaigeadh iad fré chéile as,
Mar b'éigin dóibh éalú ón léirscrios is ón ár.*

Seo é an t-aon dán amháin a nochtann an filí a dhearcadh polaitíochta ag an am sin, más é a dhearcadh féin é, nó arbh amhlaidh a luann sé an moladh seo ar Éamon de Valera de bharr gurbh eisean a d'athraigh an scéim a bhí ag Cumann na nGael, le tuilleadh tithe a dhéanamh i Seanadh Phéistín le muiríní a aistriú as áiteanna a raibh brú mór daoine iontu le cladach. Is eagraíocht Ghaeltachta darbh ainm Muintir na Gaeltachta, a bhí an-láidir sna tríochaidí, a chuir brú ar Rialtas Fhianna Fáil gabhálaíais mhóra i lár tíre a roinnt ar chuid d'fheilmearaí beaga Chonamara.

*Is molfaidh muid Éamon, fear seasta na tíre,
Is an dea-Ghael is iontaí dá bhfaca muid fós;
Shaorfaidh sé Éire ó shlabhraí na daoirse
Ach lán-toil na ndaoine a bheith leis ins gach gó.*

*Molfaidh muid suas é, ár dtaoiseach is ár gcaraid,
A throid is a sheas dúinn in aghaidh clampair is droch dhlí,
Is atá ag déanamh a dhíchill leis na dualanna a ghearradh
Agus muide a fhágáil dealaithe as eangach Sheáin Bhuí.*

I dteannta leis an dán faoi imeacht na muiríní as Conamara go Contae na Mí, scríobh an Filí dán seasca agus a hocht véarsa ag cur síos ar aistir a rinne Spailpín as Camas go Darwin san Astráil. Sa dán seo tá cur síos tugtha ar an aistir i long ó chóstaí na hÉireann go dtí an Astráil. Tá léargas tugtha freisin ar dhearcadh phobal Chonamara ar chiníocha eile, ar áiteanna eile agus ar an gcineáltas agus ar an taghad a bhaineann linn mar phobal. Tá léargas ann freisin ar umhlaíocht mhuintir Chonamara do lucht údaráis. D'fhéadfaí cuid den dán seo a chur i gcomparáid le cur síos ó dhaoine as

Conamara a thagann abhaile as Meiriceá, as Sasana, nó as áiteanna eile a bhfuil seal caite acu ar imirce iontu. Tá léargas eile tugtha sa dán seo, eolas faoi áiteanna ar an mbealach, faoi chiníocha, faoin ngrian, faoin aimsir, faoin bhfarraige, faoi iasc, faoi éanacha, fiú amháin faoi chrith talún. Seo sampla eile den Fhile ag ceangal gnáthchur síos le heolas nua dá phobal.

Filí Feasach

Dúirt mé ar ball go gceaptar go bhfuil fios ag Filí Bhaile na mBroghach, agus go bhfuil cumhacht osnádúrtha eicint ag baint leis. Ní le Filí Bhaile na mBroghach amháin a bhaineann seo. Bhain sé le filí na seanaimsire. Breathnaíodh ar an bhfile sa tseanaimsir mar dhuine fadbhreathnaitheach a d'fheicfeadh roimhe. Chreid Filí Bhaile na mBroghach go raibh an tréith seo ag baint leis féin nuair a chum sé dán faoin Dara Cogadh Mór roinnt blianta sular thosaigh an chogadh sin. 'Lá na Fola' a tugadh ar an bpíosa filíochta siúd agus foilsíodh é i nGearrbhaile 1937. Tháinig cuid mhaith dá raibh sa dán sin isteach fíor. Sa gcéad véarsa tá sé ráite:

*Nach feasach muid uilig, a chairde,
Go bhfuil lá na fola ag teacht!
Is faoi chomhair an dúnmharú cráite
Tá gach náisiún ag feistiú i gceart.
Mo bhrón! nuair a thiofais an lá sin
Nach iomaí fear breá a bheas i bpian,
Is a labhrós na focail go dána:
'Is é mo chrá má rugadh mé ariamh.'*

Is ag samhlú an tsléachta a bheadh déanta dá dtiocfadh cogadh eile atá an véarsa seo.

*A Mhuire, nach millteach an sléacht é!
Dearc ar na céadta ar lár,
Is na míoltóga ag luí ar a n-éadan,
A bhí lá de na laethanta faoi bhláth.
An sruth saolta a bhí ina lámha
Is ag rith le gach ball díobh inné,
Tá seisean ag sileadh le fána
Is é sloigthe go mall faoin gcré.*

Seo an chaoi ar shamhlaigh sé daoine a bheith tar éis an chogaidh:

*Nuair a ghlacfas na náisiúin a suímreas,
'S nuair a shocrós an saol mar is cóir,
Nuair a bheas deireadh le plá ins na ríochta,
Is dhá dtrian de na daoine faoin bhfód,
Ó! cloisfear an bhean bhocht ag béiceach,
'S a croí istigh á réabadh le cumha,
Ag caoineadh i ndiaidh clainne is céile
A leagadh, mo léan géar, ansiúd.*

Shamhlaigh sé freisin go soiléir an t-anó agus an cruatan a bhainfeadh le cogadh mór:

*Féach ar na hógánaigh scanraithe,
Is iad ag rith lena n-anam ón bpian!*

*Féach ar na seandaoine craiplithe
Is iad ag guimhe ar an leaba ar a ndícheall!
Féach ar na máithreacha básaithe
Ar an tsráid is ar an teallach, mo léan!
Agus féach ar na páistí óg fágtha -
Ina ndíleachtaí creachta go héag.*

Deir Seosamh féin gur cheap muintir Chois Fharraige nach raibh aon chontúirt cogaidh ann sna fichidí ná amach i lár na dtríochaidí mar go raibh Sasana agus Meiriceá fíorchumhachtach.

Go deimhin, bhí cuimhne acu ar an gcéad chogadh mór agus ar an gcogadh sa tír seo féin le saoirse a bhaint amach, agus ina dhiaidh sin an cogadh cathartha. Ní raibh an Filí ar aon intinn leo faoi chogadh eile. B'fhacthas dó go dtiocfadh an dara cogadh mór taobh istigh de bheagán blianta. I 'Lá na Fola' tugann sé léargas ar an eolas a bhí aige ar airm agus ar ghunnaí. Luaigh sé an meaisínghunna Maxim, meaisínghunna trom Gearmánach a úsáideadh sa gcéad Chogadh Mór agus sa Dara Cogadh Mór. Níor mhór uisce leis an gunna seo a fhuarú. 'Vickers' a thugtaí ar a mhacasamhail sa mBreatain ón gComhlacht Vickers Armstrong agus is é an Vickers freisin a bhí in úsáid in Éirinn. Luann sé an Lewis freisin, gunna mór so-iompair a d'fhéadfaí a fhuarú le haer. Bhíodh an Lewis in úsáid ag trúpaí na hÉireann. Caithfidh sé gur léigh an Filí faoi na hairm seo i bpáipéir nó in irisleabhair. Bheadh an t-eolas freisin acu siúd as an áit a chaith tamall san arm. Seo véarsa ina luaitear airm:

*Cloisim an Maxim ag gnúsacht,
Ag cur luaidhe ina mhúr uaidh amach,
Is airím ag screadach an Lewis -
Nach minic a ghnóthaigh sé i gcath!
Ó! fágfaidh mé an áit seo, má fhéadaim,
Agus treabhfaidh mé an réimse seo romham,
Agus fágfaidh mé slán ag na tréanfhir,
Nach siúlfaidh an féar go lá an Luain.*

Fuair an dán seo an-éisteacht in aon áit dár dhúirt an Filí é. Ní hé amháin go raibh go leor le foghlaim as ag pobal na huair sin, ach tá léargas le fáil ag aos óg an lae inniu nár mhiste dóibh a bheith acu. Éiríonn leis an bhFilí a léiriú sa dán seo go raibh faitíos air féin go dtiocfadh cogadh eile. Léirigh sé freisin saint na náisiúin i gcumhacht agus a n-easpa suime sa duine. Luaigh sé go soiléir tábhacht agus buaineadas ríocht Dé. Tugann sé cur síos soiléir dúinn faoi chathracha agus faoi dhaoine neamhurchóideacha ag siúl sráide agus an chaoi a mbeadh daoine le linn an chogaidh agus ina dhiaidh.

Tugann sé eolas dá phobal féin ar thíortha agus ar chumhachtaí agus ar airm. Is iontach go deo an cumas atá ann cur síos a dhéanamh ar fhulaingt agus ar an mbás. Tá maoithneachas le léiriú sa gcaoi a gcuireann sé anó agus trioblóid inár láthair. Taispeáineann sé antuiscint ar nádúr na máthar. Déanann sé tairngreacht go dtiocfaidh plá i ndiaidh an chogaidh agus go mbeidh dhá dtrian den phobal faoin bhfód. Ní raibh an dara cogadh mór i bhfad thart go raibh scéin i ndaoine aríst go dtiocfadh cogadh eile agus ní mba leis an bhFilí

bailithe é, chum sé dán ar a dtug sé ‘An Treas Cogadh Domhanda’.

Tá sé ag léiriú an fhaitís ar cheart a bheith roimh an Tríú Cogadh Mór agus ag iarraidh orainn ár n-anam a réiteach. Iarrann sé orainn ár muinín a chur san urnaí. Deireann sé go gcoinníonn sí uainn an namhaid agus go gceanglaíonn sí ár ngrá le Dia. Deir sé go bhfuil cathú i ndiaidh intleachta is smaointe ach nár chóir dearmad a dhéanamh ar Dhia. Feiceann sé dhá chontúirt mhóra ag bagairt ar an domhan seo. An chéad cheann, cogadh domhanda eile, agus an dara ceann, gach creideamh ag fáil lag agus ag leámh.

*A Chríostaithe na cruinne, éistidh
Is dúisidh ó néal gan mhoill,
Is tugaidh fá deara, más léir dhaoibh,
An duifean sa spéir sin thoir.*

*Beidh an stoirm go láidir ag séideadh,
Is ní bheidh foscadh dá réir ag an long.
Is mura gcabhraí Muire is Flaitheas Dé linn,
Beidh muid go léir faoin tonn ...*

*An urnaí, an urnaí, a cháirdhe,
Níor chlis sí sa ngábh ariamh.
Ó, ‘s í a dhéanann a n-anam a shábháil,
Is a chuireann an t-ádha ina dtriall.*

Fógraíonn sé go láidir orainn ár muinín a chur sa bpaidir. Tá claonadh aige tagairt a dhéanamh d’eachtraí staire anois agus aríst.

*Scaip siar do chuid smaointe ar Lepanto
Miorúilt an achrainn is an ghleo –
Nach raibh an choinneal á múchadh san gcath sin,
Nó gur las sí le paidir is le deoir.*

Is ar an gcath a troideadh idir na Turcaigh agus na Críostaithe in aice le Lepanto ar an 7 Deireadh Fómhair 1571 atá sé ag cur síos ansin.

Tá croí an dáin seo i dtrí véarsa:

*Tá dhá chontúirt baolach ag bagairt
Ar éadan an domhain seo faoi láthair:
Cogadh ‘gus loscadh gnímh admhach
A fhágfas gach aon ní ar lár.*

*Is an dara ní eile is measa:
Tá gach creideamh ag fáil lag is ag leámh,
Is ceannairí tíre ag ceapadh
Go gceansóidh siad aimsir is spás.*

*Má thosaíonn an treas cogadh domhanda
Ó! níor mhaith liom go bhfeicfinn an lá
B’fhearr liom a bheith sínte sa talamh
Ná i mo sheasamh i measc fianaise ann.*

Tá an chaint sin chomh fíor inniu is a bhí sí an t-am ar cumadh an dán seo thart ar leathchéad bliain ó shin. Is caint í a dtiocfaidís seo léi atá páirteach sa bhfeachtas dí-armála faoi láthair.

An Bheoichte

Is sa dán ar a dtugtar ‘An Bheoichte’ atá an chruachaint is fearr ina chuid filíochta. Seo trí véarsa:

*Tabhair aire do bheoichte na fola
Is tógfaidh sí sprid théis do bháis,
Is codlóidh sí in uaigneas na cruinne
Nó go ndúiseoidh a sholas í lá ...*

*Smaoinigh ar do chorp mar an gcéanna;
‘S é a iompraíonn síol toradh do bháis;
Smaoinigh go ndéanann sé goineadh
Thrí ghuimhe ní féidir leis fás.*

*Bronntanas síoraí é an creideamh
Níl pearla níos daoire le fáil
Má chuireann tú t-anaíl ina choinne,
Ar ais léi níos glaine is níos fearr.*

Tá dearcadh an Fhilí ar an saol léirithe sa dán seo. Is é an dán deiridh é atá cumtha aige agus is é an dán is mó den chnuasach seo ar fad é a bhfuil bród aige as. Tá amhrán le Mícheál Breathnach, ‘An Deoraí ó Éirinn’ ar bhéal daoine i gCois Fharraige le fada an lá. Chum an Filí dán eile deoraíochta ar a dtug sé ‘An Deoraí as Baile na mBroghach’.

Cur síos atá sa dán ar an bhFilí imithe óna ghaolta, ón spórt, agus ó áiteanna a raibh luí aige leo agus é ag éirí suas. I rith cuid mhaith de shaol an Fhilí, is iomaí daoine aitheantais a raibh orthu an íobairt sin a dhéanamh ar son greim a mbéil a shaothrú do chuile dhuine ina dteaghlach.

Is deas mar a mholann an Filí baile eile atá taobh thiar den abhainn ó Bhaile na mBroghach. Leithrinn ainm an bhaile agus is é ainm an dáin freisin é. Is é an dán ar Mharcas Júidín an t-aon dán molta amháin a rinne sé faoi dhuine a bhí beo fós.

Ceithre agallamh beirte atá sa gcnuasach seo: ‘An Filí agus an Ceannaí’, ‘Oisín agus Pádraig’, ‘An Bhean Sí’, agus ‘Aiséirí an Pheacaigh.’ Ní hé an leagan amach céanna atá ag Filí Bhaile na mBroghach ar an agallamh agus atá ag filí eile i gConamara. Ní thugann sé an oiread céanna deis chainte do gach aon phearsa san agallamh. Is san agallamh ‘An Filí agus an Ceannaí’ is fearr a fhaigheann gach aon duine den bheirt cothromaíocht chainte. Tá an chosúlacht ann nach bhfuil an t-agallamh ‘An Bhean Sí’ críochnaithe mar abraíonn an Filí féin go ndearna sé an píosa seo ach nár chríochnaigh sé é agus nach bhfuil faoi aon véarsa eile a chur leis. Seo an t-aon aisling amháin atá sa mbailiúchán.

Dhá dhán atá sa leabhar seo ag cur síos ar stair na hÉireann: ‘Inis Fáil’ agus ‘An Gáirdín Álainn’. Dán eile atá againn a raibh cáil air i gCois Fharraige is ea ‘An Tarbh’. Píosa tábhachtach é seo a thugann léargas ar an gcaoi a gceansaí tairbh agus beithígh láidre eile a bhíodh le marú nó le coilleadh trí iad a sheoladh amach i gcíocraí go dtéidís á mbáthadh. Ceanglaítear an phraiticiúlacht agus litríocht an laochais le chéile sa dán seo ar an tarbh.

Tá dán sa leabhar seo nach bhfuil gach uile véarsa ann cumtha ag an bhFilí. ‘Turcaí na Céibhe’ a baisteadh air. I dteach cuarta ar an gCéibh Nua a cumadh an dán seo faoi thurcaí a cuireadh ar imirt chártaí agus a ghnóthaigh triúr as Cor na Rón.

Bhí an Filí ina chomhairleoir ag an ngrúpa daoine óga a chuaigh i mbun filíochta faoin turcaí. Nuair a bhíodh cúpla véarsa cumtha acu thagaidís chuig an bhFilí lena bharúil a fháil agus nuair a bhíodh sé sásta lena n-iarracht leanaidís orthu. Sin sampla den Fhilí i mbun scoil filíochta.

An Filí agus a Ghairm

Nuair a d’fhiafraítt den Fhilí cén fáth a ndeachaigh sé ag cumadh filíochta, is é an freagra a bhíodh le fáil uaidh: ‘Bhí sé istigh ionam agus níor bheo mé go bhfaighinn de mo chroí é. Mar a bheadh duine eile ag portaireacht nó ag gabháil fhoinn, bhínnse ag cumadh filíochta sa ngarraí, ar an leaba, ar an bportach, nó ag siúl an bhóthair.’ Níl aon aimhreas nach raibh meas ag an bhFilí ar a ghairm. Ba léir dó gurbh oidhre é féin ar Fhilí na Gaeilge. Chreid sé go raibh féith na filíochta ann. Ní hé amháin go bhfuil a fhios ag a phobal féith na filíochta a bheith ann ach tá a fhios acu go bhfuil na tréithe éagsúla aige a ceanglaítear le filí sa mbéaloidas.

Tá nuafhilíocht mhaith á foilsíú i leabhair agus in irisí Gaeilge faoi láthair. Is minic a d’fhiafródh duine de féin cén tsuim atá ag an ngnáthphobal sa bhfilíocht sin nó cé mhéid di a léitear. Is é mo bharúil féin gur fearr dán a aithris agus éisteacht á fháil lena aghaidh ó chomhluadar ar bith atá bailithe le chéile ná a bheith ag caint faoi go ceann seachtaine.

Níl aon aimhreas nár chreid an Filí gur tábhachtaí an fhilíocht le n-éisteacht léi ná í a bheith fágtha i leataobh ar pháipéar. Níor scríobh sé aon cheann dá dhánta riamh ach chuir an chruachaint a bhí iontu daoine á bhfoghlaim de ghlanmheabhair uaidh le nach ndéanfaí dearmad orthu go héasca.

Rinne an Filí iarracht maireachtáil mar a mhair filí an amháin nó filí an dáin dhírigh. Tharraing sé chuige aon eolas a bhí oiriúnach dá ghairm as leabhair éagsúla ag cur síos ar litríocht na Gaeilge agus freisin as irisí Gaeilge agus as páipéir nuachta a bhí ar fáil. Is cuma cén tógáil atá faighte ag file, nó is cuma cén oidhreacht atá taobh thiar de, is é an craiceann a chuireann sé ar a smaointe nuair atá sé ag cumadh filíochta a tharraingíonn aird an phobail air.

Chuir an Filí níos mó suime sa tsamhlaíocht ná sa réasún ina chuid dánta. Ní fhéadfaí a rá go bhfuil réasún ag baint le roinnt mhaith den bhéaloidas. Ní de réir réasúin a cuireadh ‘An Gráinneach Mór’ le chéile ná ‘Bóthar an Locháin’ ach oiread. Bhí aird ag an bpobal ar na dánta sin mar gur bhain an Filí úsáid as leaganacha agus stór focal fhilí na seanaimsire ach, freisin, d’úsáid sé an sciolladh agus an moladh atá i gcaint na ndaoine agus i bhfilíocht an amháin agus an dáin dhírigh.

Bhraith feabhas na ndánta sin ar an gceangal atá acu le saol agus le bealach maireachtála na ndaoine. Bhí an Filí in ann craiceann maith a chur ar na samhlaíochta a chruthaigh sé sna dánta sin mar gurbh aon bhunadh

amháin é féin agus a phobal.

I gcás an chuid is mó dá chuid filíochta, bhain an filí úsáid as oidhreacht liteartha atá na céadta bliain d’aois. Rinne sé fíochán idir sin agus an saol sóisialta ina áit chónaithe féin. Le go dtuigfí an cruasach dánta seo i gceart níor mhór dúinn staidéar a dhéanamh ar stair shóisialta Chonamara sa bhfichiú aois sula bhfaighfí léargas ceart ar an intinn a bhí taobh thiar den chumadh sna dánta.

Phioc an filí pointí samhlaíochta a bhí in intinn na ndaoine. D’úsáid sé a theanga aclaí orthu agus chuir sé i bhfocail iad. D’éirigh leis suim a phobail i seanleaganacha filíochta a mhúscailt mar gur ainmnigh sé daoine agus áiteacha a bhí ar eolas na ndaoine a bheadh ag éisteacht lena dhánta. D’úsáid sé sean-nathanna cainte ach cor nua curtha iontu agus iad i gcaint na háite.

Focal Scoir

Tá iarracht déanta sa réamhrá seo eolas agus smaointe atá ag snámh in intinn phobal Chois Fharraige faoi Fhilí Bhaile na mBroghach a chur ar pháipéar. Tá na dánta sa leabhar seo ar bharr a mbéil ag roinnt mhaith san áit, rud a chruthaíonn a meas ar a shaothar.

Tagann athruithe ar phíosáí filíochta a bhíonn ag imeacht ó bhéal go béal. Chuireadh an Filí féin athruithe ar na píosáí, mar caithfidh sé go dtéadh sé tríd an gcuid is mó acu gach uile sheachtain sa mbliain lena gcoinneáil i gcuimhne. Fágann seo leaganacha éagsúla ar véarsaí áirithe le fáil i ngach uile thaifeadadh a rinneadh de na dánta fada.

Tá sé suntasach ón saothar seo go dtáinig Filí Bhaile na mBroghach faoi thionchar fhilí na hathbheochana, ach chuir sé cor sa gcumadóireacht a dhírigh aird an phobail i gCois Fharraige ar a raibh ina chuid dánta.

Buíochas

Tá mo bhuíochas ag dul don Fhilí as chomh foighdeach, tuisceanach is a bhí sé liom nuair a bhí mé ag tógáil an tsaothair seo ar pháipéar uaidh. Bhí a chomrádaithe thar a bheith sásta na dánta a bhí imithe ó chuimhne air féin a chur ar fáil dom agus fáilte. Ar na comrádaithe sin bhí Peadar Mháirtín Tom Ó Donnchadha, Peadar Mhicilín Ó Cualáin, agus Tom Bán Breathnach. Tá buíochas ag dul do Thadhg Ó Séaghdha, go ndéana Dia grásta air, as ucht cuid den saothar seo a fhoilsíú in irisí Gaeilge agus cuid de na dánta a mhúineadh dá chuid scoláirí i scoil Sailearna.

Is mór an chomaoín atá curtha ag an Mon. Eric Mac Fhinn ar Chois Fharraige leis an obair a rinne sé ar *Ar Aghaidh* ar feadh dhá Scór bliain. B’éascaíocht mhór cuid de dhánta an Fhilí a bheith ar fáil san iris seo - iris ar stair shóisialta Chois Fharraige. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh freisin le Máire Ní Chearra, Bord na Gaeilge, Coláiste na hOllscoile, Gaillimh, as ucht an obair chlósscríbhneoireachta a dhéanamh, agus le Gearóidín Ní Ailpín, Roinn na Tíreolaíochta, as ucht an léarscáil a dhéanamh. Mé féin amháin atá freagrach as aon easpa nó locht atá ar an leabhar.

Plean Forbartha 2008-2010

1. **Ionad Tacaíochta Teaghlaigh.** Le n-oscailt Meán Fómhair, 2008.

2. **Forbairt €3/4M. ar Scoil Sailearna**

- 12 Sheomra Ranga nua
- Leabharlann
- Dhá Chúirt Leadóige
- Cúirt Liathróid Láimhe
- Páirc Imeartha nua
- Áit Pháirceála do ghluaisteáin ó thuaidh den scoil.

3. **Forbairt ar Scoil Cholm Cille ar chostas €3/4M.**

- Seomra na gCéadfaí
- Aonad Teanga

4. **Spórtlann Chumann Mhícheál Breathnach**

- Comóradh Mhícheál Breathnach

5. **CST**

- Tuilleadh talmhan le ceannacht le breis seirbhís a chur ar fáil
- Oifigí nua le tógáil ar an suíomh faoi láthair.
- Méadú a chur ar Amharclann Chois Fharraige
- Plean Forbartha réitithe do Tigh Seoighe
- Feabhas ar na bóithre do réir Plean Innealtóra - Mícheál Ó Neachtain
- Cúrsaí FÁS agus Scéimeanna Sóisialta f/ch. CST
- Fásra Teo.

6. **Cumann Forbartha**

- Comóradh ar shaol Mhícheál Breathnach
- Comórtas na mBailte beaga
- Plean Forbartha 2008-2010
- Plean Ghlór na nGael 2008-2010
- Biseach 2008
- Leabhrán Paidreacha Dúchasacha

7. **Comhar Chreidmheasa Colm Cille**

- c.f. Leabhairín na Bliana

8. **Pobal ar Aire an Chnoic** f/ch. Máire Áine Uí Dhonnchadha

9. **Tearmann Éanna Teo .**

- 32 theach,
- Ionad Lae,
- Ionad Sláinte & Airgeal Phóil tógtha ar chostas breis is €4,000,000.
- Bainisteoir nua ceaptha agus ceathrar oibre maoinithe ag Pobal go ceann dhá bhliain le tuille seirbhís a chur ar fáil.

10. **Coiste na Reilige**

- Leabhrán foilsithe agus mapa na n-uaighneanna uilig sa Reilig.

11. **Cúrsaí Eaglasta**

- Comhairleach tréadach bunaithe faoi Chathaoirleacht Shéamuis Mhic an Rí.
- Eagrú Lá an Phatrúin 9/6/08
- Aifreann na Reilige

12. **Cead Pleanála á lorg do Cholaíste Lurgan.**

Cúrsaí Eaglasta sa Séipéal

1. Aifreann agus Paidrín chuile lá.
2. Uair bheannaithe ar feadh uaire Dé Céadaoin agus Dé Domhnaigh.
3. Na sacraimintí trí Ghaeilge amháin.
4. Aifreann sna scoileanna agus sa Reilig faoi dhó sa mbliain.
5. Aifreann na Stáisiúin i chuile cheann den scór bailte faoi dhó sa mbliain.
6. Aifreann agus searmanas na mairbh san Reilig faoi dhó sa mbliain.
7. Comhairleach tréadach bunaithe san bpobal faoi chathaoirleacht Shéamuis Mac an Rí.
8. Beannú speisialta réitithe d'oscailt Scoil Cholm Cille, don Ionad Tacaíochta Teaghlaigh agus d'oscailt Thearmann Éanna Teo.
9. Gearrchúrsa ar an mBíobla eagraithe don Phobal.
10. Lá an Phatrúin eagraithe ar Fhéile Cholm Cille ar 9/6/08.
11. Aifreann le ceol eagraithe chuile dheire seachtaine don 1,500 Gaeilgeoirí sa Samhradh.
12. Eagrú Turas Chnoc Muire na Gaeltachta ar an Domhnach deire d' Aibreáin agus turas eile ar lá do Mhamó agus Daideó.
13. Searmanas faoi leith eagraithe don Chéad Fhaoistin, Chéad Chomaoineach agus Cóineartú.
14. Cnuasach do sheanphaidreacha Chois Fharraige.
15. Leagan caighdeánach Chonamara ar scríoptúir an Domhnaigh.

An tAth. Mícheál Ó Flannabhra, S.P.

Taobh thall: Máire Treasa Ní Dhubhghaill, TG4, i dteannta foireann Camógaíochta na scoile tar éis dóibh an ceann is fearr a fháil ar Scoil Sailearna sa chluiche ceannais de Chomórtas TG4.

Ar chúil, ó chlé: Aisling Ní Chonchubhair, Orla Bolustrom, Caitríona Ní Churraoin, Laoise Bleasdale (Captaen), Máire Treasa Ní Dhubhghaill, Cristín Nic Ghiolla Choinnigh, Marie Seoighe, Ciara Ní Chonghaile agus Sinéad Ní Chadhain.
Chun tosaigh, ó chlé: Sinéad Seoighe, Adhna Ní Bhraonáin, Cliona Nic Fhlanncha agus Caitlín Ní Choisdealbha

Scoil Cholm Cille na Tulaí

Fil Uí Dhubhghaill (Príomhoide)

Taca an ama seo anuraidh bhí muid ag fáil faoi réir le haghaidh oscailt oifigiúil na seomraí breise a cuireadh leis an scoil. Nach orainn a bhí an t-ádh gur éirigh linn an obair seo a dhéanamh roimh na gcorraithe ar fad! Bhí an-lá againn ar an 7ú lá de Mhí na Nollag, 2007 nuair a ghearr an t-Aire Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta, Éamon Ó Cuív, an ribín ar an bhfoirgneamh breá nua agus nach muid a bhí bródúil.

Ón lá ar fhág na tógálaithe, Cuddy agus a chomhlacht, an láthair díreach roimh bhriseadh na Samhna anuraidh, go dtí lá na hoscailte is iomaí duine a tháinig i gcabhair orainn agus a d'oibrigh go dian, dícheallach ionas go mbeadh an áit chomh feistithe le fuinneog shiopa don lá mór.

Phéinteáil Danny de Bhailís, suaitheantas agus ainm na scoile ar na beanna; ghlan Paddy O'Toole an seanleac ar a raibh ainm na scoile agus rinne sé ceann nua go speisialta in onóir na hócáide. Bailíodh le chéile seanghrianghrafanna agus chuir Seosamh Ó Flatharta as an gCré Dhubh i bhfrámaí iad, agus b'fhiú go mór an trioblóid a fuair Tadhg Ó Conghaile agus Peadar Ó Cualáin, as an gCaisleán, á gcrochadh mar is iontu sin a bhí an spéis ag an slua mór de iarscoláirí a tháinig ar an lá. Tháinig meitheal de thuismitheoirí isteach agus d'iompar siad troscán, leabhra agus aon rud eile a theastaigh a aistriú ón seanfhoirgneamh; chroch siad cláracha agus seilfeanna agus ar an lá mór réitigh siad sóláistí don slua. Nár laga Dia iad!

Ó shin tá an carrchlós nua déanta taobh thiar de Halla na Tulaí agus cabhraíonn sé sin go mór le cuid den trácht a thógáil ó thosach an Halla. Cé go raibh a lán ag tarlú i dtimpeallacht na scoile, níor chuir sé isteach ar rannpháirtíocht na scoile i ndrámáíocht agus i gcomórtais peile, iománaíocht agus camógaíocht. D'éirigh le Rang 3 + 4, faoi stiúir an mhúinteora Bríd Bleasdale, Craobh na hÉireann a bhaint amach san Fhéile Náisiúnta Scoil drámáíocht leis an gCeoldráma, "Píobaire Hamelin".



Martina agus Joe Ó Conghaile, Scoil Cholm Cille, An Tulaigh, ag ócáid bronnta na nduaiseanna don Fhéile Náisiúnta Scoil drámáíocht i bPáirc an Chrócaigh. Ghlac siad an Corn thar ceann a ranga a bhain Craobh na hÉireann amach leis an gceoldráma, "Píobaire Hamelin".

Bhí an-bhliain go deo ag an bhfoireann Camógaíocht agus thug siad leo Corn TG4 agus Craobh Chumann na mBunscol.

Ar an 10ú lá d'Aibreán thug

Ranganna 5 + 6 a n-aghaidhe soir ar Shéipéal an Chnoic áit a chuir an tArdeaspag Mícheál Ó Néaraigh faoi lámh an Easpaig iad. Comhghairdeas ó chroí leo féin agus lena múinteoir, Cathal Ó Fríghil.

Tá súil againn, i rith na bliana atá romhainn amach, gairdín scoile a réiteach agus tabhairt faoin mBrat Glas. Freisin tá muid ag iarraidh Aonad Teanga a bhunú sa scoil ionas nach mbeidh ar ghasúir as ceantar Chonamara taisteal go dtí an Rinn Mhór chun cúnamh a fháil lena gcuid fadhbanna teanga. Táimid ag obair le leathbhliain ar an togra seo i dteannta ionadaithe ón Ionad Tacaíocht Teaghlaigh, An Cnoc, múinteoirí agus tuismitheoirí ach faraor tá roinnt mhaith constaicí le sárú againn fós.

Tá an t-ádh linn go bhfuil comhoibriú iontach idir an Bord Bainistíochta, na Múinteoirí agus na tuismitheoirí – chuile dhuine ar aon intinn agus gan ach leas na bpáistí ar an gclár acu. Ní neart go cur le chéile.



Na Breathnaigh



Ar chúl, ó chlé: Pádraig Joe Sheamais (Cathaoirleach), Cól Ó Finneadha (Bainisteoir), Eoin Ó Neachtain, Éanna Ó Conghaile, Ciarán Ó Cadhain, Antaine Ó Finneadha, Breandán Breathnach, Dónal Ó Curraoin (Captaen), Enda O'Toole, Domcha Ó Conghaile, Pól Ó Curraoin (Roghnmóir), Peadar Ó Finneadha (Roghnmóir), Will Tán.
Chun tosaigh, ó chlé: Ciarán Seoighe, Eoin Ó Conghaile, Seán Ó Finneadha, Colm Ó Conghaile, Stiofán Ó Coisdealbha, Cathal Ó Conaire, Pádraig Ó Conghaile, Barraí Ó Conghaile.

Cumann Mhícheál Breathnach

Pádraig Joe Shéamuis (Cathaoirleach)

An t-am seo anuraidh bhí foirne sinsir an Chumainn sábháilte agus ag déanamh go maith ina ngrádanna éagsúla féin. Bhí an fhoireann sinsir peile tar éis ardú céime a bhaint amach go dtí Roinn A. Mar bharr air sin ghnóthaigh siad an Chraobh B amach ar fad.

I gCraobh Sinsir na Gaillimhe i mbliana bhí laethanta againn i bPáirc an Phiarsaigh nuair a fuair an Cheathrú Rua an ceann is fearr orainn tar éis am breise. Cluiche é seo ba cheart a bheith buaite againn tar éis a bheith chun tosaigh le 9 bpointe tar éis 15 nóiméad. I ngrúpa na gCaillteoirí in éadan Eanách Cuain bhí an lá linn tar éis droch-chluiche peile. Lá salach gránna stoirmiúil, ach nach cuma, bhí an lá linn.

Agus muid ag fanacht leis an tarraingt don dara babhta bhí muid ag súil le deis níos fearr ná an rogha a fuair muid, Coláiste na hOllscoile, Gaillimh. Tar éis cluiche breá peile bhí an lá le fir na cathrach. Bliain eile caite agus muid amuigh as an gCraobh tar éis an dara babhta. Níl an stádas i Roinn A sábháilte fós agus dhá chluiche le n-imirt ach tá misneach mhaith ag na leids go mbeidh muid in ann fanacht thuas go ceann bliana eile.

Níl muid sa ngrád Idirmheánach níos mó mar nár bhuaigh an fhoireann sin cluiche ar bith ar feadh na bliana. Cúis mhór leis sin gur imir 11 nduine de na leids sinsir sa gCraobh agus mar sin go raibh muid fágtha ar an gcaolchuid sa ngrád Idirmheánach an chuid eile den séasúr. B'fhéidir nach drochrud amach is amach a bheith ag imirt Sóisear A an bhliain atá amach romhainn. Tá sé an-deacair dhá fhoireann a choinneáil thuas ag an ngrád is airde, ach le cúnamh Dé ní bheidh muid i bhfad thíos ach an oiread.

Bhain an fhoireann Sóisear C áit amach i gCluiche Ceannais an Chontae tar éis Craobh an Iarthair a bhuachan thiar i Ros Muc in aghaidh an Chlocháin. Chomh maith leis sin, tá siad fós sa tSraith

agus iad ag imirt in aghaidh Árann sa gCluiche Leathcheannais. Ní maith liom aon ainmneacha ar leith a lua, ach is breá an rud leids mar Phat Dee agus Tadhg Mór a fheiceáil ag imirt togha na peile i gcónaí.

Chuir muid foireann os cionn Dhá Scór Bliain chun páirce freisin an mhí seo caite. Bhí an lá leo siúd in aghaidh Mhá Cuilinn agus chroch siad leo Corn Phaddy Mhatt agus nach breá an rud go bhfuil ainm Phaddy luaite leis an gCorn céanna. Is cinnte gur fear é a rinne go leor oibre leis an gCumann i rith na mblianta. Fear eile sa gCumann a d'imigh uainn freisin is ea Ned Ó Feinneadha as an Tuar Beag, agus rinne sé a chuid féin don Chumann sna bliana siar. Ar dheis Dé go raibh an anam.

Ar an 23ú lá de Dheireadh Fómhair thug 49 daoine, idir fhir agus mhná, aghaidh ar Bhoston mar chuid de Chomóradh 100 bliain ar bhás Mhícheál Breathnach. Bhí 18 bpeileadóir, bainistíocht na foirne, oifigigh an Chumainn, ceoltóirí agus lucht tacaíochta sa slua. D'imir muid cluiche in aghaidh piocadh de *Shannon Blues* agus *Connemara Gaels*

i gCanton, áit bhreá gan bréag ná magadh. Tá moladh mór ag dul do Ghael Bhoston as a leithéid d'áit a bheith acu. Bhí an lá linn tar éis na huaire, leis an scór 2-15 in aghaidh 1-11.

Tar éis dinnéar breá bhí ceol agus damhsa sa halla mór thuas staighre. Bhí cuid mhór de mhuintir Chois Fharraige atai mBoston i láthair agus bhí caint agus sioscadh go maidin ann dá réir. Bhí dhá oíche mhór cheoil againn i JJ's i Dorchester agus sa nGoal Post i Quincy, agus bhain muid fhéin agus an mhuintir thall an-spraoi as an tseachtain, go raibh maith ag muintir Chonamara i mBoston as sin.

Forbairt Nua

Tá cead pleanála faighte againn faoi dheireadh thiar thall leis an fhorbairt a thosú agus tá súil againn tabhairt faoi sin go luath sa mbliain nua, le cúnamh Dé. Déanfar an fhorbairt ina cheithre chuid, an Pháirc Astroturf ar dtús, ansin páirc traenála, na seomraí feistis agus an t-ionad aclaíochta ina dhiaidh sin agus an tIonad Spóirt ar deireadh thiar.



Cuairt na nAlbanach

Na 'Seanleids' Bhuachacha 2008



Na Sean fhondúirí thall ...

Ar chúl, ó chlé: Aindí Ó Cualáin, Pádraig Mac Diarmada, Micheál Ó Conghaile, Tadhg Ó Curraoin, Kevin Ó Conghaile, Máirtín Ó Biadha, Micheál Ó Conghaile, Tony Ó Conghaile, Peadar Cualáin, Seán Ó Finneadha, Eoin Ó Tuairisg, Pádraig Ó Fátharta, Pádraig Ó Beoláin, Alec Ó Coisdealbha, Pádraig Ó Márta.

Chun tosaigh, ó chlé: Ruairí Ó Béarra, Colm Ó Conghaile, Cóil Ó Feinneadha, Antoine Ó Conghaile, Joe Ó hÉanaigh, Máirtín Ó Curraoin, Seán Ó Cualáin, Lorcán Ó Cualáin.

Na Seanleaid

Antoine O Conghaile

Bhí chúig nóiméad fanta agus Mícheál Breathnach dhá phointe chun cinn. An bhféadfaí greim a choinneáil ar an gcreach nó an raibh Corn nua glan Phaddy Mhatt ag tabhairt aghaidh ar Mhaigh Cuilinn.

Lé cúpla bliain anuas is ar an taobhlíne mar bhainisteoirí agus mar roghnóirí is mó atá formhór na foirne 40+ Mícheál Breathnach ag saothrú a gcoda. D'fhéadfá a rá gur cheap tromlach na foirne go raibh a gcic deireanach buailte acu i ngeansaí Bán agus Gorm an chumainn. Ach mar pháirt de cheiliúradh an chumainn i mbliana, d'iarr Cathaoirleach an Chumainn, Páraic Joe Shéamais, grúpa a chur le chéile le haghaidh a thabhairt ar Mhaigh Cuilinn agus go n-imreofaí Corn Chuimhneacháin Phaddy Mhatt Mhic an Iomaire ar Chnoc an tSagairt.

Tarraingíodh aníos liosta imreoirí, tarraingíodh aníos péire – ara céard tá mé a rá – tarraingíodh aníos scór liosta, agus fós fhéin is dóigh go raibh daoine fágtha ar lár. Sé seachtainí do thraenáil chrua agus bhí muid feistithe.

Nuair a d'fhógair Bainisteoir na foirne, Aindí Chóilí Óg, an fhoireann an lá úd, bhí sé den tuairim gur cheart an binse a bheith láidir, chuile sheans gurb shin an fáth go raibh formhór na mbuachaillí ag iarraidh fanacht sa rota sin. Bród, áthas agus beagán sceitimíní na mothúcháin a bhí againn agus muid ag tabhairt aghaidhe ar pháirc na himeartha uair amháin eile. An geansaí Bán agus Gorm a bheith caite aniar ar do bhráid arís – bhí sé dochreidte. Leis an aithne atá againn ar a chéile i gcaitheamh na mblianta, cé gur dúradh nach raibh ann ach cluiche, bhí muid uilig ar a stára ag iarraidh gnóchtáil.

Tús maith leis an gcluiche agus ag leatham bhí muid cúig phointe chun cinn. Is muid ag tabhairt aghaidhe ar an taobhlíne le scíth a thógáil, rith sé linn gur ag Steve Ainde a bheadh an leagan amach dúinn, lá den tsaol, faoin mbealach a



raibh muid dhul i aimsneidh. Faraor tá seisear agus cuid eile de laochra móra an chumainn imithe uainn anois agus áit níos compoirdí acu in Iothlainn Dé. Ach fós fhéin bhí siad linn an lá úd ar an gCnoc, agus cé gur throid Maigh Cuilinn ar ais go láidir sa dara leath, nuair a shéid an moltóir, Páraic Dee, an fheadóg dheiridh, bhí Corn Phaddy Mhatt ag fanacht as mbaile agus trí phointe d'fharasbarr againn.

Ba laoch i mo chuid súile-se é Paddy Mhatt Mhic an Iomaire. Thraenáil sé muid mar imreoirí fásta. Thraenáil sé mar ghasúir muid agus ba ghnáúil é i dtaobh bealach ag na cluichí. Ó sea, thugadh sé neart *Bullseyes* dhúinn freisin is muid mar scorachai.

Tá muid fíorbhuíoch dhá chlann, Máirín agus Gearóidín, as ucht an Choirn bhreá a chuir ar fáil don chluiche. Buíochas ó chroí freisin le Cumann Mícheál Breathnach as ucht an deis a thabhairt dúinn ionadaíocht a dhéanamh thar cheann an Chumainn uair amháin eile.

An scór deiridh arís sa gcluiche stairiúil 40+ úd, ara níl fhios ag aon duine cén scór deiridh a bhí ann, mar ní raibh ann ach píosra spraoi ar deireadh thiar. Sea go deimhin.



Cumann Camógaíochta Chois Fharraige

Máirtín Ó Dubhghaill

Tá Cumann Camógaíochta Chois Fharraige ag deireadh an tséasúir faoi láthair agus ag críochnú ar nóta ard mar a thosaigh siad thiar i mí na Márta seo caite. Bhuaigh an fhoireann sóisir sraith an Chontae (Sóisear B) nuair a bhuaill siad cailíní Skehana sa chluiche ceannais leis an scór 2-1 in aghaidh 0-0. Tá na cailíní Faoi-15 ag fanacht le cluiche ceannais Chomórtas Iarthar na Gaillimhe agus na Cathrach, áit a gcasfaidh siad ar an gCaisleán Gearr.

Tá 143 cailíní cláraithe leis an gCumann i mbliana: Foirne faoi 9, 10, 11, 12, 13, 14, 15, 16, 18 agus foireann Sóisir. Glacann an Cumann páirt i gComórtais an Chontae agus i gComórtais an Iarthair sna grádanna sin ar fad.

Faoi-9: Bhuaigh siad ar chuile fhoireann sa ghrúpa (Caisleán Gearr, Liam Uí Mhaoilíosa, Bóthar na Trá agus Bearna/Na Forbacha) ach chaill siad le cúl amháin in aghaidh Uarán Mór sa chluiche leathcheannais.

Faoi-10: Bhuaill Dún an Eochta iad le dhá chúilín i gcluiche leathcheannais de Chraobh an Chontae

Faoi-11: Bhain siad amach an cluiche Craoibhe de Chomórtas an Iarthair, áit ar chaill siad i gcoinne



Foireann Camógaíochta Faoi-10 a chuaigh go dtí cluiche leathcheannais an Chontae.

Chun tosaigh ó chlé: Rachel Nic an Ultaigh, Anna Ní Ódhraín-Ní Mhurchú, Anysia Ní Thuairisg, Éimear Ní Thuairisg, Sadhbh Howlín, Méadhbh Ní Mhuirín, Sórcha Ní Fhrighil, Majella Nic Dhonnchadha.

Ar chúil: Aoife Nic Ghiolla Choinnigh, Tiffany Ní Choistealbha, Laoise Bhreathnach, Mary Ní Fhéinne, Méadhbh Nic Dhonnchadha, Sórcha Ní Bhraonáin, Sinéad Ní Mhaoláin, Caoimhe Ní Choisdealbha, Fionnuala Ní Ghruinéil, Laura Ní Ifirneáin.



An fhoireann camógaíocht 8 & 9: Chun tosaigh ó chlé: Róisín Ní Cheallacháin, Aoife Nic Cormaic, Máire Ní Fhrighil, Blanca Ní Dhonabháin, Éabha Ní Chonnláin, Fionnuala Ní Mhárta, Laoise Nic Oireachtaigh, Uaidh Robertson, Iseult Ní Fhoighil. Ar chúil: Caoimhe Ní Churraoin Breathnach, Aisling Ní Fhurgais, Sadhbh Ní Chonghaile, Caoimhe Ní Chonghaile, íde Ní Churraoin, Aghna Nic Dhonnchadha, Emer Nic Dhonnchadha, Tiffany Ní Choisdealbha, Sinéad Ní Chonchubhair, Katie Ní Fhéinneadh

Bóthar na Trá le 3 cúilín.

Faoi-12: Cluiche Ceannais an Chontae arís, ach bhuaill Creachmhaoil iad le dhá chúilín. Bronnadh an gradam “Laoch an Chluiche” ar Ciana Ní Churraoin as an gCoill Rua tar éis an-taispeántas camógaíochta.

Faoi-13: Cáilithe do chluiche leathcheannais de Chomórtas an Iarthair áit a gcasfaidh siad ar Liam Uí Mhaoilíosa nó an Caisleán Gearr. Ádh mór orthu!

Faoi-14: Shroich siad Cluiche Ceannais an chontae ach bhuaill an Turloch Mór iad le cúilín amháin tar



An Fhoireann Sóisir a bhuaigh Craobh an Chontae nuair a fuair siad an ceann is fearr ar Shaidhleán

Ar chúil: Máirtín Ó Dubhghaill, Aoife Ní Dhomhnaill, Gráinne Bleasdale, Léan Breathnach, Sadhbh Ní Cheallaigh, Caoimhe Ní Mhaoileoin, Róisín Ní Cheannabháin, Méadhbh Ní Fhlatharta, Béibhinn Ní Ghríofa, Tríona Ní Dhiollúin, Stacey Ní Churraoin. Charlene Ní Churraoin, Bríd Bleasdale agus Andy Bleasdale
Chun tosaigh: Éimear Ní Chadhain, Niamh Ní Dhroighneáin, Teresa Ní Chadhain, Niamh Ní Mhaoileoin, Niamh Ní Chearra, Máire Treasa Ní Dhubhghaill, Sarah Ní Choistealbha (Captaen), Orla Breathnach, Aedin Ní Fhátharta agus Áine Ní Chonghaile

éis cluiche iontach sciliúil.

Faoi-15: Ag imirt go gairid i gCluiche Ceannais an Iarthair i gcoinne an Caisleáin Ghearr. Ádh mór orthu!

Faoi-16: Buaileadh iad sa chéad bhabhta de Chraobh an Chontae.

Faoi-18: Bhuaileadh Bóthar na Trá iad i gCluiche Leathcheannais an Chontae

Sóisear B: Bhuaigh siad Sraith an Chontae agus Craobh an Chontae. Nár laga Dia iad!

Tá chuile bhall den Chumann ag tnúth go mór leis an Dinnéar Bliantúil i mbliana!

Arís sa samhradh seo caite, eagraíodh Campa Camógaíochta ar feadh seachtaine ar Pháirc na mBreathnaigh. Na teagascóirí a bhí againn, Eoin Ó Ceallaigh agus Ciarán Ó Frighil as Co. an Chláir agus Diarmuid Ó Ceallaigh as na hAille. Bhí siad iontach!

Tháinig Veronica Curtin, imreoir Chontae na Gaillimhe ar feadh dhá lá lena cuid scileanna a roinnt leis na cailíní. D'fhreastail 78 cailíní ar an gCampa agus bhain siad an-spraoi as, gan trácht ar an bhfeabhas a tháinig ar a gcuid scileanna!

Roghnaíodh beirt ón gCumann ar fhoireann na Gaillimhe Faoi-13 i mbliana: Ciana Ní Churraoin agus Órlaith Ní Dhireáin. Bhí Sadhbh Ní Cheallaigh agus Niamh Ní Chearra ar phainéal mionúir an Chontae. Tá siad ag leanacht an chosáin a thóg Áine Ní Chonghaile, Gráinne Bleasdale agus Sadhbh Ní Cheallaigh a d'imir le foireann Sinsear B an Chontae anuraidh.

Déanann CCCF freastal ar chailíní cheantar Chois Fharraige,

óna Forbacha siar agus cuireann an Cumann fáilte roimh bhaill nua i gcónaí. Bíonn traenáil ar siúl chuile Shatharn ar Pháirc na mBreathnaigh. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ó aon duine de na traenáilaithe seo a leanas a bhíonn ar an bpáirc chuile Shatharn; Caitríona Ní Chonchubhair, Áine Ní Chonchubhair, Aodán Mac Cormaic, Bríd Bleasdale, Andy Bleasdale agus Máirtín Ó Dubhghaill.



Foireann Camógaíochta Faoi-12 a d'imir i gCluiche Ceannais an Chontae

Ar chúil: Hazel Ní Choistealbha, Róisín Ní Neachtain, Sarah Ní Chualáin, Áine Ní Bhiaitaigh, Cristín Nic Ghiolla Choinnigh, Ciana Ní Churraoin, Lisa Ní Chadhain, Sarah Comerford, Sinéad Nic Dhonnchadha, Gretta Ní Bharrúin, Máirín Ní Churraoin, Aisling Ní Iarnáin. Chun tosaigh ó chlé: Méadhbh Ní Churraoin, Róisín Ní Fhurgais, Anna Ní Ódhráin -Ní Mhurchú, Siorcha Ní Fhrighil, Sinéad Ní Mhaoláin, Aoife Ní Lorcáin, Siorcha Ní Bhraonáin, Clíodhna Nic Fhlannchadha, Dearbhail Ní Chaoimh, Éimear Ní Chonaire, Neil Ní Chonmláin agus Charlie Ó Frighil (an mascot).



◀ An Fhoireann Camógaíochta Faoi-11.

Chun tosaigh ó chlé: Hazel Ní Choistealbha, Sarah Ní Chualáin, Méabh Ní Churraoin, Sinéad Ní Mhaoláin, Caoimhe Ní Choisdealbha, Sorcha Ní Fhrighil, Deabhail Ní Chaoimh, Máirín Ní Churraoin, Aoife Nic Ghiolla Choinnigh. *Ar chúil:* Caitríona Ní Chonchubhair, Róisín Ní Fhurghais, Aoife Ní Lorcáin, Sorcha Ní Bhraonáin, Sinéad Nic Dhonnchadha, Anna Ní Ódhraín-Ní Mhurchú, Sarah Comerford, Neil Ní Chonnlaín, Caoimhe Ní Chonghaile, Aisling Ní Iarnáin.

THÍOS: Joe agus Carmel Uí Churraoin ag bronnadh seit geansaithe ar Mháirtín Ó Dúill thar cheann Chumann Camógaíochta Chois Fharraige. ▼

Thíos, tá an Fhoireann Faoi-14 a chail cluiche ceannais an Chontae le cúilín amháin in aghaidh an Turlaigh Mhoir.

Ar Chúil: Saoirse Howlin, Síle Sorcha Ní Chonghaile, Aisling Ní Chonchubhair, Caitríona Ní Churraoin, Lisa Denise Ní Chonghaile, Áine Ní Dhubhghaill, Fiona Ní Chonghaile, Orlaith Ní Dhíreáin, Karen Ní Dhonncha. *Chun Tosaigh:* Loretta Ní Challanáin, Ciana Ní Churraoin, Aisling Ní Neachtain, Éimear Ní Mhaoileoin, Darina Ní Challanáin agus Cristín Nic Ghiolla Choinnigh ▼



Féile Iománaíochta/Camanachd 2008

Ba é cuairt Fhoireann Camanachd na nAlbain ar pharóiste an Chnoic i mí Dheireadh Fómhair buaic iomána na bliana i gCumann Mícheál Breathnach 2008. Bhí an-deireadh seachtaine iománaíochta agus camanachda ar an bpáirc agus foirne Gaeltachta Faoi-14 páirteach i gComórtas Cuimhneacháin Éinne Uí Fhoighil agus foireann Sóisir an Chumainn ag iarraidh a chinntiú nach n-éireodh leis na hAlbanaigh Corn Cholm Cille a thabhairt abhaile leo. Cé gur chaith sé an oiread sin báistí le seachtain roimhe, ba léir go raibh duine éigin ar Choiste Stiúrtha na Féile ag guidhe mar ghealaigh sé maidin dé Sathairn agus dhá lá níos breátha ó thaobh aimsire ní fhéadfaí a iarraidh.

I gComórtas Cuimhneacháin Éinne Uí Fhoighil, comórtas iománaíochta Faoi-14, d'éirigh leis an Spidéal a theacht ar ais sa chluiche leathcheannais in aghaidh An Caisleán Gearr agus áit a ghnóthú i gcaobh an chomórtais ar an Domhnach. Bhí an-chluiche iománaíochta ann agus scileanna den scoth á dtaispeáint ag an dá fhoireann. Ba iad foireann Faoi-14 na mBreathnaigh a cháiligh don chraobh ina n-aghaidhe, tar éis dóibh an ceann is fearr a fháil ar Bhearna / Na Forbacha.

Ba é buaic an tSathairn, mar sin féin ná na seisiúin oiliúna a rinne ionadaithe ó Fhoireann Camanachda na hAlbain leis na foirne éagsúla Faoi-14. Míníodh na rialacha *Shinty* do na hiománaithe óga seo agus tugadh an deis dóibh cluichí *Shinty* a imirt leis na maidí Albanacha. Mhúscaíl sé seo an-spéis iontu uilig agus go deimhin bhí iontas ar na hAlbanaigh chomh maith is a láimhseáil na hiománaithe óga seo na maidí agus na scileanna éagsúla seo.

Trí chluiche mhóra a bhí ar an gclár don Domhnach, Craobh Sciath Éinne Uí Fhoighil idir An Caisleán Gearr agus Bearna/Na Forbacha; Corn Cuimhneacháin Éinne Uí Fhoighil idir Mícheál Breathnach agus An Spidéal, agus Corn Cholm Cille, Cluiche Idirnáisiúnta Iománaíochta/Camanachda idir Mícheál Breathnach agus Albain.

Ba iad An Caisleán Gearr a d'ardaigh Sciath an Chomórtais, tar éis dóibh comhimirt den scoth a



Rónán ag glacadh seilbhe aríst eile ar Chorn Cholm Cille tar éis na hAlbanaigh a bheith cloíthe.



Coinneoidh muid an Corn ar fad an chéad bhliain eile!

thaispeáint in aghaidh Bhearna/Na Forbacha agus bhí ríméad ar Joe Steve Ó Neachtain Corn Cuimhneacháin Éinne Uí Fhoighil a bhronnadh ar chaptaen Mhícheál Breathnach, Ruadhán Ó Béarra tar éis dóibh an ceann is fearr a fháil ar An Spidéal i gcluiche sciliúil cruca.

Bhí iriseoirí agus ceamaraí teilifíse i measc an tslua mhóir a bhí i láthair don chluiche mór idirnáisiúnta agus seinneadh Amhrán na bhFiann agus Amhrán Náisiúnta na hAlban sular caitheadh isteach an sliotar don ócáid. Ceathrar déag imreoirí a chuir chun páirce don dá fhoireann agus thóg sé tamall ar fhoireann Mícheál Breathnach dul i dtaithí ar na comhrialacha i dtosach, an rialaí a chuireann cosc ar an sliotar a chiceáil ach go háirithe. Cé go raibh roinnt seansanna go luath ag Alba dá réir sin lena gcuid pocanna saora, níor éirigh leo dul ar chlár na scór go dtí go raibh beagnach deich nóiméad caite.

Cé go raibh an dá fhoireann tar éis aithne mhaith a chur ar a chéile - anuraidh in Albain nuair a himríodh an chéad chluiche eadrainn agus le cúpla oíche roimhe sin ó a leaindeáil na hAlbanaigh i

gCois Fharraige - bhí an choimhlínt ar pháirc na himeartha cruca agus dian. Tar éis do na mBreathnaigh a theacht isteach ar an stíl imeartha éagsúil a bhaineann leis an gcluiche comhrialacha, d'éirigh leo scóranna a aimsiú agus bhí siad chun cinn go maith faoi leath am. Bhí a fhios acu, áfach, nach raibh fonn ar bith ar na hAlbanaigh aghaidh a thabhairt ar an mbaile gan an Chorn.

Chuir Alba tús leictreach leis an dara leath agus d'éirigh leo cúl a aimsiú a d'ardaigh an meanmna iontu. Bhí ag éirí leo a gcuid pocanna saora a aimsiú anois agus an sliotar Gaelach á úsáid sa dara leath. Bhí a gcuid cleachtadh déanta acu ba léir! Ach in ainneoin gurb iad Alba a bhuaigh an dara leath, bhí dóthain d'fharasbarr ag Na Breathnaigh ag leath ama chun Corn Cholm Cille a choinneáil i bParóiste an Chnoic ar feadh bliana eile agus bhí ríméad ar Andy Bleasdale an Corn a bhronnadh ar Rónán Ó Conghaile, captaen Mhícheál Breathnach.

Rinne sé oíche go maidin Tigh Chualáin tar éis an chluiche, áit ar bronnadh na boinn agus gradam Laoch na hIomeartha le linn an dinnéir cheiliúrtha. Ba é Seán

Denvir a ghnóthaigh gradam Laoch na hIomeartha 2008.

Tá Iománaithe Chumann Mícheál Breathnach ag tnúth go mór le cuairt a thabhairt ar an Oileán Sciathánach i Meithimh 2009 mar a bhfuil pleananna idir lámha cheana féin chun cur leis an méid atá bainte amach go dtí seo agus muid ag cothú nasc cultúrtha agus caradais idir muid féin agus ár gcairde Albanach, agus ag cur na hiománaíochta chun cinn i gceantar Chois Fharraige chomh maith.

Tá an Coiste Iománaíocht fíorbhuíoch do chuile dhuine a thug cúnamh dúinn agus muid ag eagrú na deireadh seachtaine seo. Tá buíochas ar leith ag dul do Choiste na Páirce as ucht a gcuid oibre agus tacaíochta. Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabháil leis na bainisteoirí éagsúla ar fad atá ag plé leis an iománaíocht sa Chumann agus do Aodhán Mac Cormaic, bainisteoir Fhoireann Sóisir na mBreathnaigh 2008, go speisialta. Gura fada buan sibh!

Guíonn an Coiste gach rath ar Fhoireann Faoi-21 an Chumainn atá i gcluiche ceathrú-ceannais Iománaíochta an Chontae go gairid. Go n-éirí libh!

Coiste na nÓg

Muiris Mac Gearailt (Rúnaí)

Bliain gnóthach curtha isteach againn agus sin ag druidim i dtreo deireadh na bliana. Níl fágtha le n-imirt ag an tráth seo agus mé ag cur peann le páipéar ach cluiche amháin sa bpeil. Tá an fhoireann peile Faoi-16 le cluiche ceannais sraithe a imirt in aghaidh Baile Átha an Rí, agus súil againn go n-éireoidh leo corn a thabhairt ar ais go ceantar Chois Fharraige.

Mé féin, Gearóid Willie Ó Fatharta agus Lisa Uí Fheinneadha atá i mbun an choiste. Ach ní bheimis in ann ár gcuid oibre a chur i gcrích gan an cabhair bhreise atá le fáil ó bhaoil an chumainn uilig. Ina measc tá an Coiste Mór, baill de Choiste na nÓg féin, bainisteoirí agus roghnóirí na bhfoirne éagsúla, Coiste na Páirce agus daoine eile nach iad.

Bíonn na foirne peile agus iománaíochta Faoi-16 agus as sin síos, faoinár gcúram. Bímid ag glacadh páirt i gcluichí sraithe agus craoibhe faoi stiúir choiste Chontae na Gaillimhe agus freisin glacaimid páirt i gcluichí de chuid Shraith na Cathrach. Bíonn na foirne éagsúla

ag traenáil uair sa tseachtain ar méan, ag amanta difriúla i gcaitheamh na bliana.

Reáchtáladh campa peile agus iománaíochta arís i mbliana. Thosaigh an campa peile ar an Máirt, an chéad lá d'Tuil, agus mhair sé ar feadh cúig lá, go dtí an Satharn an 5ú lá. D'fhreastail breis agus céad is a deich gasúr, idir buachaillí agus cailíní, ar an gcampa úd! An tseachtain dár gcionn ritheadh an campa iománaíochta agus d'fhreastal gar do cheithre scór ar an gcampa úd. Arís, táimid fíorbhuíoch dos na daoine ar fad a chabhraigh linn. Murach iad ní bheimis in ann freastal ar an líonsan gasúr. I gcaitheamh na cóicise, bhí

ceathracha duine fásta ar fáil, idir fir is mná, a bhí sásta lá nó dhó, nó go deimhin féin, trí lá a thabhairt le scileanna C.L.G a fheabhsú agus a chur chun cinn. Nach ar na gasúir atá an t-ádh go bhfuil an oiread suime ag na daoine fásta ionta!

Buíochas ag dul freisin don Roinn Gnóthaí Tuaithe Pobail agus Gaeltachta as an gcúnamh airgid a chuireann siad ar fáil leis na campaí a rith.

Ba é buaicphointe na hiománaithe ná gur bhain an fhoireann Faoi-14 cluiche ceannais an chontae amach, i Roinn C, i mí na Bealtaine. D'éirigh leis an bhfoireann céanna Corn Cuimhneacháin Eanna Uí Fhoighil a chrochadh leo mí ó shin, ag deireadh seachtaine iomána ina raibh foireann camáin ó cheantar Gaeltachta na hAlban in ár measc chomh maith.

Bhí Peadar Óg ó Gríofa, Fiontán Ó Curraoin agus Fiach ó Bearra ar fhoireann peile na Gaillimhe i mbliana, agus arís bhí Fiach ar fhoireann Faoi-16 iománaíochta na Gaillimhe i dteannta lena dheartháir Ruan a bhí ar an bhfoireann Faoi-14. Comhghairdeas libh, agus tá súil againn go mbeidh gasúir óga eile ag teacht tríd an gCumann réidh leis an ngeansaí marún a chaitheamh!!



Foireann Iománaíochta Faoi-14 Mhícheál Breathnach 2008

Ar chúil, ó chlé: Oisín Ó Ceallaigh, Rónán Ó Beoláin, Seán Óg Ó Coisdealbha, Cian Breathnach, Ruadhán Ó Béarra, Liam Ó Biataigh, Cathal Ó Maoláin, Pádraig Ó Finneadha, Maidhc Ó Conghaile, Evan Bleasdale, Joe Ó Fátharta, Tomás Ó Ceallaigh. **Chun tosaigh, ó chlé:** Diarmaid Ó Ceallaigh, Eoin Mac Donnchadha, Ciana Ní Churraoin, Cathal Ó Conghaile, Breandán de Búrca, Ruaidhrí Óg Ó Béarra, Ciarán Ó Tuathail, Rónán Mac Donnchadha, Samuel Trahan, Ciarán Ó Conghaile, Naoise Ó Gibne

Craobh na hÉireann sa Liathróid Láimhe ag Mícheál Breathnach

Séamus Ó Fátharta

Cleachtadh, cleachtadh agus tuilleadh cleachtaidh, sin a dhéanann foirfeacht, agus sin é a bhain amach Craobh na hÉireann sa liathróid láimhe d'Fhiontán Ó Curraoin i mbliana, do dhéagóirí Faoi-16. Sea, bhain sé amach Craobh Chonnachta go héasca, ach i gCluiche Leathcheannais na hÉireann cé a thioctadh ina aghaidh ach Pádraig Uí Chearbhaill an fear a bhí ina sheaimpín domhanda dhá bhliain ó shin. Bhí sárcluiche eatarthu ach fuair Fiontán an ceann is fearr air aríst eile, mar a fuair i mí Eanáir seo caite i gComórtas Oscailte na Mumhan. I gCluiche Ceannais na hÉireann bhuail sé Eoin Hennessy leis an scór, in ainneoin go raibh an bua ag Hennessy air i gcomórtas na *Golden Gloves* cúpla mí roimhe sin. Lena chois sin, bhain Fiontán amach gradam "Pearsa Spóirt mhí Aibreán 2008" ó *First Active/An Curadh Connachtach*.

Bhain an Cumann amach neart craobhacha Contae agus Cúige i mbliana chomh maith agus seo cuntas ar na príomhthorthaí i nGaillimh agus eile:

Comórtas "A" do Chailíní:

Faoi-14 bliana:- Ciana Ní Churraoin a bhain amach Craobh Chonnachta chomh maith nuair a bhuail sí rogha na coitiantachta Lauren O'Riordan as Ros Comáin.

Faoi-16 bliana Dúbailte:- Sinéad Ní Áinle agus Jemma Donaghue.

Comórtas "B" do Chailíní:

Faoi-10 mbliana:- Anna Ní Mhurchú Ní hÓráin.

Faoi-10 mbliana dúbailte:- Sinéad Ní Mhaoláin agus Caoimhe Ní Choisdealbha.

Faoi-11 bhliain:- Mairéad Ní Chonghaile.

Faoi-13 bliana:- Aoife Ní Thuathail.

Faoi-14:- Róisín Ní Chonghaile a bhuaigh Craobh Chonnachta i gcoinne cailín as Liatroim.

Comórtas "A" do Bhuachaillí:

Faoi-13 bliana:- Maidhc Óg Ó Conghaile a léirigh an-teacht aniar le Craobh Chonnachta a bhuachan i gcoinne fhear Ros Comáin, Conor Egan.



Gradam First Active/Curadh Connachtach

Fiontán Ó Curraoin in éineacht le Jenny O'Shea agus Stephen Glennon nuair a bronnadh Gradam "Pearsa mhí Aibreán 2008" air ó *First Active/An Curadh Connachtach*.

Faoi-13 bliana dúbailte:- Cian Ó Fátharta agus Tomás Ó Maidín a chuaigh chomh fada le Craobh Chonnachta ach nach raibh an t-ádh leo ansin.

Faoi-14 bliana dúbailte:- Rónán Mac Donnchadha agus Cathal Ó Maoláin.

Faoi-15 bliana dúbailte:- Ruadhan agus Macdara Ó Béarra a chuir suas an-trí chluiche go deo i gCraobh Chonnachta, ach nach raibh an t-ádh leo ag deireadh thiar.

Faoi-17 mbliana:- Stiofán Ó Béarra, ach bhí fear Mhaigh Eo rómhaith dó i gCraobh Chonnachta.



Sinéad Ní Áinle, Tony Hannon agus Bobbi Uí Áinle.

Faoi-16 bliana: Fiontán Ó Curraoin a chuaigh an bealach ar fad le Craobh na hÉireann a bhaint amach, mar atá luaite thuas.

Comórtas "B" do Bhuachaillí:

Faoi-12 bhliain:- Rónán Ó Beoláin a chuaigh ar aghaidh le Craobh Chonnachta a bhaint amach chomh maith.

Faoi-14 bliana: Naoise Ó Gibne.

Faoi-14 bliana dúbailte:- Joe Ó Fátharta agus Donnchadha Ó hAinmhire.

Comórtas Ghael Linn:-

B'iad Maidhc Ó Conghaile agus Ciana Ní Churraoin a sheas an fód sa gcomórtas measctha Faoi-13 i bPáirc an Chrócaigh i mbliana agus bhuaigh siad Comórtas an tSóláis.

Comórtas Seisir Faoi 12/13 do Bhuachaillí:

Bhí Cian Ó Fátharta, Rónán Ó Beoláin agus Maidhc Ó Conghaile ar fhoireann na Gaillimhe don chomórtas seo in éindí le triúr leaids as Má Cuilinn agus Baile Liam. Bhain siad amach Craobh Chonnachta lena n-iarachtaí ach bhuail Co. an Chláir iad i gCluiche Leathcheannais na hÉireann.



Féile na nGael Cailíní

Ciana Ní Churraoin, Róisín Ní Chonghaile, Shelly Ní Choisdealbha, Neasa Ní Mhaoláin.



Féile na nGael Buachaillí

Joe Ó Fátharta, Maidhc Ó Conghaile, Rónán Mac Donncha, Naoise Ó Gibne, Ruadhan Ó Béarra.

Comórtas Deichniúir Faoi 13/17:

Bhí Ciana Ní Churraoin agus Sinéad Ní Áinle ar fhoireann Chonnachta a bhuaigh Craobh na hÉireann i mbliana chomh maith.

Comórtas Fhéile na nGael:

Bhí foireann Cailíní agus Buachaillí ag Féile na nGael i Laois - Uíbh Fhailí i mbliana freisin. Cé nár éirigh leo aon ghaisce mhór a dhéanamh, fós féin fuair Ciana an chéad áit sna scoileanna agus fuair Ruadhan an dara háit. Fuair an Cumann urraíocht ón gCumann Forbartha agus ó Údarás na Gaeltachta don deireadh seachtaine chun feisteas a chéannacht agus cúnamh le híocaíochtaí eile a sheasamh.

Féile na nGael Faoi-14::

Foireann na gCailíní:- Ciana Ní Churraoin, Neasa Ní Mhaoláin, Róisín Ní Chonghaile, Shelly Ní Choisdealbha, Lisa Ní Chadhain.

Foireann na mBuachaillí:- Ruadhan Ó Béarra, Maidhc Ó Conghaile, Rónán Mac Donncha, Joe Ó Fátharta, Naoise Ó Gibne.

Comórtas Náisiúnta Aon Bhalla Amháin:

I Sligeach a bhíonn an comórtas

seo gach bliain agus bíonn an Cumann páirteach ann go láidir gach bliain freisin, agus roinnt mhaith cleachtaidh déanta roimh ré i Halla Scoil Sailearna. Chuaigh Fiontán Ó Curraoin chomh fada leis an gCluiche Ceannais Faoi-16 agus bhuaigh Stiofán Ó Béarra Comórtas an Phláta Faoi-16. Chuaigh Ciana chomh fada leis an gCluiche Ceannais Faoi-14 agus chuaigh Sinéad Ní Áinle chomh fada leis an gCluiche Ceathrú Ceannais.

I réimse na ndaoine fásta, fuair Bobbí Uí Áinle an bua i gComórtas na mBan sa bPláta tar éis cluiche iontach in aghaidh cailín 19 mbliana, Cáit Ní Choisdealbha. Chuaigh Meaití Ó Fátharta chomh fada leis an gCluiche Ceannais i gComórtas an Phláta sna "Máistrí Diamaint" agus chuir sé an ceol ar fáil freisin ag an oíche mhór spóirt, ceoil agus damhsa a bhí ann ina dhiaidh sin.

Comórtas 60X30:

Chuaigh triúr chomh fada le Cluiche Ceannais na hÉireann sa bPinniúr 60X30 i mbliana agus bhí orthu dul chomh fada le Baile Liam le roinnt traenála a dhéanamh

chuige sin. B'iad an triúr ná Stiofán Ó Béarra (Faoi-17), Fiontán Ó Curraoin (Faoi-16), agus Ciana Ní Churraoin (Faoi-14). Nár laga Dia iad.

Campaí Samhraidh:

Reáchtáil an Cumann dhá champa samhraidh arís i mbliana, an chéad cheann d'Fhoghlaimoirí agus an dara ceann dóibh siúd a bhí ag cur smaíse ar a gcuid scileanna. Chuaigh an chéad champa go dtí "Gairdíní Bhríghid" agus Cill Ainnín, agus go dtí Mianach Ghleann Gabhla in Uachtar Ard ar thuras lae, agus bhaineadar an-sult as. Go Baile Liam le blas den Phinniúr 60X30 a fháil a chuaigh an daraampa. Bhí comórtais againn le linn na gcampaí agus tugadh neart liathróidí amach mar dhuaisianna.

Urraíocht:

Tá an Cumann fíorbhuíoch do Tommy Ó Béarra as ucht urraíocht a dhéanamh ar na geansaithe i mbliana. Dathann na Gaillimhe atá ar na geansaithe sin agus is iad a chaitheann na himreoirí sin a sheasann an fód ar son na Gaillimhe.

Borradh sa mBunscoil faoin Liathróid Láimhe

Sa Scoil Náisiúnta, tá cúrsaí Liathróide Láimhe ag gabháil ó neart go neart. I gComórtas Chumann na mBunscol, d'éirigh thar cionn le Scoil Sailearna arís i mbliana ag Craobh an Chontae a bhí ar siúl i Maigh Cuilinn ar an gcéad lá de mhí na Nollag.

I gcomórtas na gcailíní Faoi-11, d'imir Hazel Ní Choisdealbha sa gcomórtas aonair agus Mairéad Ní Chonghaile agus Sinéad Ní Mhaoláin sa gcomórtas dúbailte. Cé nár éirigh le Hazel i mbliana bhuaigh Mairéad agus Sinéad go slachtmhar.

I gcomórtas na mbuachaillí Faoi-11 d'imir Rónán Ó Beoláin sa gcomórtas aonair agus d'imir Rónán Ó Maoláin agus Darragh Ó Fátharta sa gcomórtas dúbailte. Bhuaigh Rónán Ó Beoláin go slachtmhar ach bhí an mí-ádh ceart ar Dharragh agus ar Rónán mar chailleadar le pointe amháin sa tríú cluiche den chluiche ceannais in aghaidh Chonall Mac Cuarta agus Deasún Ó Conghaile as Scoil Bhaile Nua. Is mac leis an imreoir cáiliúil Éamonn Ó Conghaile é Deasún.

I gcomórtas na gcailíní Faoi-13 d'imir Ciana Ní Churraoin sa gcomórtas aonair agus Lisa Ní Chadhain agus Aoife Ní Nualláin Ní Thuathail sa gcomórtas dúbailte. Ní raibh aon ghair ag aon chailín eile ar Ciana agus bhuaigh sí amach an comórtas gan stró. D'éirigh thar cionn le hAoife agus Lisa, ach bhuaill cailíní as Scoil Náisiúnta Ghleann Uisce sa gcluiche ceannais iad. B'sheo é an chéad uair ag Scoil Ghleann Uisce páirt a ghlacadh sa gcomórtas. Ghlac scoil eile, Scoil Éinne an Spidéil, páirt sa gcomórtas i mbliana den chéad uair freisin. Cé nár éirigh le Ruadhán Ó Curraoin aon duais a bhaint amach i mbliana, thug sé an-taispeántas uaidh. Is breá an rud é an comórtas a fheiceáil ag leathnú amach mar seo.

I gcomórtas na mbuachaillí Faoi-13 d'imir Cian Ó Fátharta sa gcomórtas aonair. D'imir sé an-

chluiche go deo ach bhí an mí-ádh air gurb é Seán Ó Leathlobhair as Scoil Thuairíní a casadh dhó sa gcéad bhabhta. Sé Seán Ó Leathlobhair a bhuaigh an comórtas agus is cinnte go raibh ar laghad bonn airgid tuillte ag Cian. D'imir Tomás Ó Maoláin agus Tadhg Ó Conghaile Ó Muirí sa gcomórtas dúbailte. Níor éirigh an t-ádh leo



Timín Ó Curraidhín ag bronnadh trófaíthe ar Shinéad Ní Mhaoláin agus ar Mhairéad Ní Chonghaile.



Campa 2 i mBaile Liam

Chun tosaigh: Timín Ó Curraoin, Fiontán Ó Curraoin, Jimí Ó Fatharta, Ciarán Ó Conghaile. **An dara líne:** Hazel Ní Choisdealbha, Caomhán Ó Ihlárnáin, Rónán Mac Donncha, Rónán Ó Maoláin, Pádraig Seán Ó Conghaile, Máirín Nic Dhonncha. **An tríú líne:** Ian Ó Nuanáin, Adhna Nic Gearailt, Rónán Ó Curraoin, Tiffiney Ní Choisdealbha, Anna Ní Mhurchú Ní Ódhráin, Majella Nic Dhonncha, Louise Breathnach, Cian Ó Conghaile. **An líne cuil:** Rónán Ó Maoláin, Darragh Ó Fátharta, David Ó Fátharta, Daimian Ó Coisdealbha, Rónán Ó Beoláin, Sinéad Ní Áinle, Lisa Ní Chadhain, Ciana Ní Churraoin, Róisín Ní Chonghaile, Clíodhna Ní Eidhin, Joe Ó Fátharta.



CAMPA 1 — Chun tosaigh: Colm Ó Finneadha, Louise Breathnach, Adhna Nic Gearailt, Seosamh Ó Tuairisg, ? Ní Choisdealbha, Caoimhe Ní Choisdealbha, Dónall Ó Brannáin, Veter Ó Fatharta, Colm Ó Cualáin, Seán Ó Bia, Pádraig Ó Conghaile, Louise Ní Bhéarra, Seán Ó Conghaile. **Ar chúil:** Róisín Ní Chonghaile, Ciana Ní Churraoin, Sorcha Ní Bhraonáin, Sinéad Ní Mhaoláin, Jimí Ó Fátharta, Camilla Ní Fhátharta, Timín Ó Curraoin, Caitríona Ní Bhéarra.

agus buaileadh iad tar éis taispeántas misniúil sa gcluiche leathcheannais.

I mBaile an Róba i Maigh Eo a imríodh Craobh Chonnacht. Níor éirigh le Mairéad Ní Chonghaile agus Sinéad Ní Mhaoláin an geábh seo ach beidh arís ann! D'éirigh thar cionn le Rónán Ó Beoláin arís eile agus bhuaigh sé gan mórán stró. Bhain Ciana Ní Churraoin an-gheith go deo as cailín Mhaigh Eo. Tháinig sí ina cuaifeach aniar aduaidh ceart uirthi. D'imir sí go healaíonta agus bhí an bua tuillte go rí-mhaith aici. D'imir Ciana agus Rónán ar son Chonnachta i bPáirc an Chrócaigh san Aibreán sna cluichí taispeántais in aghaidh na gCúigí eile.

I bPinniúr an Chnoic a imreofar an comórtas i mbliana ar an 6ú lá de mhí na Nollag. Beidh muid ag súil go mbeidh na seacht scoil chéanna ag glacadh páirte arís i mbliana agus tá chuile dhóchas againn go n-éireoidh go maith linn fhéin arís!

I mbliana freisin, tá Cumann na mBunscol ag eagrú Comórtas B do scoileanna ar fud an chontae nár ghlac páirt ariamh cheana. Le cúnamh Dé imreofar an comórtas seo amach sa mbliain nua.

Maratón Liathróide Láimhe

Bhí an-suim go deo sa Maratón Liathróide Láimhe a reáchtáil muid arís i mbliana ar an 26ú Aibreán. Thosaigh muid ag a 10 a.m. ar maidin le comórtas Rang a hAon. Bhí cailíní agus buachaillí as chuile rang ó Rang a 1 go Rang a 6 ag glacadh páirte. Bhí sé ag teannadh le 5 p.m. tráthnóna faoin am ar bronnadh na trófaí agus na boinn do bhuaiteoirí chomórtas Rang a 6! Bhain chuile dhuine barr-shásamh as. Reáchtáladh comórtas B sa scoil ina dhiaidh sin dóibh siúd a buaileadh sa gcéad bhabhta. Le cúnamh Dé tá rún againn an maratón a reáchtáil arís sa mbliain nua.

An Pinniúr Nua

Roimh dheireadh na scoilbhliana 2008-9 tá sé i gceist go mbeadh dhá phinniúr trí bhalla (droim le droim) lonnaithe i gclós na scoile. Tá an-chúnamh go deo tugtha ag Timín Joe Tim Ó Curraidhín agus Jimí Joe Shéamuis Ó Fátharta leis an togra seo a chur i gcrích. Beidh deontas le fáil ón Roinn Pobail, Tuaithe & Gaeltachta lena aghaidh agus beidh cúnamh á thabhairt ag Club Mhíchíl Bhreathnaigh freisin.

Is cinnte go gcuirfidh sé go mór le suim na ndaoine óga sa liathróid láimhe. Cuirfidh sé go mór leis an bhforbairt atá tagtha ar an liathróid láimhe sa gceantar. Tá muid thar a bheith buíoch don Chlub as ucht na tacaíochta agus an chúnamh ar fad a thugann siad dúinn i gcónaí ag cur na liathróide láimhe chun cinn i measc an aos óg.



Timín le Darragh Ó Fátharta agus Rónán Ó Maoláin.



Peadar Mháirtín Tom, in éineacht lena mháthair agus Mheag Phádraic Sheáin Bhairbre.




Kate Niocláis Uí Churraoin, Peige Niocláis agus Jude Mhicil Uí Chonghaile.



Muintir Phádraic Sheáin Bhairbre

Ó chlé: Baib, Pádraic Sheáin Bhairbre (taobh thiar), a bhean céile Neain agus mac leo, Cóil.



Ag barr: Pádraig Sheáin Bhairbre Ó Finneadha, Lochán Beag agus sa bpictiúr thíos tá Jude Thaidhg Phádraic, An Cnoc, in éineacht le iníon le Pádraic, Máire.



Cuimhní Oíche Shamhna

Páraic Tom Bán Breathnach

Oícheanta fada áirneáin ar leic an dorais,
Na dathanna órga buí-ómra agus donn le feiceáil go tréan;
Scamaill thaibhsiúil dheataigh ag éirí as na simléir.

Scata géanna fiáine lena gcluimhreach slíochta
Ag éitilt i líne go díreach,
Iad i ngiúin-chomhrá eatarthu féin
Agus iad ag déanamh ar Chontae an Chláir.

Na crainnte ag athrú dathann cuid acu lom uaigneach
Duilleoga dreoirte ag fuadach ar fud na háite
Ar nós sneachta séidte.

Brat éadrom sneachta le feiceáil sna garrantaí is sna gleannta
Oícheanta geala spéirghealaí
Na réaltóga ag glioscarnach is ag damhsa
Amhail mar bheadh na mílte súil cait.

An púca ag taisteal leis go cúlráideach
É cruógach ag fágáil a chuid salachair ar na sméara dubha
Cluiche, fleá, siamsa spraoi agus féasta
Ar bun i chuille theach.

Úllaí aibí tollta iad ceangailte as na rataí agus síleáil.
Tobáin adhmaid agus miasanna stáin lán go clab
Rannpháirtithe draoibeáilte, múchta, báite;
Urláir cistiní sleamhain agus fliuch.

Sáraíocht mhór ag sciob sceab;
Cé ba thúisce a gheobhas an fáinne sa mbairín breac.
"Airím gíoscán na scine," a deir Cáimín Pheaits.
"Scéal cam ar an lot agaibh is mise an chéad duine eile phósfas."

Gasúir fháilí ag lascadh ar an doras.
Éirigh suas go beo agus tóg do spága aníos ón ngríosach,
Airím rúscadh taobh amuigh.

Dia dhaoibh, pé bí cé sibh féin.
Ar éigean Dé atá mé in ann sibh 'fheiceáil.
Muise nach é fear na gealaí atá gortach lena sholas.

Sa deireadh thiar thall
Beidh na cailleadha beaga feasta feistithe agus maisithe
Ag imeacht go scáthach faiteach
Gan splanc céille ina gceann;
Iad i ngreim láimhe lena chéile ag sioscarnach is ag sciotaíl
Ag bailiú úllaí, oráistí agus cnónna
Agus aon mheadar eile atá le fail.



Fáilte Isteach

Faye Nic Dhonncha/Ní Chionnaith	14/10/07
Jeaic Pádraic Ó Cualáin	21/10/07
Jessica Ní Chonghaile	21/10/07
Jack Morgan Ó Máille	12/04/08
Jamie Ó Coisdealbha	12/04/08
Mac Dara William Ó Grádaigh	12/04/08
Neoige Séan Ó Máille/Conghaile	25/05/08
Kate Helena Patten	31/05/08
Molly Mary McHugh	02/06/08
Éabha Marie Faherty	06/07/08
Diarmuid Nioclás Ó Droighneáin	27/07/08
Síofra Niamh Brady	14/09/08
Laoise Caoimhe Brady	08/11/08
Mánus Pádraig Ó Dochartaigh	08/11/08

Go Maire Siad a Nuaíocht

28/12/07

Colman Ó Ceannabháin & Catherine Anne Moynihan

17/5/07

Tomás Ó Maoláin & Máire Áine Ní Mhárta

18/10/07

Michael Cunliffe & Máirín Ní Choinceanainn

Slán Abhaile Ar Shlí na Fírinne

Colm Chóil Mhicí Ó Coisdealbha	02/10/07
Jim Crowe	21/10/07
Máirtín Ó Cualáin (Mart Steve)	28/10/07
Séan Ó Donnchadha (Bold)	25/11/07
Peg Kinsella	16/12/07
Colm Ó Conghaile	17/12/07
Josie Clancy	02/01/08
Bairbre Uí Fhátharta	08/01/08
Bríd Bailey	20/01/08
John Noone	25/01/08
Sarah Feeney	03/02/08
Ned Ó Feinneadh	07/02/08
Micheál Ó Curraoin (John)	14/02/08
Máirtín Ó Cualáin Pheadair	14/02/08
Cáit Ní Fhéinneadh	15/02/08
Máire B. Uí Choisdealbha	24/02/08
Paddy Chóil Mhoir Ó Cualáin	18/03/08
Mag Bn. Uí Loideáin	13/04/08
Bríd Bn. Uí Churraoin	14/04/08
Pádraic Mac an Iomaire	19/04/08
Bríd Bn. Uí Chonghaile	02/05/08
Micheál Breathnach Tommy Sheáin	02/06/08
Colm Ó Ceannabháin (Cill Dara)	08/06/08
Darach Ó Cualáin Johnny Bán	30/06/08
Máire Bn. Uí Chadhain Chóil Tom	13/07/08
Máire Bn. Uí Loideáin	15/07/08
Patrick Folan, Sasana	06/08/08
Steve Keady Jim	20/09/08
Kathleen Dillon	15/10/08
Siobhán Uí Fhátharta	01/11/08
Kathleen Uí Thuairisg	02/11/08